
Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission



2026

SCRÚDUITHE TEISTIMÉIREACHTA

# Treoracha Ginearálta d'Fheitheoirí

Tel: **090 644 2700**
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65

# TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LE CSS

## Sonraí Teagmhála CSS

I rith na Scrúduithe Stáit b'fhéidir go mbeidh ort teagmháil a dhéanamh le CSS le páipéir scrúdaithe nó stáiseanóireacht sa breis a lorg, mar shampla, nó le haon ábhar imní a thuairisciú maidir leis na scrúduithe a reáchtáil. Is iad seo a leanas na sonraí teagmhála le haghaidh na n-ábhar seo:

| | |
|---|---|
| Fiosruithe Ginearálta | Teil. (090) 644 2892 |
| Ganntanas páipéar scrúdaithe | Teil. (090) 644 2759 |
| Ganntanas stáiseanóireachta | Teil. (090) 644 2702 |

## Neamhláithreacht Nach bhFuil Súil Léi/Athrú ar Shonraí

Rachaidh CSS i dteagmháil leat ag baint úsáid as na sonraí atá curtha ar fáil ar d'fhoirm iarratais. Má tá aon athrú ar do shonraí teagmhála, ní mór duit do shonraí leasaithe a chur in iúl dúinn láithreach bonn ar: (090) 644 2792 / 2790 / 2892

Tá sé seo riachtanach lena chinntiú gur féidir le Coimisiún na Scrúduithe Stáit teagmháil a dhéanamh leat láithreach bonn, dá mbeadh gá leis, i rith na scrúduithe.

## Uimhir Éigeandála – (gan í a úsáid d'fhiosruithe ginearálta)

I gcás éigeandála ina dtarlaíonn rud éigin i rith na scrúduithe a d'fhéadfadh bagairt a dhéanamh ar ardchaighdeán na Scrúduithe Stáit nó sa chás neamhghnách go bhfaigheann tú pacáiste páipéar scrúdaithe i do bhosca le haghaidh scrúdaithe lasmuigh den dáileadh ábhartha agus den amlíne scrúdaithe, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le CSS láithreach bonn le haghaidh tuilleadh treoracha ar

**1800 283 071**

*(chun tagairt di a éascú, moltar duit an uimhir seo a chur i d'fhón póca).*

## Teagmháil a Dhéanamh Leat:

An tslí is éasca agus is áisiúla le teagmháil a dhéanamh leat ar gearrfhógra ná trí theachtaireacht téacs SMS. Dá bhrí sin, tá sé riachtanach nach mbeidh d'Fhón Póca múchta ach amháin i rith gach seisiúin scrúdaithe agus go bhfuil sé ar siúl gach aon uair eile.

Ba chóir duit dul i dtaithí ar d'fhón póca a sheiceáil idir na seisiúin scrúdaithe agus sula bhfágann tú an t-ionad scrúdaithe gach lá.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Clár an Ábhair


**Rialacha Órga d'Fheitheoirí** 5

**Scrúdú na hArdteistiméireachta** 6

Tráthchlár 2026 . . . . . 6

**Scrúdú na hArdteistiméireachta Feidhmí** 7

Tráthchlár na Scrúduithe Scríofa 2026 . . . . . 7

**Scrúdú na Sraithe Sóisearaí** 8

Tráthchlár 2026 . . . . . 8

**Eolas Tábhachtach d'Fheitheoirí** 9

Réamhrá . . . . . 9
Athruithe tábhachtacha le haghaidh 2026 . . . . . 9

- Am Breise 2026 ..... 10
- Obair Chúrsa ..... 11
- Marcáil Ar Líne – Ábhair Nua 2026 ..... 11

Bailiúchán na Scrúdpháipéar Dé Máirt an 2 Meitheamh 2026 ón Ionad Dáileacháin . . . . . 12
Bailiú na Scrúdpháipéar Dé Domhnaigh an 14 Meitheamh ón Ionad Dáileacháin . . . . . 12

**Cuid 1 – Na Páipéir Scrúdaithe a Bhailiú agus a Sheiceáil** 13

Céim 1. Eolas Faoina bhFuil Sa Bhosca . . . . . 14
Céim 2. Pacáistí na bPáipéar Scrúdaithe a Shortáil de réir Ord an Tráthchláir . . . . . 15
Céim 3. Seiceáil a Dhéanamh ar a bhFuil sa Bhosca . . . . . 15
Céim 4. An Bosca a Athphacáil . . . . . 16
Céim 5. Foirm Bhailíochtaithe na bhFeitheoirí a Chomhlánú . . . . . 16

**Cuid 2 – Na Páipéir Scrúdaithe a Dhaingniú** 18

1. Teagmháil a dhéanamh leis an Scoil . . . . . 18
2. Bosca na bPáipéar Scrúdaithe a Thabhairt go dtí an Láthair Shábháilte . . . . . 18

**Cuid 3 – Ag Teacht Chuig An Scoil/Ionad** 19

1. Bualadh le hIonadaí an Scoile agus Socruithe a Dheimhniú . . . . . 19
2. An Stáiseanóireacht a Sheiceáil . . . . . 19
3. Stampa an Ionaid . . . . . 22
4. An tIonad Scrúdaithe a Ullmhú . . . . . 22
5. Trialacha Cluastuisceana agus Closamhairc . . . . . 23
6. Ionaid Speisialta . . . . . 24
7. Freastalaithe . . . . . 24

**Cuid 4 – Neamhláithreachtaí Agus Treoir Maidir le hUllmhúchán a Dhéanamh do Scrúdú** 25

Neamhláithreachtaí Iarrthóirí ó Scrúduithe a Thuairisciú . . . . . 25

**Cuid 5 – Páipéir Scrúdaithe Agus Freagarleabhair a Bhailíochtú, a Oscailt agus a Dháileadh** 27

1. Ról an Fheitheora Chomhpháirtíochta agus Pacáistí na bPáipéar Scrúdaithe a Bhailíochtú . . . . . 27
2. Pacáistí na bPáipéar Scrúdaithe a Oscailt . . . . . 28
3. Na Páipéir Scrúdaithe a Dháileadh . . . . . 28
4. An tSraith Shóisearach – Iarratais ar leibhéal an ábhair a athrú . . . . . 30
5. Dáileachán na bhFreagarleabhar . . . . . 31
6. Ionaid Speisialta (Ardteistiméireacht/ATF) . . . . . 33
7. Iarrthóirí a bhfuil a n-obair á cur i gcrích acu ar phróiseálaithe focal le haghaidh scrúduithe 2026:. . . . . 33
8. Scripteanna neamhchaighdeánacha a chur ar ais . . . . . 34

**Cuid 6 – Marcáil Ar Líne** 35

**Cuid 7 – Iarrthóirí Seachtracha a Ligean Isteach don Ardteistiméireacht** 37

**Cuid 8 – Fógraí a Dhéanamh as Gaeilge** 37

**Cuid 9 – Treoirlínte leis an Scrúdú a Reáchtáil** 38

**Cuid 10 – Riachtanais Stáiseanóireachta** 40

**Cuid 11 – Ganntanas Páipéar Scrúdaithe** 41

**Cuid 12 – Úsáid á baint as Leabhráin Foirmlí agus Táblaí, Uirlisí Líníochta, Áireamháin Leictreonacha, Áiseanna Tíreolaíochta agus Foclóirí Dátheangacha** 42

1. Leabhráin Foirmlí agus Táblaí . . . 42
2. Uirlisí Líníochta Matamaiticiúla . . . 42
3. Áireamháin Leictreonacha . . . 42
4. Áiseanna Tíreolaíochta . . . 43
5. Foclóirí Dátheangacha . . . 43

**Cuid 13 – Deireadh a Chur le Seisiún Scrúdaithe** 44

**Cuid 14 – Treoracha le Rolla an Ionaid a Chomhlánú** 45

**Cuid 15 – Treoracha Faoi Liosta Faisnéise a Chomhlánú** 47

Earráidí Coitianta . . . 48
Dátaí leis na Liostaí Faisnéise a Chur ar Ais . . . 50

**Cuid 16 – Na Freagarleabhair a Sheachadadh go dtí CSS** 51

Clúdaigh le scripteanna a chur ar ais go dtí CSS . . . 51
Pacáistí Freagarleabhar a chur sa Phost . . . 53

**Cuid 17 – Deireadh a chur le Scrúduithe in Ionad** 54

1. An tIonad a Dhúnadh . . . 54
4. Na Boscaí agus Doiciméid a Chur ar Ais . . . 55

**Cuid 18 – Nós Imeachta um Shárú ar Rialacháin atá Le Leanúint** 57

**Cuid 19 – Iarrthóirí a bhFuil Socruithe Réasúnta ag Teastáil Uathu** 59

1. Ginearálta . . . 59
2. Éigeandálaí . . . 59
3. Mar eolas duit: Socruithe Is Féidir le hÚdaráis na Scoile a Cheadú . . . 60
4. Ag Freastal ar Iarrthóirí a bhfuil Socruithe Réasúnta Acu . . . 61
5. Taifeadadh Fuaime in Ionaid Speisialta Scrúdaithe Aonair . . . 62

**Cuid 20 – Íocaíocht a Éileamh as ucht Do Chuid Oibre** 63

**Cuid 21 – Dínit san Ionad Oibre** 66

Dínit san Ionad Oibre; Polasaí Frithbhulaíochta agus Frithchiaptha . . . 66

**Cuid 22 – Nósanna Imeachta um Nochtadh Cosanta** 67

**Cuid 23 – Cumhdach Leanaí** 68

**Aguisín 1 – Dualgais an Fhreastalaí** 69

**Aguisín 2 – An tAcht Oideachais 1998** 70

**Aguisín 3 – Sliocht as na Rialacha Agus Clár do Mheánscoileanna** 71

**Aguisín 4 – Seicliosta 2026 do Chlúdaigh na bhFeitheoirí** 75

**Aguisín 5 – Seicliosta 2026 Le hAghaidh Bosca Stáiseanóireachta an Fheitheora** 76

**Aguisín 6 – Treoracha Maidir Leis na Lipéid Barrachóid a Úsáid** 77

**Aguisín 7 – Nósanna Imeachta Aslonnaithe i gCás Éigeandála in Ionaid Scrúdaithe** 79

**Aguisín 8 – Foirm BORR01** 80

**Aguisín 9 – Foirm ROAR01** 82

**Aguisín 10 – WP – Foirmeacha Próiseálaithe Focal** 83

**Aguisín 11 – An Trucail Láimhe a Úsáid** 87

# Rialacha Órga d'Fheitheoirí

## Lean na treoracha go léir

- Sula dtosaíonn na scrúduithe, léigh go cúramach na miontreoracha faoi na gnéithe ar fad maidir le scrúduithe a reáchtáil sna Treoracha Ginearálta d'Fheitheoirí agus sna Treoracha ó Lá go Lá d'Fheitheoirí. Déan deimhin de go dtuigeann tú iad agus comhlíon go docht iad agus na scrúduithe á leanúint ar aghaidh
- Féach ar an gcur i láthair Oiliúna. Éilítear ar fheitheoirí nua agus orthu siúd atá ag filleadh ar an bhfeitheoireacht tar éis roinnt blianta, freastal ar sheisiún oiliúna nuair a bheidh do chuid scrúdpháipéar á mbailiú agat

## Seiceáil bosca na scrúdpháipéar

- Is é an chéad tasc a bheidh ort tar éis an bosca scrúdpháipéar a bhailiú san ionad dáileacháin an lá roimh thús na scrúduithe ná a sheiceáil go bhfuil na scrúdpháipéir go léir sa bhosca atá ag teastáil uait le linn na scrúduithe i d'ionad.
- Beidh ar Fheitheoirí a chaithfidh bailiú ar an dara lá ag an mol dáileacháin bualadh lena bhFeitheoir Comhpháirtíochta sa scoil le seiceáil a dhéanamh ar na scrúdpháipéir.
- Mura bhfuil na scrúdpháipéir ar fad agat atá ag teastáil uait nó má tá barrachas ábhair sa bhosca, ní mór duit é sin a chur in iúl do bhaill foirne an CSS láithreach bonn.

## Caomhnaigh na scrúdpháipéir

- Is é an t-aon láthair shábháilte don bhosca scrúdpháipéar ná an ceann atá socraithe ag CSS.
- Ón uair a bhailíonn tú an bosca scrúdpháipéar ón ionad nó mol dáileacháin, go dtí go bhfágann tú an bosca ag an láthair shábháilte stórála, níor cheart don bhosca a bheith gan duine ina fheighil, agus cuimsíonn sé sin é gan a bheith faoi ghlas i bhfeithicil nach bhfuil aon duine ina feighil.

## Ullmhaigh d'ionad scrúdaithe

- Tabhair cuairt ar an ionad scrúduithe an lá roimh thús na scrúduithe chun a chinntiú go bhfuil an t-ionad leagtha amach de réir na rialacha.
- Cuir na fógraí riachtanacha go léir ar taispeáint san ionad agus tabhair chun siúil ábhar oideachasúil ar bith a bhféadfadh iarrthóirí úsáid a bhaint as.
- Seiceáil an bhfuil sa bhosca stáiseanóireachta chun a chinntiú go bhfuil an t-ábhar go léir ann a bheidh ag teastáil uait le linn na scrúduithe i d'ionad.
- Déan teagmháil le CSS i gcás ganntanas ar bith.

## Déan Teagmháil de d'Fheitheoir Comhpháirtíochta

- D'fhonn na scrúdpháipéir a chros-sheiceáil sula dtosaíonn gach seisiún scrúduithe éilítear ort dul i dteagmháil le d'fheitheoir(í) comhpháirtíochta a thiocfaidh as iona(i)d eile. Ba chóir duit dul i dteagmháil le d'fheitheoir comhpháirtíochta a luaithe agus is féidir.
- Sula dtosaíonn na scrúduithe, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis scoile chun socruithe malartacha a dhéanamh le haghaidh chros-sheiceáil na bpaicéad scrúdpháipéar i gcás nach mbeadh d'fheitheoir comhpháirtíochta ar fáil.

## Déan deimhin de go n-osclóidh agus go ndáilfidh tú na scrúdpháipéir chearta don seisiún

- Ní mór duitse agus d'fheitheoir comhpháirtíochta an lipéad ar an bpaicéad scrúdpháipéar a chros-sheiceáil in aghaidh an tráthchláir agus na dTreoracha ó Lá go Lá chun a chinntiú go bhfuil na paicéid chearta scrúdpháipéar agat don seisiún scrúdaithe atá ar tí tosú.
- Ná hoscail an pacáiste/na pacáistí scrúdphaipéar go dtí go mbeidh tú san ionad.
- Nuair a bheidh na scrúdpháipéir oscailte agat ná dáil ar na hiarrthóirí iad go dtí go ndéanfaidh seiceáil gur páipéar ceart é gach páipéar aonair sa phacáiste/sna pacáistí don seisiún.
- Dáil na scrúdpháipéir ar na hiarrthóirí agus a n-aghaidh in airde.
- Déan teagmháil le CSS láithreach bonn má chreideann tú go bhfuil dearmad déanta agat in oscailt nó i dtabhairt amach na scrúdpháipéar.

## Na Brostaigh. Is fearr tosú go mall ná meancóg a dhéanamh

- Glac go leor ama chun tú féin a eagrú do gach scrúdú.
- Fág go leor ama duit féin chun do chuid páipéar a bhailiú (d'fhéadfadh moill a bheith ann de bhrí go mbeidh a gcuid páipéar á mbailiú ag daoine eile freisin), chun iad a bhailíochtú le d'fheitheoir comhpháirtíochta agus chun d'ionad a bhaint amach in am maith.
- Má chuirtear moill ort ar chúis ar bith, is fearr tús mall a chur le scrúdú agus breith suas leis an am sa deireadh seachas brostú agus meancóg a dhéanamh.

## Bí aireach agus cuir na rialacha i bhfeidhm go cóir cothrom

- Tabhair d'aird iomlán ar fheitheoireacht an scrúdaithe. Ná tabhair aon rud isteach san ionad a d'fhéadfadh d'aird a bhaint den tasc sin.
- Cé go n-éilítear ort feitheoireacht dhian a dhéanamh ar d'ionad ba chóir duit a bheith cúramach gan bac a chur ar iarrthóirí ina gcuid oibre scrúdaithe.
- Ba chóir déileáil go pras de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos le haon chás ina sáraítear nó ina gceaptar go sáraítear na rialacha. I ngach cás, ba chóir ligean d'iarrthóirí a sháraigh na rialacha nó a cheaptar a sháraigh na rialacha, leanúint ar aghaidh lena scrúduithe ach amháin sa chás go gcuireann iompar iarrthóra reáchtáil shlán an scrúdaithe i mbaol.

## Coimeád obair scrúdaithe iarrthóirí go slán sábháilte

- Tá na hiarrthóirí ag brath ort chun a chinntiú go gcuirtear an obair go léir atá déanta acu sa scrúdú ar ais le haghaidh marcála ionas go bhfaighidh siad na torthaí atá tuillte acu. Ní mór duit socrú a dhéanamh go gcuirfear an obair go léir atá curtha i láthair ag iarrthóirí ar ais chuig CSS ar dhóigh dea-riartha thráthúil.
- Murar féidir leat obair na n-iarrthóirí a chur ar ais chuig CSS ag deireadh gach scrúdaithe ba chóir duit socrú a dhéanamh chun go mbeidh an t-ábhar á choimeád slán sábháilte go dtí go mbeidh deis agat an t-ábhar a chur ar ais.

## Report mistakes immediately

- Má bhíonn aon fhadhbanna ann, cuir iad sin in iúl do Choimisiún na Scrúduithe Stáit - san Ionad Dáileacháin don fhoireann atá ar fáil nó trí ghlao teileafóin a dhéanamh ar na huimhreacha atá ar fáil thíos.

**Fiosruithe Ginearálta (090) 644 2895 • Ganntanas Páipéar Scrúdaithe (090) 644 2759**
**Stáiseanóireacht (090) 644 2702 • Éigeandálaí 1800 283 071**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta

## Tráthchlár 2026

Ba chóir do gach iarrthóir aird chúramach a thabhairt ar na dátaí agus uaireanta, mar tá socraithe ar an tráthchlár oifigiúil seo, le haghaidh na scrúduithe sna hábhair ina bhfuil sé i gceist aige/aici a bheith i láthair dóibh. Ní bheidh an Coimisiún freagrach as aon earráidí a d'fhéadfadh tarlú má dhéanann gníomhaireachtaí seachtracha an tráthchlár seo a athchruthú. Éilítear ar Iarrthóirí a bheith i láthair leathuair an chloig ar a laghad sula dtosaíonn an scrúdú san ábhar ina gcuireann siad iad féin i láthair ar dtús.

| MEITHEAMH | ÁBHAR<br>A = Ardleibhéal G = Gnáthleibhéal B = Bonnleibhéal | | AM |
|---|---|---|---|
| DÉ CÉADAOIN 3 | **Béarla, Páipéar 1** | **- A & G** | **9.30 – 12.20** |
| | Eacnamaíocht Bhaile - Eolaíoch agus Sóisialta | - A & G | 2.00 – 4.30 |
| DÉARDAOIN 4 | Innealtóireacht | - G | 9.30 – 12.00 |
| | Innealtóireacht | - A | 9.30 – 12.30 |
| | **Béarla, Páipéar 2** | **- A & G** | **2.00 – 5.20** |
| DÉ hAOINE 5 | **Tíreolaíocht** | **- A & G** | **9.30 – 12.20** |
| | Matamaitic, Páipéar 1 | - A & G | 2.00 – 4.30 |
| | Matamaitic | - B | 2.00 – 4.30 |
| DÉ LUAIN 8 | Matamaitic, Páipéar 2 | - A & G | 9.30 – 12.00 |
| | **Gaeilge, Páipéar 1** | **- A (Cluastuiscint san áireamh)** | **2.00 – 4.20** |
| | **Gaeilge, Páipéar 1** | **- G (Cluastuiscint san áireamh)** | **2.00 – 3.50** |
| | **Gaeilge** | **- B (Cluastuiscint san áireamh)** | **2.00 – 4.20** |
| DÉ MÁIRT 9 | **Gaeilge, Páipéar 2** | **- G** | **9.30 – 11.50** |
| | **Gaeilge, Páipéar 2** | **- A** | **9.30 – 12.35** |
| | Bitheolaíocht | - A & G | 2.00 – 5.00 |
| DÉ CÉADAOIN 10 | Fraincis | - A & G - Scríofa | 9.30 – 12.00 |
| | | - Cluastuiscint | 12.10 – 12.50 |
| | **Stair** | **- A & G** | **2.00 – 4.50** |
| DÉARDAOIN 11 | Gnó | - G | 9.30 – 12.00 |
| | Gnó | - A | 9.30 – 12.30 |
| | Staidéar Foirgníochta | - G | 2.00 – 4.30 |
| | Staidéar Foirgníochta | - A | 2.00 – 5.00 |
| DÉ hAOINE 12 | Gearmáinis | - A & G - Scríofa | 9.30 – 12.00 |
| | | - Cluastuiscint | 12.10 – 12.50 |
| | Ealaín, Amharcstaidéar | - A & G | 2.00 – 4.30 |
| DÉ LUAIN 15 | Polainnis, Liotuáinis, Portaingéilis agus Mandairínis | - A & G - Scríofa | 9.30 – 12.00 |
| | | - Cluastuiscint | 12.10 – 12.50 |
| | Léann Eabhrach, Sean-Ghréigis, Teangacha Neamhchuraclaim | (féach Nóta 2) | 9.30 – 12.30 |
| | Eolaíocht Talmhaíochta | - A & G | 2.00 – 4.30 |
| DÉ MÁIRT 16 | Spáinnis | - A & G - Scríofa | 9.30 – 12.00 |
| | | - Cluastuiscint | 12.10 – 12.50 |
| | Ceimic | - A & G | 2.00 – 5.00 |
| DÉ CÉADAOIN 17 | Fisic | - A & G | 9.30 – 12.30 |
| | Fisic agus Ceimic | - A & G | 9.30 – 12.30 |
| | Cuntasaíocht | - A & G | 2.00 – 5.00 |
| DÉARDAOIN 18 | Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide | - A & G | 9.30 – 12.30 |
| | Ceol - Éisteacht (Croíchúrsa) | - A & G | 1.30 – 3.00 |
| | Ceol - Cumadóireacht | - A & G | 3.15 – 4.45 |
| | Ceol - Éisteacht (Ábhar Roghnach) | - A | 5.00 – 5.45 |
| DÉ hAOINE 19 | Eacnamaíocht | - A & G | 9.30 – 12.00 |
| | Corpoideachas | - A & G | 2.00 – 4.30 |
| DÉ LUAIN 22 | Iodáilis | - A & G - Scríofa | 9.30 – 12.00 |
| | | - Cluastuiscint | 12.10 – 12.50 |
| | Rúisis | - A & G - Scríofa | 9.30 – 12.00 |
| | | - Cluastuiscint | 12.10 – 12.50 |
| | Léann Clasaiceach | - A & G | 2.00 – 4.30 |
| | Laidin | - A & G | 2.00 – 5.00 |
| | Teicneolaíocht | - G | 2.00 – 4.00 |
| | Teicneolaíocht | - A | 2.00 – 4.30 |
| DÉ MÁIRT 23 | Seapáinis | - A & G - Scríofa | 9.30 – 12.00 |
| | | - Cluastuiscint | 12.10 – 12.50 |
| | An Pholaitíocht agus an tSochaí | - A & G | 9.30 – 12.00 |
| | Araibis | - A & G | 9.30 – 12.30 |
| | Oideachas Reiligiúin | - G | 2.00 – 4.00 |
| | Oideachas Reiligiúin | - A | 2.00 – 4.30 |
| | Matamaitic Fheidhmeach | - A & G | 2.00 – 4.30 |

**Nótaí**

**1.** I gcás na seisiún scrúduithe i gcló dearg, tá 20 nóiméad curtha leo sa bhreis ar an am a bhíodh ar fáil go traidisiúnta do na páipéir atá i gceist.

**2.** Reáchtálfar Scrúduithe na hArdteistiméireachta sa Léann Eabhrach, sa tSean-Ghréigis agus sna Teangacha Neamhchuraclaim **Dé Luain, 15 Meitheamh ó 9.30am go 12.30pm**.

| **Scrúduithe Neamhchuraclaim na hArdteistiméireachta:** | | | | **Bulgáiris** | **Cróitis** | **Seicis** | **Danmhairgis** | **Ollainnis** | **Eastóinis** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Fionlainnis** | **Ungáiris** | **Laitvis** | **Máltais** | **Nua-Ghréigis** | **Rómáinis** | **Slóvaicis** | **Slóivéinis** | **Sualainnis** | **Úcráinis** |

**3.** Reáchtálfar na scrúduithe bunaithe ar na sonraíochtaí curaclaim don Liotuáinis, Mandairínis, Polainnis agus Portaingéilis Dé Luain, 15 Meitheamh.

**4.** Ina theannta sin, reáchtálfar scrúduithe deiridh sa Ríomheolaíocht agus i nGairmchlár na hArdteistiméireachta – Nascmhodúil – i mí Aibreáin/Bealtaine agus fógrófar dátaí na scrúduithe sin astu féin.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta Feidhmí

## Tráthchlár na Scrúduithe Scríofa 2026

Ba chóir do gach iarrthóir aird chúramach a thabhairt ar na dátaí agus uaireanta, mar tá socraithe ar an tráthchlár oifigiúil seo, le haghaidh na scrúduithe sna hábhair ina bhfuil sé i gceist aige/aici a bheith i láthair dóibh. Ní bheidh an Coimisiún freagrach as aon earráidí a d'fhéadfadh tarlú má dhéanann gníomhaireachtaí seachtracha an tráthchlár seo a athchruthú.

Éilítear ar Iarrthóirí a bheith i láthair leathuair an chloig ar a laghad sula dtosaíonn an scrúdú san ábhar ina gcuireann siad iad féin i láthair ar dtús.

| MEITHEAMH | AM | ÁBHAR |
|---|---|---|
| DÉ CÉADAOIN 3 | 9.45 – 11.45<br>--------------------<br>2.00 – 4.00 | Béarla agus Cumarsáid<br>--------------------------------------------------<br>Oideachas Sóisialta |
| DÉARDAOIN 4 | 9.30 – 10.30<br>9.30 – 12.30<br>--------------------<br>2.00 – 4.30<br>2.00 – 3.00 | Gaeilge Chumarsáideach<br>Teanga Chomharthaíochta (féach nóta 1)<br>--------------------------------------------------<br>Teanga Chomharthaíochta (féach nóta 1)<br>Fraincis / Gearmáinis / Spáinnis / Iodáilis |
| DÉ hAOINE 5 | 9.30 – 11.30<br>--------------------<br>2.00 – 3.30 | Feidhmeanna Matamaiticiúla<br>--------------------------------------------------<br>Óstánaíocht, Lónadóireacht agus Turasóireacht |
| DÉ LUAIN 8 | 9.30 – 11.00<br>--------------------<br>2.00 – 3.30 | Innealtóireacht<br>--------------------------------------------------<br>Cúram Leanaí / Cúram Pobail |
| DÉ MÁIRT 9 | 9.30 – 11.00<br>11.30 – 1.00<br>--------------------<br>2.30 – 4.00 | Staidéar Grafaice agus Tógála<br>Gruagaireacht agus Áilleacht<br>--------------------------------------------------<br>Riarachán Oifige agus Cúram Custaiméirí |
| DÉ CÉADAOIN 10 | 9.30 – 11.00<br>--------------------<br>2.00 – 4.00 | Talmhaíocht / Gairneoireacht<br>--------------------------------------------------<br>Teicneolaíocht |
| DÉARDAOIN 11 | 9.30 – 11.00<br>--------------------<br>2.00 – 3.30 | Staidéar Fóillíochta Gníomhaí<br>--------------------------------------------------<br>Ceardaíocht agus Dearadh |

NÓTAÍ:

1. Tá scrúdú ATF i dTeanga Chomharthaíochta ar an tráthchlár le haghaidh 9.30 – 12.30 & 2.00 – 4.30. Déanfar sceideal a chur i dtoll a chéile le haghaidh gach ionad ar leith,chun measúnú aonar 30 nóiméad a dhéanamh ar gach iarrthóir.

# Scrúdú na Sraithe Sóisearaí

## Tráthchlár 2026

Ba chóir do gach iarrthóir aird chúramach a thabhairt ar na dátaí agus uaireanta, mar tá socraithe ar an tráthchlár oifigiúil seo, le haghaidh na scrúduithe sna hábhair ina bhfuil sé i gceist aige/aici a bheith i láthair dóibh.

Ní bheidh an Coimisiún freagrach as aon earráidí a d'fhéadfadh tarlú má dhéanann gníomhaireachtaí seachtracha an tráthchlár seo a athchruthú. Éilítear ar Iarrthóirí a bheith i láthair leathuair an chloig ar a laghad sula dtosaíonn an scrúdú san ábhar ina gcuireann siad iad féin i láthair ar dtús.

Tosaíonn scrúduithe uile iarnóna na Sraithe Sóisearaí ar 1.30p.m.

| MEITHEAMH | ÁBHAR<br>A = Ardleibhéal G = Gnáthleibhéal C = Comhleibhéal | | AM |
|---|---|---|---|
| DÉ CÉADAOIN 3 | Béarla | - A & G | 9.30 – 11.30 |
| | Oideachas Reiligiúin | - Comhleibhéal | 1.30 – 3.30 |
| DÉARDAOIN 4 | Gaeilge T1 (Cluastuiscint san áireamh) | - A & G | 9.30 – 11.30 |
| | Gaeilge T2 (Cluastuiscint san áireamh) | - A & G | 9.30 – 11.30 |
| | Tíreolaíocht | - Comhleibhéal | 1.30 – 3.30 |
| DÉ hAOINE 5 | Stair | - Comhleibhéal | 9.30 – 11.30 |
| | Matamaitic | - A & G | 1.30 – 3.30 |
| DÉ LUAIN 8 | Eolaíocht | - Comhleibhéal | 9.30 – 11.30 |
| | Staidéar Gnó | - Comhleibhéal | 1.30 – 3.30 |
| DÉ MÁIRT 9 | Grafaic | - Comhleibhéal | 9.30 – 11.30 |
| | Iodáilis (Cluastuiscint san áireamh) | - Comhleibhéal | 9.30 – 11.30 |
| | Fraincis (Cluastuiscint san áireamh) | - Comhleibhéal | 1.30 – 3.30 |
| DÉ CÉADAOIN 10 | Eacnamaíocht Bhaile | - Comhleibhéal | 9.30 – 11.00 |
| | Spáinnis (Cluastuiscint san áireamh) | - Comhleibhéal | 1.30 – 3.30 |
| DÉARDAOIN 11 | Gearmáinis (Cluastuiscint san áireamh) | - Comhleibhéal | 9.30 – 11.30 |
| | Teicneolaíocht Adhmaid | - Comhleibhéal | 1.30 – 3.00 |
| DÉ hAOINE 12 | Léann Giúdach | - Comhleibhéal | 9.30 – 11.30 |
| | Ceol | - Comhleibhéal | 9.30 – 11.00 |
| | Innealtóireacht | - Comhleibhéal | 1.30 – 3.00 |
| | Clasaicí | - Comhleibhéal | 1.30 – 3.30 |
| DÉ LUAIN 15 | Teicneolaíocht Fheidhmeach | - Comhleibhéal | 9.30 – 11.00 |

# Eolas Tábhachtach d'Fheitheoirí

## Réamhrá

Mar Fheitheoir, tá an fhreagracht ort na scrúduithe stáit a reáchtáil i d'ionad sannta agus cúram sábháilte na bpáipéar scrúdaithe agus na scripteanna scrúdaithe a bhainistiú.

Ba chóir go mbeadh línte oscailte cumarsáide idir tú féin, an scoil agus CSS.

Cuirtear in iúl duit go bhféadfadh CSS cumarsáid a dhéanamh leat i dteachtaireacht téacs i rith na scrúduithe. Nuair a thagann tú chuig an scoil, cuir d'uimhir fón póca ar fáil d'údarás na scoile. Ba chóir duit uimhir theagmhála éigeandála do bhall d'fhoireann bhainistíochta na scoile a iarraidh freisin chun teagmháil a dhéanamh taobh amuigh d'uaireanta gnó.

Le haghaidh 2026, tá cur i láthair oiliúna ar líne ullmhaithe ag CSS do na Feitheoirí uile i dtaca leis na scrúduithe.

## Am Breise 2026

Faoin Scéim RACE, tá scéim eatramhach ama bhreise á cur i bhfeidhm ag CSS d'iarrthóirí incháilithe a bheidh ag tabhairt faoi scrúduithe na Sraithe Sóisearaí, na hArdteistiméireachta Bunaithe agus na hArdteistiméireachta Feidhmí. Beidh deich nóiméad bhreise in aghaidh an scrúdpháipéir scríofa i ngach ábhar ag iarrthóirí atá incháilithe cheana féin le haghaidh socruithe réasúnta áirithe sna scrúduithe scríofa. Is iad na socruithe cáilitheacha na socruithe a bhfuil idirghabháil dhíreach mar chuid díobh (e.g. próiseálaí focal, cúnamh léitheoireachta, tarscaoileadh ó mheasúnú ar litriú agus gramadach, etc.). Tá socruithe eile ann maidir le ham breise faoin Scéim RACE – bíonn 10 nóiméad bhreise san uair ag iarrthóirí a úsáideann scríobhaí; bíonn 15 nóiméad bhreise san uair ag iarrthóirí lagamhairc.  Ní fhéadfaidh am breise a bheith ag iarrthóirí faoi níos mó ná ceann amháin de na socruithe seo.

### Príomhthionchair na Socruithe Eatramhacha Ama Bhreise (10 nóiméad) ar Sholáthar na Scrúduithe

Ní mór do gach feitheoir príomhionaid eolas a chur ar na hathruithe ar shocruithe ama bhreise i mbliana. Braitheann an méid a rachaidh sé seo i bhfeidhm ar an gcineál ionaid a bhfuil tú sannta chuige: is é sin ionad Ardteistiméireachta/Ardteistiméireachta Feidhmí nó ionad Sraithe Sóisearaí.  Is iad seo a leanas príomhghnéithe an athraithe seo in ionaid Ardteistiméireachta/Ardteistiméireachta Feidhmí:

- Méadú ar líon na n-iarrthóirí a dhéanfaidh a gcuid scrúduithe in ionaid speisialta scrúdaithe
- Gá le hullmhú sa bhreis maidir le dáileadh scrúdpháipéar agus bailiú scripteanna i gcás na n-ionad speisialta scrúdaithe
- Amanna críochnaithe níos déanaí in ionaid speisialta scrúdaithe, rud nach mór a chur san áireamh sna socruithe i dtaobh thabhairt ar ais na scripteanna.
- Athrú ar an amchlár foilsithe do na scrúduithe cluastuisceana sna Nua-Theangacha Iasachta. Tá na scrúduithe uile le tosú ag 12.20 pm (ní 12.10 pm mar atá san amchlár foilsithe).

Is iad seo a leanas príomhghnéithe an athraithe seo in ionaid Sraithe Sóisearaí:

- Gá a bheith ar an eolas go mbeidh deich nóiméad bhreise ag roinnt iarrthóirí sa phríomhionad dá gcuid scrúduithe
- Gá a bheith ar an eolas faoi na hiarrthóirí agus an áit a bhfuil siad lonnaithe san ionad
- Gá le socrú a dhéanamh maidir le ham críochnaithe na scrúduithe dóibh siúd a bhfuil / nach bhfuil am breise acu, agus é seo a dhéanamh leis an gcur isteach is lú is féidir.

Tá tuilleadh sonraí i dtaobh na socruithe sonracha ar fáil thíos duit.

**Ionaid Ardteistiméireachta/Ardteistiméireachta Feidhmí**

- Ní mór gach iarrthóir a shannadh chuig príomhionad scrúdaithe ar mhaithe le scrúdpháipéir agus stáiseanóireacht a sholáthar dóibh agus ar mhaithe le tabhairt ar ais na scripteanna. Ní dhéanfaidh cuid de na hiarrthóirí seo a gcuid scrúduithe sa phríomhionad; beidh siad in ionad speisialta scrúdaithe.
- Ní mór d'iarrthóirí Ardteistiméireachta agus Ardteistiméireachta Feidhmí a bhaineann leas as na socruithe eatramhacha ama bhreise a gcuid scrúduithe a dhéanamh in ionad speisialta scrúdaithe.
- Tá scoileanna i ndiaidh iarrthóirí atá incháilithe don am breise a chur in ionaid speisialta scrúdaithe atá ann cheana nó/agus tá ionad speisialta scrúdaithe sa bhreis socraithe acu dóibh siúd a mbeidh am breise acu dá gcuid scrúduithe.
- Tugadh sonraí duit faoi na hiarrthóirí atá le suí sa phríomhionad agus faoi na hiarrthóirí atá le suí in ionaid speisialta scrúdaithe. Ba chóir duit socruithe a dhéanamh maidir le dáileadh scrúdpháipéar agus stáiseanóireachta, mar aon le socruithe a bhaineann le tabhairt ar ais na scripteanna mar a leagtar amach i gCuid 5 de na Treoracha Ginearálta seo d'iarrthóirí sa phríomhionad scrúdaithe agus dóibh siúd in ionaid speisialta scrúdaithe de réir mar is cuí.
- Ní fhéadfaidh iarrthóirí Ardteistiméireachta agus Ardteistiméireachta Feidhmí fanacht sa phríomhionad scrúdaithe fad is a bhaineann siad leas as na socruithe eatramhacha ama bhreise.
- Bíonn feidhm leis an mbeart ag leibhéal an scrúdpháipéir. Dá bhrí sin, beidh deich nóiméad bhreise in aghaidh an scrúdpháipéir i gceist sna scrúduithe lena mbaineann dhá scrúdpháipéar.

**Scrúduithe Cluastuisceana Ardteistiméireachta**

- I gcás na scrúduithe ina mbíonn scrúdú scríofa agus scrúdú cluastuisceana ar leith, beidh an 10 nóiméad bhreise ar fáil sa chomhpháirt scríofa ach ní i gcás an scrúdaithe cluastuisceana.
- Ní bhaineann an t-am breise le scrúduithe éisteachta Ceoil (Croíchúrsa nó Ábhar Roghnach) ach an oiread.
- I gcás gach ceann de na hábhair Ardteistiméireachta seo a leanas, tosóidh an scrúdú cluastuisceana ag 12:20 pm agus críochnóidh sé ag 1:00 pm: Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis, Iodáilis, Rúisis, Seapáinis, Polainnis, Liotuáinis, Portaingéilis, agus Mandairínis. Is athrú é seo ar an amchlár foilsithe, a tugadh isteach chun freastal ar na socruithe eatramhacha ama bhreise. Cinntítear leis an athrú seo go dtosaíonn na scrúduithe cluastuisceana seo go léir ag an am céanna.

**Ionaid Sraithe Sóisearaí**

- Caithfidh iarrthóirí na Sraithe Sóisearaí a dtugtar 10 nóiméad bhreise dóibh in aghaidh an scrúdaithe fanacht sa phríomhionad scrúdaithe dá gcuid scrúduithe go léir. Beidh iarrthóirí eile ann a bheidh ag déanamh a gcuid scrúduithe in ionaid speisialta scrúdaithe de bharr socrú eile a chuirtear ar fáil dóibh faoin Scéim RACE.
- Tugadh sonraí duit faoi na hiarrthóirí atá le suí sa phríomhionad agus faoi na hiarrthóirí atá le suí in ionaid speisialta scrúdaithe. Cuirfear ar an eolas thú freisin faoi na hiarrthóirí sa phríomhionad a gceadaítear am breise dóibh.
- Chun am a bhainistiú in ionaid scrúdaithe na Sraithe Sóisearaí, tabharfaidh tú trí rabhadh/fógra ama le linn seisiún scrúdaithe mar seo a leanas;
    - Tabhair rabhadh nuair a bheidh 10 nóiméad fágtha sa scrúdú (de réir an amchláir).
    - Ag am críochnaithe sceidealaithe an scrúdaithe, cuir in iúl do na hiarrthóirí go bhfuil an gnáth-am scrúdaithe thart agus iarr orthu siúd nach bhfuil am breise á fháil acu a lámha a chur in airde ionas gur féidir leat a gcuid scripteanna a bhailiú. Ní mór d'iarrthóirí an t-ionad a fhágáil go ciúin.

- Tabhair 10 nóiméad bhreise i ndiaidh am críochnaithe sceidealaithe na scrúduithe d'iarrthóirí atá incháilithe don am breise.
- Nuair a bheidh an 10 nóiméad bhreise istigh, cuir in iúl do na hiarrthóirí go bhfuil an scrúdú thart gur gá dóibh stopadh de bheith ag scríobh.

Ní mór cloí le gach gné eile de bhainistíocht ama mar is gnách i.e. rialacha maidir le ligean isteach déanach; ní cheadaítear d'aon iarrthóir imeacht sa chéad 30 nóiméad ná laistigh den 10 nóiméad ag deireadh scrúdaithe. Féach Cuid 9 de na Treoracha Ginearálta seo.

Leagtar amach treoracha mionsonraithe sa Treoirdhoiciméad a fuair tú. Ní mór duit eolas a chur ar na treoracha seo go léir.

**Meastóireacht**

Déanfaidh CSS meastóireacht ar na socruithe eatramhacha ama bhreise i gcomhar le hiarrthóirí, údaráis scoile, feitheoirí na bpríomhionad agus na n-ionad speisialta, agus le páirtithe leasmhara i ndiaidh phróiseas scrúdaithe 2026. Eiseofar sonraí an phróisis mheastóireachta in am trátha.

## Obair Chúrsa

Cuireadh an obair chúrsa do na hábhair Ardteistiméireachta; Eolaíocht Talmhaíochta, Eacnamaíocht, Corpoideachas, Ríomheolaíocht, Léann Clasaiceach, an Pholaitíocht agus an tSochaí, Matamaitic Fheidhmeach, Stair, Tíreolaíocht, agus Oideachas Reiligiúnach isteach go digiteach trí Thairseach na Scoileanna.

## Marcáil ar Líne - Ábhair Nua in 2026

Marcálfar na hábhair seo a leanas ar líne den chéad uair:

- Na Clasaicí SS
- Polainnis AT
- Béarla agus Cumarsáid ATF
- Staidéar Grafaice agus Tógála ATF
- Óstán, Lónadóireacht agus Turasóireacht ATF
- Feidhmithe Matamaiticiúla ATF
- Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide ATF
- Tasc Machnaimh Phearsanta ATF

## Bailiúchán na Scrúdpháipéar Dé Máirt an 2 Meitheamh 2026 ón Ionad Dáileacháin

**Ionad chun an tSraith Shinsearach, an Ardteistiméireacht agus an Ardteistiméireacht Fheidhmeach a bhailiú**

**Léigh 'Treoracha Ginearálta d'Fheitheoirí'. BREATHNAIGH ar an gcur i láthair oiliúna ar líne**

**Bailiúchán Lá 1**
Téigh go dtí an tIonad Dáileacháin ag an am sonraithe a thugtar sa litir shannta

**Tabhair Aitheantas Fótagrafach leat chun rochtain a fháil ar an ionad.**
Training will be provided for new Superintendents and those who have not superintended in the last 3 years

- Bailigh an bosca scrúdaithe agus an clúdach feitheora agus seiceáil pacáistí na scrúdpháipéar sula n-imíonn tú go dtí an scoil*
- Cuir CSS ar an eolas má thugann tú faoi deara go bhfuil rud éigin cearr
- Sínigh Foirm Bhailíochtaithe na bhFeitheoirí lena dheimhniú go bhfuil an méid sna boscaí i gceart
- Déan teagmháil le do scoil agus le d'Fheitheoir Comhpháirtíochta mar a thugtar sa chlúdach Feitheora agus cuir in iúl dóibh an t-am a bhfuil súil agat an scoil a bhaint amach

**Téigh díreach go dtí an scoil**

## Bailiú na Scrúdpháipéar Dé Domhnaigh an 14 Meitheamh ón Ionad Dáileacháin

**Moil do bhailiú na hArdteistiméireachta**

**Bailiúchán Lá 2**
Téigh go dtí an Mol Dáileacháin ag an am sonraithe a thugtar sa litir shannta.

TÁ SEANS ANN GO mBEIDH AN MOL DÁILEACHÁIN DIFRIÚIL LE POINTE BAILITHE LÁ 1

- Tabhair aitheantas fótagrafach leat chun rochtain a fháil ar an mol
- Tabhair bosca scrúdaithe folamh agus eochair
- Taispeáin go soiléir sa ghaothscáth do litir shannta agus bileog réamhphriontáilte le huimhir an ionaid

**FAN SA CHARR I gCÓNAÍ**
Sínigh Foirm Bhailíochtaithe na bhFeitheoirí ag deimhniú gur bailíodh na scrúdpháipeir

**Téigh díreach go dtí an scoil chun bualadh le d'Fheitheoir Comhpháirtíochta**
**Déan na scrúdpháipéir a sheiceáil**

* I lion cásanna an-bheag déantar socruithe eile seachas an scoil, e.g. Staisiun na nGardaí.

**Tá mioneolas maidir leis na páipéir a bhailiú i <u>gCuid 1</u> den leabhrán seo, <u>nach mór</u> a leanúint**

# Cuid 1 – Na Páipéir Scrúdaithe a Bhailiú agus a Sheiceáil

Déanfaidh CSS gach iarracht cloí leis na sceidil bailiúcháin agus aon mhoill a sheachaint ar an gcéad lá a dhéanfar na páipéir scrúdaithe a dháileadh ar Fheitheoirí.  Ach, b'fhéidir go mbeidh ort fanacht - is e seo ceann de na laethanta is gnothai agus is tabhachtai do CSS agus is mor againn do chuid foighne. Is féidir leat cabhrú linn agus freastal ar an ionad ag an am atá sannta duit agus go mbeidh do chuid doiciméid ar fad leat.

**Tabhair 40 – 60 nóiméad le do thoil leis na páipéir a sheiceáil san Ionad Dáileacháin ar Lá 1 nó sa scoil le d'Fheitheoir Comhpháirtíochta más gá duit páipéir a bhailiú ar Lá 2. Beidh am ag teastáil ó Fheitheoirí Nua freisin le haghaidh oiliúna.**

## (1) Páipéir Scrúdaithe a Bhailiú

Le haghaidh scrúduithe 2026 d'fhéadfadh dhá lá a bheith i gceist nuair atá na páipéir scrúdaithe le bailiú.

**Baileoidh na Feitheoirí uile páipéir Dé Máirt an 2ú Meitheamh (Lá 1).**

Beidh ar roinnt Feitheoirí Ardteistiméireachta a mbeidh a n-ionaid oscailte ó Dé Luain an 15 Meitheamh 2026, páipéir a bhailiú ar Lá 2. D'fhéadfadh na hionaid don bhailiúchán a bheith difriúil, áfach, agus cuirfear sonraí faoi seo in iúl duit i do litir shannta.

Tabhair faoi deara le do thoil – Má bhíonn tú luath nó déanach ag teacht go dtí na hionaid, cuirfidh sé seo go mór isteach ar fheidhmiú an phróisis ar an lá.


Má chuirtear an iomarca moille ort le do pháipéir scrúdaithe a bhailiú, ní mór duit teagmháil a dhéanamh le CSS ar **090 644 2895** a luaithe agus is féidir.

Mura ndéantar é seo brisfear tú as do phost de bharr riachtanais agus tiocfaidh Feitheoir cúltaca i d'áit.

**Tá na sonraí bailiúcháin mar seo a leanas:**

| Seachadadh | Scrúduithe Teistiméireachta | Dáta Bailiúcháin | Dátaí Scrúdaithe |
|---|---|---|---|
| 1 | An tSraith Shóisearach | Dé Máirt 2 Meitheamh | Dé Céadaoin 3 – Dé Luain 15 Meitheamh |
| | An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | | Dé Céadaoin 3 – Déardaoin 12 Meitheamh |
| | An Ardteistiméireacht | | Dé Céadaoin 3 – Dé hAoine 12 Meitheamh |
| 2 | An Ardteistiméireacht | Dé Domhnaigh 14 Meitheamh | Dé Luain 15 – Dé Máirt 23 Meitheamh |

**Ar gach lá bailiúcháin is gá duit:**



## (2) Ag teacht chuig an Ionad Dáileacháin; Lá 1 Bailiúchán:

### (i) Bailiúchán an bhosca/na mboscaí scrúdaithe

- Ní mór duit teacht go dtí an tIonad Dáileacháin ag an am atá sonraithe i do litir shannta chun bosca na bpáipéar scrúdaithe a bhailiú.
- An chéad tasc atá agat ná seiceáil a dhéanamh go bhfuil pacáistí na bpáipéar scrúdaithe uile atá ag teastáil uait le haghaidh thréimhse na scrúduithe i d'ionad sa bhosca.
- San Ionad Dáileacháin, seiceálfaidh tú páipéir do na chéad ocht lá de na scrúduithe don Ardteistiméireacht, agus sraith iomlán na scrúduithe don ATF agus don tSraith Shóisearach don ionad a bhfuil tú sannta dó.
- Gheobhaidh tú pacáiste freisin ina mbeidh na doiciméid uile a bheidh ag teastáil uait do na scrúduithe. Ní mór duit seiceáil a dhéanamh go cúramach ar a bhfuil i mbosca phacáistí na bpáipéar scrúdaithe san Ionad Dáileacháin.
- Ag baint úsáid as foirm Bhailíochtaithe na bhFeitheoirí, seiceáil agus deimhnigh go bhfuil a bhfuil sa bhosca i gceart.
- Téigh díreach ar aghaidh go dtí an láthair ar cuireadh in iúl duit fúithi i do litir shannta le cúram sábháilte a thabhairt do do bhosca páipéar scrúdaithe.

Ón uair a bhailíonn tú bosca na bpáipéar scrúdaithe ón ionad dáileacháin, go dtí an uair a fhágann tú an bosca in áit stórála shábháilte, **níor chóir duit an bosca a fhágáil gan aon duine ag faire air**, cuimsíonn sé seo nach mbeidh sé fágtha i bhfeithicil atá faoi ghlas gan aon duine ag faire air. Mura gcloíonn tú go iomlán leis seo, brisfear as do phost tú mar Fheitheoir.

San Ionad Dáileacháin, cuirfeare trucail láimhe ar fáil duit le boscaí na bpáipéar scrúdaithe a iompar go sábháilte ón Ionad Dáileacháin go dtí d'fheithicil, agus ó d'fheithicil go dtí an áit stórála shábháilte ainmnithe san ionad.

Ba chóir duit an trucail láimhe a úsáid freisin nuair a chuirtear na scrúduithe i d'ionad i gcrích le hábhar scrúdaithe a iompar go dtí d'fheithicil chun dul ar aghaidh go dtí an stóras ainmnithe is giorra de chuid An Post.

**Féach Aguisín 10 maidir le treoracha leis an trucail láimhe a úsáid i gceart.**

### Céim 1. Eolas Faoina bhFuil Sa Bhosca

- Cuir tú féin ar an eolas faoi chlár an ábhair/ seicliosta ó do chlúdach de chuid an Fheitheora agus foirm Fhógra faoi Mhéid na bPáipéar Scrúdaithe (EPQN) atá sa chlúdach a fuair tú san Ionad Dáileacháin.
- nSan EPQN seo, leagtar amach sonraí na scrúduithe uile atá sceidealaithe do d'ionad scrúdaithe.
- Coinnigh an fógrá a seo d'ionaid na hArdteistiméireachta le do thoil, mar go mb'fhéidir go mbeidh ort féachaint air le pacáistí na bpáipéar scrúdaithe má tá páipéir scrúdaithe á mbailiú agat Dé Domhnaigh an 14 Meitheamh 2026.
- Tá pacáistí na bpáipéar scrúdaithe dathchódaithe – léirítear le GLAS seisiún AR MAIDIN, léirítear le ORÁISTE seisiún UM THRÁTHNÓNA. Tá pacáistí na bpáipéar scrúdaite lipéadaithe MAIDIN agus TRÁTHNÓNA freisin.
- Tá lipéad bán ar gach pacáiste, ar a léirítear ábhar, dáta agus am an scrúdaithe, uimhir oird an scrúdaithe, uimhir an ionaid agus an méid atá pacáilte don leibhéal sin. Tá an méid le feiceáil faoin litir lena léirítear na leibhéil ábhartha mar seo a leanas:
  **A = Ardleibhéal, G = Gnáthleibhéal, B = Bonnleibhéal, C = Comhleibhéal.**

TÁBHACHTACH

- Déantar ábhair na **hArdteistiméireachta** a phacáil ar bhonn indibhidiúil de réir leibhéil. B'fhéidir go mbeidh líon pacáistí agat do gach leibhéal.
- B'fhéidir go mbeidh pacáiste breise de pháipéir scrúdaithe ann de bharr iontrálacha déanacha agus sa chás sin beidh na hinisealacha 'LP' scríofa air de láimh.
- Tá na dlúthdhioscaí pacáilte ar leithligh ón bpáipéar. Tá siad i gclúdach liath beag dosháraithe ina bhfuil dlúthdhioscaí do na Trialacha Cluastuisceana Ardleibhéil/Gnáthleibhéil.
- Déantar ábhair na **Sraithe Sóisearaí** a phacáil leis an dá leibhéal le chéile agus na dlúthdhioscaí más gá. Beidh lipéad bán ar an bpacáiste seo ar a léireofar an méid atá pacáilte.
- Tá leaganacha Gaeilge de na páipéir scrúdaithe pacáilte ar leithligh le pacáiste aonair do gach leibhéal. **Níl siad seo sonraithe ar an EPQN**. Ba chóir go mbeadh na méideanna mar an gcéanna leis an leagan Béarla. **Ionas go mbeidh sé éasca iad a aithint, tá teidil na n-ábhar aistrithe go Gaeilge.**
- Gheobhaidh tú, má bhaineann sé le hábhar (i do chlúdach mór de chuid an Fheitheora), sonraí na n-iarrthóirí i d'ionad:

  (a) (a) a bhfuil leaganacha mionathraithe, méadaithe nó Braille de na páipéir scrúdaithe ag teastáil uathu in éineacht leis na socruithe atá le bheith curtha ar fáil. Déantar rogha na leaganacha eile de na páipéir scrúdaithe a ndéantar tagairt dóibh thuas a phacáil i bpacáistí ar leith atá lipéadaithe go hiomchuí agus beidh siad le fáil i do bhosca páipéar scrúdaithe

  (b) (b) a mbeidh ábhair acu atá ag teacht salach ar a chéile, (cuirfear fógra faoi ábhair atá ag teacht salach ar a chéile ar fáil i gclúdach an Fheitheora má bhaineann sé le hábhar)

**Mar atá luaite thuas, is é is dóichí go mbeidh níos mó páipéar scrúdaithe agat ná mar a bheidh ag teastáil uait i d'ionad do gach seisiún scrúdaithe.**

## Céim 2. Pacáistí na bPáipéar Scrúdaithe a Shortáil de réir Ord an Tráthchláir

Chun cuidiú leat leis an tasc seo, tá uimhir seisiúin leithdháilte againn ar gach seisiún scrúdaithe de réir ord an tráthchláir.

Tá uimhreacha na seisiún ar taispeáint

- Ag **an mbarr de na cúinní ar chlé** den lipéad ar phacáiste na bpáipéar scrúdaithe agus
- In aice leis an am do gach seisiún scrúdaithe ar leith sa leabhrán Treoracha Laethúla.

Má eagraíonn tú do phacáistí in ord uimhreach, leis an uimhir is ísle ag an mbarr, beidh na pacáistí de réir ord an tráthchláir.

## Céim 3. Seiceáil a Dhéanamh ar a bhFuil sa Bhosca

Seiceáil le do thoil:

- Go bhfuil uimhir an ionaid cheart ar an lipéad ar gach pacáiste le haghaidh d'ionaid.
- Go bhfuil soláthar páipéar scrúdaithe agat do gach ábhar mar atá léirithe ar an EPQN.
- Go bhfuil méideanna leaganacha Gaeilge na bpáipéar scrúdaithe mar an gcéanna le méideanna na leaganacha Béarla, má tá siad de dhíth.
- Go bhfuil líon na bpáipéar scrúdaithe atá curtha ar fáil do gach leibhéal níos mó ná líon na n-iarrthóirí a roghnaigh an leibhéal sin a dhéanamh mar atá léirithe ar an EPQN.
- Má tá tú in amhras maidir le leordhóthanacht an tsoláthair ar lá 1 san Ionad Dáileacháin ba chóir duit labhairt le pearsanra CSS.
- NÁ hOSCAIL PACÁISTE NA bPÁIPÉAR SCRÚDAITHE.

**Má tá pacáiste páipéar scrúdaithe oscailte nó má tá damáiste déanta dó, ní ceadmhach duit na páipéir scrúdaithe a bhaint amach ón bpacáiste. Má thugtar é seo faoi deara san Ionad Dáileacháin, ba chóir**

**duit aird pearsanra CSS a tharraingt air.**

Ar an drochsheans go dtagann tú ar phacáiste páipéar scrúdaithe i do bhosca le haghaidh scrúdaithe lasmuigh den dáileachán ábhartha agus amlíne scrúdaithe, cuir é sin in iúl do bhaill den CSS san Ionad Dáileacháin.

## Céim 4. An Bosca a Athphacáil

Nuair atá tú tar éis a sheiceáil go bhfuil na páipéir scrúdaithe uile atá riachtanach agat, ba chóir duit na pacáistí a atheagrú in uimhir an oird leis an uimhir is ísle ag an mbarr agus iad a chur ar ais chuig an mbosca/na boscaí. Ná déan dearmad nuair a dhéanann tú bosca na bpáipéar scrúdaithe a athphacáil, téann an pacáiste leis an dáta is déanaí (i.e. uimhir an tseisiúin is airde) isteach sa bhosca ar dtús agus téann an dara ceann is airde ina dhiaidh sin agus mar sin de go dtí go bhfuil an pacáiste le haghaidh do chéad scrúdaithe ag an mbarr sa bhosca.

## Céim 5. Foirm Bhailíochtaithe na bhFeitheoirí a Chomhlánú

Nuair atá an tseiceáil seo curtha i gcrích agat ní mór duit foirm Bhailíochtaithe na bhFeitheoirí a chomhlánú a cuireadh ar fáil duit i do chlúdach de chuid an Fheitheora.

Deimhnigh le do thoil go ndearna tú seiceáil ar a bhfuil i mbosca na bpáipéar scrúdaithe i gcoinne Fhógra ar Mhéid na bPáipéar Scrúdaithe le haghaidh d'Ionaid, agus go bhfuil na páipéir scrúdaithe uile agat atá ag teastáil uait le linn na scrúduithe i d'ionad.

### (1) Cúram sábháilte na bpáipéar scrúdaithe agus iad a aistriú go dtí an Áit Shábháilte.

- Ná fág, i gcás ar bith, na páipéir scrúdaithe, gan aon duine ag faire orthu am ar bith, lena n-áirítear feithicil nach bhfuil aon duine ina feighil. Téigh díreach ar aghaidh ón Ionad Dáileacháin go dtí an scoil nó go dtí stáisiún na nGardaí mar atá curtha in iúl duit i do litir shannta.
- Beidh eochair/eochracha an bhosca/na mboscaí de na páipéir scrúdaithe i do phacáiste de chuid an Fheitheora atá chuirfear ar fáil duit san Ionad Dáileacháin ag ionadaí an CSS agus ní mór duit iad a choinneáil go cúramach.
- Cuirfidh cosantóir na láithreach atá ceaptha le cúram sábháilte a thabhairt do bhosca(í) na bpáipéar scrúdaithe áitreabh oiriúnach ar fáil leis an mbosca/na boscaí a stóráil. **Mura bhfuil tú sásta leis an áitreabh stórála, ní mór duit é sin a chur in iúl do bhainistíocht na scoile láithreach bonn agus teagmháil a dhéanamh le CSS.** Má tá ábhar imní ort maidir le haon rochtain neamhúdaraithe ar láthair na stórála sábháilte, ní mór duit é sin a chur in iúl do bhainistíocht na scoile agus teagmháil a dhéanamh leis an CSS láithreach bonn.
- Is é an cosantóir a choinneoidh eochair na láithreach sábháilte ina gcoimeádfar an bosca/na boscaí.
- Áit a gcuirtear cófra faoi ghlas ar fáil ba chóir don chosantóir an eochair a choinneáil freisin.
- Má tá aon ábhair imní ort faoi shlándáil na láithreach sábháilte cuir do chuid ábhar imní in iúl do CSS aga **1800 283 071**

### (2) Ag teacht chuig an Ionad Dáileacháin ar Bhailiúchán Lá 2 (Ardteistiméireacht amháin).

- Téigh go dtí an tIonad Dáileacháin ag an am atá sonraithe i do litir shannta.
- Tabhair leat bosca folamh na bpáipéar scrúdaithe agus an glas agus an eochair.
- Cuir do chárta aitheantais ar a bhfuil grianghraf (ceadúnas tiomána nó pas) ar fáil chun fáil isteach ar dtús.
- Taispeáin do bhileog réamhphriontáilte ar a bhfuil uimhir d'ionaid agus do litir shannta ar dheais do chairr.
- Fan i do charr agus do pháipéir scrúdaithe agus doiciméid á mbailiú agat.
- Cuirfidh baill foirne ó CSS na páipéir sa bhosca/sna boscaí i mbúit an chairr agus tabharfaidh siad an eochair ar ais duit.

- Téigh díreach ar aghaidh go dtí an scoil/an láthair chun tabhairt faoi bhosca na bpáipéar scrúdaithe a sheiceáil le d'Fheitheoir Comhpháirtíochta.
- Cuir in iúl d'údaráis na scoile roimh ré faoin am ar dócha go mbeidh tú ann.
- Déan socruithe le d'Fheitheoir Comhpháirtíochta chun bualadh leis/léi ann.
- Stóráil bosca na bpáipéar scrúdaithe sa láthair shábháilte stórála cheaptha sa scoil nó i Stáisiún na nGardaí de réir mar is cuí.

**Eolas tábhachtach le cur san áireamh le haghaidh na scrúduithe ó Dé Luain, an 15 Meitheamh:**

- Lean na treoracha mar atá sonraithe i gCéim 1 le do thoil.
- Má tá d'ionad le dúnadh roimh an 24 Meitheamh, ba chóir nach mbeadh agat ach páipéir scrúdaithe i do bhosca(í) do na hábhair amháin atá ar an tráthchlár suas go dtí an dáta atá luaite ag an mbun de rolla d'Ionaid, agus an dáta sin san áireamh freisin.
- Beidh na hábhair teangacha neamhchuraclaim (TNC) uile ar siúl maidin Dé Luain, an 16 Meitheamh 2025 agus b'fhéidir go mbeidh go leor páipéar scrúdaithe agat mar go bhfuil líon scrúduithe éagsúla ar siúl ag an am céanna.

## (3) Nósanna Imeachta agus Céimeanna atá le déanamh gach lá de chuid na scrúduithe Stáit

- **An tosaíocht atá agat ná cúram a thabhairt do bhosca na scrúduithe agus do na páipéir scrúdaithe.** Ní mór duit a chinntiú go gcoinnítear pacáistí séalaithe na bpáipéar scrúdaithe séalaithe i mbosca scrúduithe faoi ghlas agus ná hoscail iad seo ach amháin ag an am atá ceaptha leis na páipéir scrúduithe a dháileadh ar na hiarrthóirí san ionad scrúdaithe.
- Is gá duit freastal ar d'ionad gach lá a bhfuil iarrthóir(í) agat a bhfuil iontráil déanta ar Rolla d'Ionaid chun scrúdú/scrúduithe a dhéanamh. Ní mór go mbeidh na páipéir scrúdaithe agat do na scrúduithe uile atá le bheith ar siúl i d'ionad. B'fhéidir go mbeidh pacáistí páipéar scrúdaithe agat freisin d'ábhair nach bhfuil iontráil déanta i leith aon iarrthóirí a thuilleadh bunaithe ar Rolla an Ionaid. Is páipéir BHEO iad na páipéir scrúdaithe ar fad agus ní mór iad a choinneáil go sábháilte i mboscaí na bpáipéar scrúdaithe sa láthair shábháilte.
- Tabarfar rochtain duit ar an láthair shábháilte roimh gach seisiún scrúdaithe chun pacáiste/pacáistí na bpáipéar scrúdaithe a fháil don seisiún scrúdaithe sin. Sula bhfágann tú an láthair shábháilte, cinntigh go bhfuil na pacáistí cearta agat atá ag teastáil uait.
- Ba chóir duit dlúth-theagmháil a choinneáil leis an gcosantóir le linn thréimhse na scrúduithe agus mianta an chosantóra a chur san áireamh maidir le gach ábhar a bhaineann le cúram an bhosca/na mboscaí ach amháin má tá ábhar imní ort maidir leis na mianta seo faoi chúram sábháilte na bpáipéar scrúdaithe.
- Comhoibrigh le Feitheoir Comhpháirtíochta ainmnithe mar atá sonraithe thíos.

## (4) Feitheoir Comhpháirtíochta agus Bailíochtú na nDoiciméad

- Ar Bhailiúchán Lá 2 (más bainteach) is gá duit seiceáil a dhéanamh ar a bhfuil sa bhosca/sna boscaí scrúdaithe le d'Fheitheoir Comhpháirtíochta. Ní mór don bheirt Fheitheoirí foirm Bhailíochtaithe na bhFeitheoirí a shíniú atá ar fáil i gclúdach an Fheitheora, agus í a chur ar ais go dtí CSS in éineacht le d'fhoirm S.4P um Thuairisc Deiridh an Fheitheora ag deireadh na scrúduithe.
- D'ionaid ATF nó de chuid na Sraithe Sóisearaí, ba chóir an fhoirm seo a bheith sínithe agus curtha ar ais chuig ball foirne CSS sula bhfágann tú an tIonad Dáileacháin.
- Má fhaigheann tú amach go bhfuil tú gann ar pháipéir scrúduithe níos déanaí, ba chóir duit é sin a chur in iúl do CSS láithreach bonn trí ghlaoch a chur ar (090) 644 2759.

# Cuid 2 – Na Páipéir Scrúdaithe a Dhaingniú

Tar éis na páipéir scrúdaithe a bhailiú, is gá duit dul díreach go dtí an láthair shábháilte stórála ina bhfuil tú i mbun feitheoireachta. Beidh cóiríocht shlán agus oiriúnach curtha ar fáil chun ligean duit an tasc tábhachtach seo a chur i gcrích. Cuirfear amanna atá cosúil le chéile ar fáil d'Fheitheoirí atá sannta don scoil chéanna leis na boscaí scrúdaithe a bhailiú ó na hIonaid Dáileacháin agus ba chóir go dtiocfadh an bheirt chuig an scoil ag am atá gar dá chéile.

## 1. Teagmháil a dhéanamh leis an Scoil

Nuair a fhaigheann tú do litir shannta, is gá duit teagmháil a dhéanamh le húdaráis na scoile/an ionaid ina mbeidh tú ag gníomhú mar Fheitheoir. Ba chóir duit a chinntiú go bhfuil an láthair shábháilte stórála mar atá leagtha amach sa litir shannta deimhnithe ag údarás na scoile. B'fhéidir gur láthair i seo sa scoil nó i Stáisiún an nGardaí. **Ba chóir duit i gcónaí uimhir theagmhála lasmuigh d'uaireanta gnó a fháil don scoil/ionad atá tú in ann a úsáid i gcás éigeandála.**

Agus teagmháil á déanamh, ba chóir duit tú féin a chur in aithne do na húdaráis agus an t-am a bhfuil tú ag súil lena bheith ann a chur in iúl, bunaithe ar na sonraí atá curtha ar fáil i do litir shannta. Ar an Máirt, an 2 Meitheamh, ní mór duit dul go dtí an láthair shábháilte stórála láithreach bonn tar éis duit na páipéir scrúdaithe a bhailiú chun críocha bosca(í) na bpáipéar scrúdaithe a dhaingniú agus an t-ionad scrúdaithe a eagrú.

Ní mór duit dul díreach chuig an scoil freisin tar éis na páipéir scrúdaithe a bhailiú Dé Domhnaigh, an 14 Meitheamh (más bainteach) chun críocha boscaí na bpáipéar scrúdaithe a sheiceáil agus a dhaingniú. Má tá siad á stóráil i stáisiún de chuid na nGardaí ní mór duit dul go dtí an stáisiún ansin chun na páipéir scrúdaithe ar stóráil.

## 2. Bosca na bPáipéar Scrúdaithe a Thabhairt go dtí an Láthair Shábháilte

Téigh díreach chuig an láthair shábháilte stórála nó go dtí an scoil atá luaite i do Litir Shannta. Ní mór go mbeadh an bosca curtha faoi ghlas agus curtha i gcúram sábháilte sa scoil nó i Stáisiún na nGardaí. Ní mór duit a chinntiú go bhfuil tú sásta leis na socruithe slándála leis na páipéir a stóráil.

Ar Bhailiúchán Lá 2 (más bainteach) is gá duit seiceáil a dhéanamh ar a bhfuil i mbosca na bpáipéar scrúdaithe nuair a thagann tú chuig an scoil. Déanfaidh tú é seo le d'Fheitheoir Comhpháirtíochta ainmnithe nó le ball d'údarás na scoile i gcomhréir leis na treoracha atá sonraithe i gCuid 1.

**Níor chóir duit riamh na páipéir scrúdaithe a fhágáil gan aon duine ag faire orthu agus iad á n-iompar go dtí an scoil, i rith an phróisis sheiceála, nó ag aon chéim eile go dtí go mbeidh siad stóráilte go sábháilte i spás sábháilte stórála sa scoil nó i Stáisiún na nGardaí de réir mar is cuí.**

Ar an drochsheans go bhfaigheann tú pacáiste páipéar scrúdaithe i do bhosca do scrúdú lasmuigh den dáileachán ábhartha agus den amlíne scrúdaithe, déan cinnte de go ndéantar iad seo a stóráil go sábháilte i mbosca na bpáipéar scrúdaithe atá faoi ghlas agus téigh i dteagmháil le CSS láithreach bonn le haghaidh tuilleadh treoracha ar

**1800 283 071**

Nuair atá bosca na bpáipéar scrúdaithe stóráilte go sábháilte sa scoil, seiceálfaidh tú agus eagróidh tú d'ionad scrúdaithe ansin, lena n-áirítear na socruithe beartaithe le haghaidh trialacha cluastuisceana agus closamhairc. Féach Cuid 3 céimeanna 4 agus 5.

# Cuid 3 – Ag Teacht Chuig An Scoil/Ionad

## 1. Bualadh le hIonadaí an Scoile agus Socruithe a Dheimhniú

(i) Tabhair bosca na bpáipéar scrúdaithe díreach chuig an láthair shábháilte.

(ii) Ní mór go mbeadh an bosca faoi ghlas agus curtha i gcúram sábháilte sa scoil nó i Stáisiún na nGardaí. Déan cinnte de le do thoil go bhfuil tú sásta leis na socruithe slándála leis na páipéir a stóráil.

(iii) Nuair atá bosca na bpáipéar scrúdaithe stóráilte go sábháilte sa scoil, seiceálfaidh tú agus eagróidh tú d'ionad scrúdaithe ansin, lena n-áirítear na socruithe beartaithe le haghaidh trialacha cluastuisceana agus closamhairc.

(iv) Agus an t-ionad scrúdaithe á eagrú agat, ba chóir duit:

- Cruinniú eolais a lorg ó údaráis na scoile maidir le prótacail na scoile agus nósanna imeachta aslonnaithe i gcás éigeandála (Féach Aguisín 6) a bheidh i bhfeidhm le linn na scrúduithe.
- Tabhair cuireadh d'Údaráis na Scoile (i.e. Bainisteoir/Príomhoide, nó ionadaí údaraithe) le comparáid a dhéanamh le Rolla na Scoile i gcoinne do Rolla de chuid an Ionaid. Iarradh ar Údaráis na Scoile a bheith ar fáil chun an tseiceáil seo a dhéanamh leat.
- Deimhnigh go bhfuil an t-eolas ar Rolla an Ionaid maidir le leaganacha Gaeilge i gceart. D'iarrthóirí a bhfuil na scrúduithe á ndéanamh acu as Gaeilge, beidh 'G' priontáilte tar éis an leibhéil atá tuartha e.g. Ard (AG) nó Gnáth (GG), ar Rolla an Ionaid.
- Seiceáil le hÚdaráis na Scoile le haghaidh sonraí maidir le leagan amach na Socruithe Réasúnta (lena n-áirítear áit ar bronnadh Próiseálaí Focal ar iarrthóirí lena úsáid). Déan cinnte de go bhfuil na socruithe uile i bhfeidhm d'iarrthóirí ar Rolla an Ionaid lena n-áirítear iad siúd atá á ndéanamh in ionaid speisialta agus in ionaid ama bhreise.
- Cuir i gcuimhne d'Údaráis na Scoile nach bhfuil cead ag iarrthóirí fóin phóca, gléasanna leictreonacha cumarsáide, gléasanna teicneolaíochta is féidir a chaitheamh ná gléasanna leictreonacha stórála isteach san ionad scrúdaithe, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad casta ar siúl.
- Soiléirigh socruithe beartaithe na scoile leis na trialacha Cluastuisceana agus Closamhairc a dhéanamh. Tá sé riachtanach go nglacann tú an deis chun dul i dtaithí ar an seinnteoir dlúthdhiosca/ DVD é féin nó le trealamh seanma eile atá le húsáid i d'ionad. **Léigh an chuid ábhartha le do thoil maidir leis na trialacha Cluastuisceana agus Closamhairc sna Treoracha Laethúla**
- Ar an 14 Meitheamh 2025, (más bainteach), lean na treoracha mar atá leagtha amach thuas le do thoil. Is gá duit seiceáil a dhéanamh freisin ar a bhfuil i mbosca na bpáipéar scrúdaithe nuair a thagann tú chuig an scoil. **Déanfaidh tú é seo le d'Fheitheoir Comhpháirtíochta ainmnithe nó le ball d'údarás na scoile i gcomhréir leis na treoracha atá sonraithe i gCuid 1.**
- **Níor chóir duit riamh na páipéir scrúdaithe a fhágáil gan aon duine ag faire orthu agus iad á n-iompar go dtí an scoil, i rith an phróisis sheiceála, nó ag aon chéim eile go dtí go mbeidh siad stóráilte go sábháilte i spás sábháilte stórála sa scoil nó i Stáisiún na nGardaí de réir mar is cuí.**

## 2. An Stáiseanóireacht a Sheiceáil

### D'Ionaid na hArdteistiméireachta agus na Sraithe Sóisearaí

- Tá bosca mór plaisteach stáiseanóireachta curtha chuig ionaid na hArdteistiméireachta agus na Sraithe Sóisearaí roimh na scrúduithe.
- Tá an bosca séalaithe le dhá shéala buí a léiríonn má sháraítear é. Seiceáil go bhfuil na séalaí seo slán. Má tá an séala briste ba chóir duit é sin a chur in iúl don CSS láithreach bonn ar **090 6442702**.

- Déan seiceáil ar a bhfuil sa bhosca stáiseanóireachta i gcoinne liosta na n-ábhar atá curtha ar fáil sa bhosca stáiseanóireachta. Le haghaidh liosta iomlán ábhair na stáiseanóireachta, féach Aguisín 11.
- Nuair atá an bosca seiceáilte agus má tá gach rud in ord, sínigh an liosta stáiseanóireachta agus cuir é ar ais chuig CSS gan mhoill, ina ndeimhnítear gur seiceáladh a bhfuil sa bhosca stáiseanóireachta.
- Tá soláthar de shéalaí buí ionaid atá uimhrithe curtha isteach i do bhosca stáiseanóireachta. Gach uair a osclaíonn tú an bosca úsáid na séalaí ionaid chun an bosca a athshéalú.
- Taifead na sraithuimhreacha sa chuid ábhartha den Leabhrán um Thaifead Postála. Ba chóir na séalaí a úsáideadh a choinneáil agus a chur ar ais sa bhosca stáiseanóireachta ag deireadh an scrúdaithe deiridh.
- Nuair a dhúntar d'ionad scrúdaithe, ba chóir an bosca a chur ar ais agus é séalaithe. Ba choir séala buí amháin a úsáid freisin chun an bosca ceistpháipéir folamh a dhaingniú agus a chur ar ais go dtí CSS.
- Cuirtear an t-ábhar seo a leanas ar fáil i gclúdach an Fheitheora agus ba chóir é a bheith ar taispeáint go soiléir san ionad.
  - **Tráthchláir**
  - **Pionós Fógra as ucht na Rialacháin a Shárú**
  - **Fógra d'Iarrthóirí maidir le dath Chlúdaigh na gCeistpháipéar**
  - **Fógra go bhfuil Scrúdú ar siúl.**

## D'Ionaid ATF

Níl aon bhosca stáiseanóireachta d'ionaid ATF. Tá na riachtanais stáiseanóireachta uile do scrúduithe ATF curtha isteach i mbosca na bpáipéar scrúdaithe ATF nó sa chlúdach speisialta ATF a fuair tú ón Ionad Dáileacháin.

## Na hIonaid Uile

Thug CSS roinnt stáiseanóireachta nua isteach do scrúduithe na hArdteistiméireachta le déanaí, agus tá roinnt díobh ag teacht in áit stáiseanóireachta atá ann cheana féin agus atá le húsáid sna scrúduithe uile. Is iad seo a leanas na táirgí nua nó leasaithe:

### Freagarleabhar na hArdteistiméireachta lena n-úsáid in ábhair áirithe:

- Tá freagarleabhar ina bhfuil 36 leathanach ina mbeidh ar iarrthóirí eolas a chomhlánú ar an gclúdach chun tosaigh.
- Tá freagarleabhar nua ina bhfuil 36 leathanach ann go sonrach d'ábhair Teangacha Neamhchuraclaim. Tá an freagarleabhar seo pacáilte le pacáiste na bpáipéar scrúdaithe agus níl sé sa bhosca stáiseanóireachta. Níor chóir pacáiste na bpáipéar scrúdaithe a oscailt roimh an scrúdú leis an stáiseanóireacht a sheiceáil.
- Tá treoracha ann ar leathanach 2 agus tá 34 leathanach ar a bhfuil línte.
- Úsáidfear an freagarleabhar seo le haghaidh scrúduithe nach mbaineann leas as leabhair ceisteanna agus freagraí is féidir a chur ar ais.

Chomh maith leis na scrúduithe atá liostaithe sa tábla thuas, úsáidfear an freagarleabhar seo de chuid na hArdteistméireachta le haghaidh líon ábhar eile nach mbeifear á marcáil ar líne. Féach an leabhrán Treoracha Laethúla chun na hábhair seo a aithint. Marcálfar na scrúduithe seo a leanas ar líne.

| Ábhar | Leibhéil | Comhpháirt |
|---|---|---|
| Gaeilge | Ardleibhéal & Gnáthleibhéal | Páipéar 2 |
| Béarla | Ardleibhéal & Gnáthleibhéal | Páipéar 1 & Páipéar 2 |
| Stair | Ardleibhéal & Gnáthleibhéal | Páipéar 1 |
| Fisic | Ardleibhéal & Gnáthleibhéal | Páipéar 1 |

| Ábhar | Leibhéil | Comhpháirt |
|---|---|---|
| Ceimic | Ardleibhéal & Gnáthleibhéal | Páipéar 1 |
| Innealtóireacht | Ardleibhéal & Gnáthleibhéal | Páipéar 1 |
| Cuntasaíocht | Ardleibhéal & Gnáthleibhéal | Páipéar 1 |
| Oideachas Reiligiúnach | Ardleibhéal & Gnáthleibhéal | Páipéar 1 |

**Is gá d'iarrthóirí an t-ábhar a scríobh sa spás atá curtha ar fáil ar an gclúdach chun tosaigh.**
**Stáiseanóireacht bhreise.**

- Tá trí tháirge stáiseanóireachta breise de chuid na hArdteistiméireachta;
- Tá dhá tháirge stáiseanóireachta breise don tSraith Shóisearach.

## Don Ardteistiméireacht

- Freagarleabhar breise ina bhfuil 4-leathanach agus ina bhfuil leathanath clúdaigh ar **dath Bán** é agus trí leathanach ar a bhfuil línte.
- Freagarleabhar breise Grafpháipéir ina bhfuil 4-leathanach agus ina bhfuil leathanach clúdaigh ar **dath Bán** é agus trí leathanach de ghrafpháipéar.
- Freagarleabhar stáiseanóireachta Cuntasaíochta ina bhfuil 4-leathanach agus ina bhfuil leathanach clúdaigh ar **dath Bán** é agus trí leathanach de pháipéar cuntasaíochta. Ba chóir é seo a úsáid áit a n-iarrann iarrthóir ceann amháin chun an cheist roghnach sa chutasaíocht a fhreagairt.

**Tabhair faoi deara le do thoil nach bhfuil aon leathanaigh cuntasaíochta curtha isteach sa fhreagarleabhar nua de chuid na hArdteistiméireachta.**

Ní mór páipéar breise an iarrthóra a chur isteach laistigh den chlúdach ar chúl den leabhar ceisteanna agus freagraí is féidir a chur ar ais **nó** laistigh den chlúdach ar chúl de fhreagarleabhar nua na hArdteistiméireachta de réir mar is cuí

## Don tSraith Shóisearach

- Freagarleabhar breise ina bhfuil 4-leathanach agus ina bhfuil leathanath clúdaigh ar **dath Glas** é agus trí leathanach ar a bhfuil línte
- Freagarleabhar breise Grafpháipéir ina bhfuil 4-leathanach agus ina bhfuil leathanach clúdaigh ar **dath Glas** é agus trí leathanach de ghrafpháipéar.

**Dearadh na leabhair ceisteanna agus freagraí is féidir a chur ar ais le go mbeidh dóthain spáis scríbhneoireachta iontu d'iarrthóirí. Ar an gcúis seo, níor chóir go mbeadh páipéar breise ag teastáil.**

**Soláthar na Stáiseanóireachta Breise**

- I gcomhréir le treoracha seanbhunaithe CSS sna scrúduithe uile, **ní ceadmhach duit páipéar breise a thabhairt amach ag tús an scrúdaithe.**
- Tugtar treoir duit gan páipéar breise a thabhairt d'iarrthóirí **ach amháin** nuair atá an spás ar fad úsáidte acu ina gceistpháipéar nó sa phríomh-fhreagarleabhar.
- Tá méid na bhfreagarleabhar breise laghdaithe ag CSS i mbliana mar go bhfuil an páipéar scrúdaithe i gcuid mhór ábhar sa fhreagarleabhar freisin. Ba chóir duit aird a thabhairt air seo nuair atá seiceáil á déanamh agat ar do sholáthar stáiseanóireachta, mar gur pacáladh an stáiseanóireacht ar feadh thréimhse iomlán na scrúduithe i d'ionad.
- Mura bhfuil go leor d'earra stáiseanóireachta ar leith agat;
  - Téigh i dteagmháil le d'Fheitheoir Comhpháirtíochta nó
  - Téigh i dteagmháil le Feitheoir in ionad atá gar duit nó

- Téigh i dteagmháil le CSS ar 090 6442702.

**Tabharfar tús áite d'iarratais ar stáiseanóireacht atá ag teastáil le haghaidh seisiúin scrúdaithe atá ar tí tosú. Tá sé ríthábhachtach go ndéantar soláthar na stáiseanóireachta a sheiceáil ina iomláine ar an lá roimh thús na scrúduithe**.

Ba chóir duit seiceáil ar leith a dhéanamh go bhfuil dóthain díobh seo a leanas agat:

- Leabhráin Foirmlí agus Táblaí
- Stáiseanóireacht Cuntasaíochta Nua
- Páipéar Breise
- Grafpháipéar.

## 3. Stampa an Ionaid

- Cuirfear stampa agus ceap dúigh ar fáil duit i do chlúdach de chuid an Fheitheora leis an ábhar i d'ionad a aithint i gceart.

**Déan cinnte de go bhfuil Stampa an Ionaid ag teacht le uimhir d'Ionaid Scrúdaithe.**

**TABHAIR FAOI DEARA: Ceann de na hearráidí is coitianta a dhéanann Feitheoirí ná gan uimhir an ionaid a athrú go dtí an ceann dá n-ionad. Mar thoradh air seo stampáladh scripteanna le huimhir an ionaid mhícheart. Lena leithéid d'earráidí d'fhéadfadh moill agus deacrachtaí a bheith ann agu torthaí scrúdaithe á bpróiseáil d'iarrthóirí.**

## 4. An tIonad Scrúdaithe a Ullmhú

Iarrtar ort na céimeanna seo a leanas a dhéanamh agus an t-ionad á ullmhú agat:

- Taispeáin go soiléir na fógraí seo a leanas laistigh agus lasmuigh den ionad scrúdaithe:
  - **Na Tráthchláir**
  - **Pionós Fógra as ucht na Rialacháin a Shárú**
  - **Fógra go bhfuil Scrúdú ar siúl**
  - **Fógra d'iarrthóirí maidir le dath chlúdaigh na gceistpháipéar**
- **Cuir an fógra Scrúduithe ar Siúl ar taispeáint go soiléir lasmuigh den doras isteach.**
- Bain amach as an ionad oideachais na léarscáileanna, cairteacha agus ábhar oideachais eile nó iompaigh bunoscionn iad san ionad oideachais.
- Ba chóir go mbeadh clog ar a léirítear an t-am ceart ar taispeáint go soiléir san ionad oideachais. Mura bhfuil clog san Ionad cheana féin, ba chóir ceann a fháil ón scoil. Ba chóir go mbeadh gnéithe an chloig le feiceáil go soiléir ag na hiarrthóirí uile. Ba chóir duit seiceáil a dhéanamh go rialta lena chinntiú go bhfuil na cloig ar fad a úsáidtear san ionad scrúdaithe in ordú maith oibre.
- Eagraigh na deasca ionas go mbeidh na hiarrthóirí ina suí 1.5 méadar nó 5 troithe ar laghad óna chéile (chun tosaigh, ar chúl agus taobh le taobh).
- Cuirfear lipéid ghreamaitheacha réamhphriontáilte ar fáil ar a mbeidh scrúduimhreacha na n-iarrthóirí. Cuir iad ar bhonn seicheamhach ar na deasca ag obair i línte ó thosach an seomra go dtí an cúl. Cuirfear lipéid ghreamaitheacha fholmha ar fáil freisin d'iarrthóirí atá ag aistriú ó ionaid eile, d'Iarrthóirí Seachtracha agus do Thrialacha Cluastuisceana etc.
- Nuair a bheidh na socruithe seo déanta, tarraing plean den ionad scrúdaithe. Ba chóir go mbeadh an plean seo a tharraingt thart ar an scála ar Fhoirm Tuairisce Deiridh S.4P agus ba chóir go léireofaí an méid seo a leanas:
  - an suíomh cruinn atá tugtha do gach iarrthóir, ina léirítear i ngach cás an scrúduimhir
  - an treo a dtugann iarrthóirí aghaidh air
  - suíomh do bhoird
  - suíomh na mbealaí isteach agus na bhfuinneog

- Ní mór pleananna breise a ullmhú nuair is gá, e.g., Trialacha cluastuisceana le suíomh an tseinnteora dlúthdhiosca a chur san áireamh.
- **Déan cinnte de go gcoinnítear an t-ionad scrúdaithe glan agus néata i rith thréimhse na scrúduithe i d'ionad**.

## 5. Trialacha Cluastuisceana agus Closamhairc

Áit a bhfuil iontráil déanta i leith iarrthóirí ar an rolla d'ábhair ina bhfuil triail chluastuisceana, ba chóir don Fheitheoir dul i gcomhairle le príomhoide na scoile nó le bainisteoir an ionaid i dtaca le feitheoireacht a dhéanamh ar an gcéanna.

Cuireadh miontreoracha ar fáil do scoileanna faoi threalamh seanma dlúthdhioscaí agus DVDanna a eagrú agus a thástáil sna hionaid uile roimh ré.

Tá trialacha cluastuisceana sna hábhair: Gaeilge, na Nuatheangacha Iasachta, Ceol agus Oideachas Sóisialta ATF agus tá triail chlosamhairc ag Béarla agus Cumarsáid ATF.

Tá léargas ginearálta ar na treoracha scoile curtha ar fáil thíos mar eolas duit:

- Ba chóir d'Fheitheoirí dul trí na socruithe atá déanta le dlúthdhioscaí/DVDanna a sheinm le húdarás na scoile ar an lá a thagann siad chuig an scoil. Beidh rochtain ag Feitheoirí ar an trealamh agus ba chóir treoir a thabhairt dóibh faoin gcaoi ina bhfeidhmítear iad.
- Ní mór an trealamh seanma uile a choinneáil go maith, in ordú maith oibre agus ní mór é a thástáil ina iomláine san ionad scrúdaithe ceart sula n-úsáidtear iad sna scrúduithe beo.
- Nuair is féidir, níor chóir go mbeadh ar iarrthóirí seomraí a bhogadh le haghaidh na dtrialacha cluastuisceana ná na trialacha closamhairc. Iarradh ar scoileanna a chinntiú, chomh fada agus is féidir, go bhfuil an trealamh agus áiseanna riachtanacha ag na seomraí atá roghnaithe chun soláthar a dhéanamh do na scrúduithe uile san ionad.
- Ba chóir go mbeadh na hiarrthóirí atá ag déanamh na scrúduithe seo in ann an dlúthdhiosca a chloisteáil, agus an DVD a chloisteáil agus a fheiceáil go soiléir, cé acu an bhfuil siad sa phríomhionad nó san ionad scrúduithe speisialta. Chun saincheisteanna a thagann chun cinn i rith na tástála agus an cur isteach ar d'iarrthóirí a sheachaint, is gá do scoileanna seiceálacha a dhéanamh roimh na scrúduithe.
- Ba chóir go mbeadh trealamh ar fáil i ngach príomhionad scrúdaithe agus ionad scrúdaithe speisialta chun seinm na ndlúthdhioscaí a éascú, nó, ní mór go mbeadh socruithe i bhfeidhm d'iarrthóirí chun a dtrialacha cluastuisceana agus a dtrialacha closamhairc a dhéanamh i seomra oiriúnach eile.
- Is fearr go mbeidh fad 1.5 m nó 5 troithe coinnithe idir iarrthóirí (chun tosaigh, ar chúl agus taobh le taobh) i ngach cóiríocht scrúdaithe, lena n-áirítear aon seomraí a úsáidtear do thrialacha cluastuisceana nó do thrialacha closamhairc.
- **Tá Dlúthdhiosca ar leith do Thriail Chluastuisceana Bonnleibhéil na Gaeilge.**
  Dá bhrí sin, ní **mór go mbeidh iarrthóirí Bonnleibhéil in ionad scrúdaithe eile seachas an t-ionad ina bhfuil an dá leibhéal eile.** Leis seo, b'fhéidir go mbeidh gá le hionad breise a chur ar bun. Is gá d'iarrthóirí fanacht san ionad ina ndéanann siad an triail chluastuisceana ar feadh thréimhse an scrúdaithe, mar nach seisiún ar leith ón bpáipéar scríofa í an triail chluastuisceana.
- Sa chás go bhfuil deacracht le dlúthdhioscaí/DVDanna a sheinm ar lá na trialach, is gá d'Fheiteoirí tuairisciú a dhéanamh faoi seo agus sonraí faoin obair ullmhúcháin a rinne an scoil a chur san áireamh.
  Cuirfear rochtain ar fáil don scoil ar an tuairisc agus beidh an deis aici cóip den tuairisc a fháil más mian léi. B'fhéidir gur mian le scoileanna eolas breise a chur ar fáil díreach go dtí CSS.
  Ba chóir fiosruithe a bhaineann leis na trialacha cluastuisceana nó na trialacha closamhairc i rith na scrúduithe a chur ar ríomhphost chuig: race@examinations.ie

Féach an leabhrán Treoracha Laethúla (Cuid 1) maidir le sonraí faoi na Trialacha Cluastuisceana agus na Trialacha Closamhairc a eagrú, a thástáil agus a reáchtáil san ionad.

## 6. Ionaid Speisialta

Seiceáil na sonraí le hÚdaráis na Scoile maidir le Feitheoirí a cheapadh d'ionaid scrúdaithe speisialta agus i d'ionaid ama bhreise, nó cé acu ar cuireadh socruithe réasúnta ar fáil d'aon scoláirí i do phriomhionad. Cuir aithne ar Fheitheoirí na n-ionad speisialta agus ama breise atá ceaptha le haghaidh d'ionaid.

## 7. Freastalaithe

Le haghaidh scrúduithe 2026, fostóidh an scoil duine oiriúnach chun gníomhú mar fhreastalaí i d'ionad. Eagróidh an scoil le híocaíochtaí a dhéanamh leis na freastalaithe freisin.

Ní mór don fhreastalaí a bheith coinnithe amach as an ionad le linn thréimhse an scrúdaithe agus i rith dháileachán na bpáipéar scrúdaithe.

**Tá cosc curtha ar fhreastalaithe ón méid seo a leanas a dhéanamh:**

- Páipéir scrúdaithe nó stáiseanóireacht a dháileadh agus a bhailiú,
- Aon dualgais feitheoireachta a dhéanamh san ionad scrúdaithe agus
- Freagarleabhair iarrthóirí a bhailiú tar éis gach scrúdaithe.

**Ba chóir duit an Freastalaí ar chur ar an eolas faoina ról agus a f(h)reagrachtaí – sonraí in Aguisín 1.**

**N.B. Trí theagmháil a dhéanamh le hÚdaráis na Scoile, éilítear ar fhreastalaithe iarracht a dhéanamh le smacht a choinneáil ar an torann timpeall an ionaid chomh fada agus is féidir.**

**Ach, mar Fheitheoir tá tú freagrach as déileáil lena leithéid de shaincheisteanna agus ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le hÚdarás na Scoile má tá aon deacrachtaí le smacht a choinneáil ar an torann agus/nó ar iompar na scoláirí lasmuigh den ionad.**

# Cuid 4 – Neamhláithreachtaí Agus Treoir Maidir le hUllmhúchán a Dhéanamh do Scrúdú

## Neamhláithreachtaí Iarrthóirí ó Scrúduithe a Thuairisciú

- Ba chóir d'údaráis na scoile a thuairisciú duit faoi neamhfhreastal iarrthóirí ar sheisiúin scrúdaithe ar leith.
- Ní mór neamhfhreastal a thaifeadadh mar neamhláithreacht ar na Liostaí Faisnéise agus ar Rolla an Ionaid.

## Neamhláithreachtaí Feitheoirí

- Mura bhfuil tu in ann do dhualgais a chomhlíonadh, ar chúis ar bith, is gá duit é sin a chur in iúl do CSS láithreach bonn. Ag brath ar an gcuidiú ó CSS, agus ag brath ar cé chomh gar agus atá an chéad scrúdú eile, b'fhéidir go mbeidh ort é sin a chur in iúl don scoil go díreach freisin mar go mb'fhéidir go mbeidh ar bhall foirne ón scoil d'áit a ghlacadh má tá an scrúdú ar tí tosú.
- Beidh Feitheoirí ionaid ag CSS ar fáil chun teacht in áit iad siúd a bheidh as láthair nach bhfuil neart air. B'fhéidir go mbeidh sé riachtanach anois is arís go nglacfaidh bainistíocht na scoile, an cúntóir scrúdaithe nó Feitheoir ionaid speisialta a bhfuil taithí aige/aici, ról Fheitheoir an phríomhionaid a ghlacadh, go dtí an uair is féidir Feitheoir ionaid a chur chuig an scoil.
- Mar is dual, beidh CSS ag iarraidh ort a bheith ar fáil ar feadh thréimhse iomlán na scrúduithe. Ach, ceadóidh CSS neamhláithreacht ghearr i gcásanna áirithe ar nós coinní leighis práinneacha nó chun freastal ar agallamh. Tabhair faoi deara, déanfaidh CSS iarracht freastal ar neamhláithreacht aon uaire ar na cúiseanna seo, ach má bhíonn níos mó ná neamhláithreacht amháin den sórt seo ann, beidh ar an bhfeitheoir éirí as a p(h)ost. B'fhédir go n-iarrfaí ar údaráis na scoile cuidiú lena leithéid de neamhláithreachtaí gearrthéarmacha d'Fheitheoirí príomhionaid. Rachaidh CSS i dteagmháil le scoileanna agus le Feitheoirí ar bhonn aonair, maidir lena leithéid de shocruithe. **Tabhair faoi deara le do thoil nach n-íocfar tú d'aon neamhláithreacht ó do phost.**

**Tabhair faoi deara: Níor chóir riamh go mbeadh an Freastalaí fostaithe le dualgais feitheoireachta a chomhlíonadh i d'ionad.**

## Treoirlínte Maidir Le Freastal Agus Ligean Isteach Ar Na Scrúduithe

### 1. Freastal roimh gach seisiún scrúdaithe

Ar an gcéad mhaidin de na scrúduithe (Dé Céadaoin an 03 Meitheamh 2026), ba chóir duit a bheith sa scoil ar 8.30a.m. chun an próiseas bailíochtaithe a eagrú lena n-áirítear bualadh le d'Fheitheoir Comhpháirtíochta agus chun iarrthóirí a ligean isteach. **Ní mór duit a bheith san ionad leathuair an chloig ar a laghad roimh gach seisún scrúdaithe ina dhiaidh sin.**

### 2. Ligean isteach iarrthóirí a thagann go déanach

- **Ach amháin má bhíonn cúinsí maolaitheacha ann ar nós cur isteach ar iompar poiblí nó eile, níor chóir go gceadófaí d'iarrthóir dul isteach san ionad scrúdaithe tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis am tosaithe sceidealaithe an scrúdaithe.**
- Má ligtear iarrthóir isteach go déanach, de bharr cúinsí eisceachtúla, ní mór duit na sonraí a thaifeadadh ar an Liosta Faisnéise. Níor chóir duit, i gcás ar bith, cead a thabhairt d'iarrthóir obair a dhéanamh ar pháipéar scrúdaithe ag aon am eile seachas an t-am atá leagtha amach sa tráthchlár oifigiúil, ach amháin má fhaightear treoir eile ar leith ó CSS.
- Sa chás go dtagann iarrthóir go déanach le haghaidh scrúdaithe áit a bhfuil triail chluastuisceana nó

triail chlos-amhairc ag tús an scrúdaithe, ní bheifear in ann an t-iarrthóir a ligean isteach san ionad a luaithe agus a thosaíonn an triail. Is féidir an t-iarrthóir a ligean isteach go dtí an chuid scríofa den scrúdú.

- Go hiondúil níos chóir iarrthóirí a ligean isteach a thagann go déanach do thriail chluastuisceana nó triail chlos-amhairc nach bhfuil mar chuid de sheisiún an pháipéir scrúdaithe scríofa. Ba chóir teagmháil a dhéanamh le CSS le haghaidh comhairle faoin triail chluastuisceana.

**3. Iarrthóirí ag déanamh scrúduithe in ionad mícheart.**

Má thagann iarrthóirí i láthair i d'ionad le haghaidh scrúdaithe, ach nach raibh siad sannta do d'ionad, ba chóir go ligfí do na hiarrthóirí fanacht san ionad.

Ba chóir go mbeadh nóta curtha isteach sa Liosta Faisnéise agus ba chóir na hiarrthóirí a iontráil ar Rolla an Ionaid agus ar an Liosta Faisnéise, féach CUID 14 agus CUID 15 maidir le 'Treoracha le Rolla an Ionaid agus leis na Liostaí Faisnéise a Chomhlánú'.

**4. Pionós le Rialacháin a bheith Sáraithe ag Iarrthóirí.**

**Roimh gach seisiún scrúdaithe, tarraing aird na n-iarrthóirí ar an bhFógra um Pionós as ucht na Rialacháin a Shárú.**

- Ní mór duit treoir a thabhairt d'iarrthóirí nach bhfuil cead acu na gléasanna seo a leanas a bheith acu, is cuma má tá siad casta ar siúl nó mura bhfuil, nó mura bhfuil siad i bpúitse faoi ghlas nó nach bhfuil, san ionad:
    - **fóin phóca**
    - **uaireadóirí cliste**
    - **ríomhairí glúine/táibléid**
    - **seinnteoirí ceoil pearsanta**
    - **teicneolaíocht is féidir a chaitheamh**
    - **ná aon ghléasanna leictreonacha eile**
- Ba chóir go mbeadh socruithe i bhfeidhm ag an scoil le cúram sábháilte a thabhairt do ghléasanna leictreonacha.
- **Tabhair faoi deara le do thoil go mbeidh eisceachtaí ann d'iarrthóirí socruithe réasúnta a úsáideann Teicneolaíocht Chúnta.**
- Treoraigh na hiarrthóirí le seiceáil a dhéanamh nár fágadh páipéir scrúdaithe, leabair, nótaí, cásanna pinn luaidhe, etc., timpeall a ndeasc ná go bhfuil siad orthu go pearsanta.
- Ní mór deis a thabhairt d'iarrthóirí aon earraí a bhfuil cosc orthu a thógáil amach ón ionad scrúdaithe.
- Féach Cuid 18 den leabhrán seo le hagaidh na nósanna imeachta atá le leanúint sa chás go bhfuil amhras faoi shárú ar na rialacháin.

**5. Meabhrúchán d'Iarrthóirí maidir le dathanna na bpáipéar scrúdaithe.**

Roimh gac seisiún scrúdaithe, tarraing aird na n-iarrthóirí ar an bhfógra ina gcuirtear i gcuimhne do na hiarrthóirí go bhfuil na páipéir scrúdaithe do na leibhéil dhifriúla dathchódaithe leis an leibhéal a chur in iúl.

# Cuid 5 – Páipéir Scrúdaithe Agus Freagarleabhair a Bhailíochtú, a Oscailt agus a Dháileadh

## 1. Ról an Fheitheora Chomhpháirtíochta agus Pacáistí na bPáipéar Scrúdaithe a Bhailíochtú

Tá sonraí d'Fheitheora Chomhpháirtíochta curtha in iúl i do Phacáiste de chuid an Fheitheora. Sa chóras Feitheora Chomhpháirtíochta éilítear ort obair i gcomhar le Feitheoir eile roimh gach suí scrúdaithe, lena chinntiú go ndéanann sibh beirt pacáistí na bpáipéar scrúdaithe a bhailíochtú, agus go bhfuil na pacáistí cearta agaibh beirt don chéad seisiún sceidealaithe eile.

Déanfaidh iarrthóir san ionad bailíochtú freisin ar na páipéir scrúdaithe a oscailt sula dtosaíonn gach seisiún scrúdaithe. Tabhair faoi deara nach féidir leat ach na páipéir scrúdaithe amháin ón mbosca scrúdaithe don chéad scrúdú eile atá sceidealaithe le tosú.

**N.B.: Tá cosc ar pháipéir scrúdaithe a bhaint ó bhosca na bPáipéar Scrúdaithe do na seisiúin ar maidin agus um thráthnóna araon ag an am céanna.**
**De bharr an eatraimh ghearr idir na trialacha cluastuisceana agus na scrúduithe scríofa, is ceadmhach na páipéir scrúdaithe don triail chluastuisceana ar leith ag an am céanna leis an bpáipéar scrúdaithe scríofa san ábhar sin.**

Sula dtosaíonn gach seisiún scrúdaithe ní mór duit bualadh le d'Fheitheoir Comhpháirtíochta san ionad atá curtha ar fáil duit ag an scoil, lena chinntiú gurb é an pacáiste ceart a bhailigh tú ó bhosca na bpáipéar scrúdaithe atá ann don seisiún atá ar tí tosú.

Iarradh ar údaráis scoileanna ionad sábháilte agus oiriúnach a chur ar fáil d'Fheitheoirí chun críocha le bualadh le chéile le pacáistí na bpáipéar scrúdaithe a bhailíochtú. Féach an leabhrán Treoracha Laethúla le haghaidh sonraí ar na hábhair ar leith.

Ní mór duit agus do d'Fheitheoir Comhpháirtíochta a dheimhniú:

**(a)** go bhfuil na séalaí uile slán agus nár baineadh de na pacáistí ná nár osclaíodh iad.
**(b)** tá na sonraí scrúdaithe ar lipéad gach pacáiste i gcomhréir leis an tráthchlár agus tá siad i gceart don seisiún scrúdaithe atá ar tí tosú. Is féidir teacht ar na tráthchláir ábhartha chun tosaigh ar gach leabhrán Treoracha Laethúla faoi seach de chuid an Fheitheora.

**Ní mór duit an Dearbhú ar Phainéal 1 de phacáiste na bpáipéar scrúdaithe a chomhlánú agus a shíniú araon ansin.**

Má tá tú ceaptha do scoil nach bhfuil ach ionad scrúdaithe amháin ann ní mór duit an próiseas atá leagtha amach thuas a reáchtáil trí theagmháil a dhéanamh le hionadaí údarás na scoile (Cúntóir Scrúdaithe, Rúnaí na Scrúduithe, Leas-Phríomhoide, Príomhoide/Bainisteoir).

Mura bhfuil, ar chúis ar bith, d'Fheitheoir Comhpháirtíochta ar fáil, má tá moill air/uirthi ag teacht ar ais chuig a (h)ionad, nó mura bhfuil iarrthóirí ar bith don scrúdú ina (h)ionad do sheisiú(i)n ar leith, ní mór duit an próiseas a reáchtáil trí theagmháil a dhéanamh le Feitheoir eile atá ceaptha don scoil nó le hionadaí d'údarás na scoile (Cúntóir Scrúdaithe, Rúnaí na Scrúduithe, Leas-Phríomhoide, Príomhoide/Bainisteoir).

Nuair atá tú sásta go bhfuil na pacáistí cearta de chuid na bpáipéar scrúdaithe agat don seisiún atá tú ar tí a thosú, téigh chuig d'ionad leis na pacáistí nach bhfuil oscailte.

**Níor chóir duit i gcás ar bith pacáiste páipéar scrúdaithe a bhailíochtú le haghaidh scrúdaithe seachas an ceann atá ar tí tosú.**

**Ní mór pacáistí na bpáipéar scrúdaithe do sheisiún na maidine (i ndath glas) a bhailíochtú ar maidin agus na pacáistí don seisiún an tráthnóna (i ndath oráiste) a bhailíochtú um thráthnóna.**

Má tharlaíonn rud ar bith a d'fhéadfadh bagairt a dhéanamh ar shláine na scrúduithe, glaoigh ar CSS láithreach bonn ar

**1800 283 071.**

## 2. Pacáistí na bPáipéar Scrúdaithe a Oscailt

**Ná hoscail pacáistí na bpáipéar scrúdaithe go dtí go bhfuil tú san ionad agus réidh leis an scrúdú a thosú.**

Féach ar an leabhrán Treoracha Laethúla agus an Liosta Leasuithe le haghaidh na socruithe ar leith do gach seisiún scrúdaithe. Cuireadh iad seo ar fáil duit i do chlúdach de chuid an Fheitheora.

**Díreach sula n-osclaíonn tú pacáiste/pacáistí na bpáipéar scrúdaithe:**

1. iarr ar iarrthóir ón ionad a dheimhniú go bhfuil na pacáistí do gach leibhéal dúnta agus go bhfuil na séalaí ar na pacáistí slán.
2. agus an deimhniú sin faighte agat, iarr ar an iarrthóir sin gach **Painéal 2 Mar fhinné ar oscailt an phacáiste a shíniú.**
3. ansin os comhair an iarrthóra sin, oscail na pacáistí.
4. seiceáil go bhfuil gach páipéar i ngach pacáiste i gceart don seisiún scrúdaithe sin sula ndéantar **iad a dháileadh aghaidh in airde ar na hiarrthóirí.**

**Meabhrúchán d'iarrthóirí maidir le dath chlúdaigh na bpáipéar scrúdaithe.**

- Roimh gach seisiún scrúdaithe, tarraing aird na n-iarrthóirí ar an bhfógra ina gcuirtear i gcuimhne do na hiarrthóirí faoi dhathchódú chlúdaigh na bpáipéar scrúdaithe.

### Dath chlúdaigh na bpáipéar Scrúdaithe – Féach an Fógra mar áis amhairc.

Tá na páipéir scrúdaithe priontáilte sna dathanna seo a leanas:

| AN ARDTEISTIMÉIREACHT: | AN ARDTEISTIMÉIREACHT FHEIDHMEACH: | AN tSRAITH SHÓISEARACH: |
|---|---|---|
| **ARDLEIBHÉAL:** Clúdach **Bándearg & Bán** le héilips ina bhfuil leathanaigh bhána taobh istigh | **COMHLEIBHÉAL:** Clúdach **Moca & Bán** le héilips ina bhfuil leathanaigh bhána taobh istigh | **ARDLEIBHÉAL:** Clúdach **Líolóige & Bán** le héilips ina bhfuil leathanaigh bhána taobh istigh |
| **GNÁTHLEIBHÉAL:** Clúdach **Gorm & Bán** le héilips ina bhfuil leathanaigh bhána taobh istigh | | **GNÁTHLEIBHÉAL:** Clúdach **Buí & Bán** le héilips ina bhfuil leathanaigh bhána taobh istigh |
| **BONNLEIBHÉAL:** Clúdach **Péitseoige & Bán** le héilips ina bhfuil leathanaigh bhána taobh istigh | | **COMHLEIBHÉAL:** Clúdach **Ócair & Bán** le héilips ina bhfuil leathanaigh bhána taobh istigh |

## 3. Na Páipéir Scrúdaithe a Dháileadh

**Ní mór** na páipéir scrúdaithe a thabhairt amach i gcomhréir leis na dátaí agus na hamanna atá luaite::

(1) ar an tráthchlár,

(2) ar lipéad phacáiste/phacáistí na bpáipéar scrúdaithe agus

(3) de réir na dTreoracha Laethúla ábhartha don scrúdú atá ar tí tosú.

**Dáil na páipéir scrúdaithe aghaidh in airde agus tabhair treoir do na hiarrthóirí gan iad a oscailt go dtí go gcuireann tú in iúl dóibh é sin a dhéanamh. Ná déan dearmad, le haghadh roinnt ábhar ní mór**

**duit na páipéir scrúdaithe agus na freagarleabhair a dháileadh freisin.**

### I ngach ábhar ARDTEISTIMÉIRACHTA

- Tá páipéir scrúduithe ar leith don Ardleibhéal agus don Ghnáthleibhéal.
- Sa Mhatamaitic agus sa Ghaeilge, tá Bonnleibhéal ann freisin.
- Ní gá d'iarrthóirí a leibhéal a roghnú go dtí tús an scrúdaithe i ngach ábhar.
- Seiceáil an leibhéal atá ag teastáil le gach iarrthóir **sula** ndéantar na páipéir scrúdaithe a dháileadh.
- Níor chóir i gcás ar bith páipéir scrúdaithe ar bith a sholáthar d'iarrthóir ná níor chóir go mbeadh sé/sí in ann iad a fheiceáil sula ndéanann sé/sí a rogha.

### In ábhair na SRAITHE SÓISEARAÍ

- Tá páipéir scrúduithe ar leith don Ardleibhéal agus don Ghnáthleibhéal sa Ghaeilge, Béarla agus Matamaitic.
- Do na hábhair eile ar fad is páipéar Comhleibhéil atá ann.
  **Tabhair faoi deara: Ní ceadmhach d'iarrthóirí Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí leibhéil a athrú ar an lá an scrúdaithe. Má tá athrú i leibhéal á iarraidh ag iarrthóir, téigh i dteagmháil le ball d'údarás na scoile (féach nóta 4 thíos)**
- Dáil na páipéir scrúdaithe i gcomhréir leis an leibhéal atá priontáilte ar Rolla an Ionaid agus atá deimhnithe mar an leibhéal ceart ag an scoil

- Sna scrúduithe uile priontáiltear leaganacha Gaeilge agus Béarla de na páipéir scrúdaithe astu féin. Féach Fógra Speisialta sa leabhrán Treoracha Laethúla maidir leis na pacáistí den leagan Gaeilge de na páipéir scrúdaithe.
- Tá iarrthóirí a chuirtear an leagan Gaeilge de pháipéar ar fáil dóibh i dteideal an leagan Béarla a fháil freisin má iarrann siad é.
- Ní mór d'iarrthóirí a gcuirtear na leaganacha Gaeilge agus Béarla ar fáil dóibh leagan amháin den fhreagarleabhar a chur ar ais.

- **N.B. Tabhair treoir d'iarrthóirí nár chóir dóibh ach leagan amháin a chur i gcrích, Béarla nó Gaeilge, ach gan an dá cheann a chur i gcrích.** Ach, nuair atá na freagarleabhair á mbailiú agat nuair atá an scrúdú críochnaithe, seiceáil an dá fhreagarleabhar lena chinntiú go gcuirtear aon obair a chuir an t-iarrthóir i gcrích ar an lá sin ar ais sa phost go dtí CSS. Ná cuir ar ais freagarleabhar áit ar cuireadh obair i gcrích ann.

- In aon ábhar ina bhfuil níos mó ná páipéar amháin e.g. Matamaitic na hArdteistiméireachta, is gá don iarrthóir na páipéir uile a dhéanamh ag an leibhéal céanna; **ní féidir le hiarrthóirí páipéar amháin a dhéanamh ag an Ardleibhéal agus ceann eile a dhéanamh ag an nGnáthleibhéal.**
- Tabhair treoir d'iarrthóirí gan tús a chur leis an scríbhneoireacht go dtí go ndeir tú leo.
- Nuair a dhéantar na páipéir scrúdaithe a dháileadh, tabhair treoir do na hiarrthóirí féachaint ar a bpáipéir scrúdaithe. Sula dtosaíonn siad ag obair, iarr ar na hiarrthóirí seiceáil a dhéanamh gur tugadh an páipéar scrúdaithe ceart dóibh agus an freagarleabhar má tá sé ag teastáil.
- Fógair aon leasuithe agus na leasuithe uile don scrúdú seo mar atá curtha ar fáil sa Liosta Leasuithe. Ná léirmhínigh riamh aon botún cló ná fabht a dhealraítear atá sa pháipéar scrúdaithe ach amháin i gcomhar leis an Liosta Leasuithe nó le treoracha eile atá eisithe ag CSS.
- Ar deireadh, tabhair treoir do na hiarrthóirí clúdach tosaigh a bhfreagarleabhair a líonadh isteach go cruinn agus ansin tús a chur leis an obair.
- Sa chás go bhfuair tú páipéir scrúdaithe dháilte gur cosúil go bhfuil siad lochtach (e.g. doléite, leathanaigh in easnamh nó cóipeanna de leathanaigh), beidh an rud a dhéanfaidh tú ag brath ar cé acu an é cuid de na páipéir scrúdaithe nó na páipéir scrúdaithe uile atá lochtach. Más rud é nach bhfuil ach roinnt de na páipéir scrúdaithe lochtach, b'fhéidir go bhféadfaí socrú a dhéanamh le cóipeanna den pháipéar ceart a bheith curtha ar fáil do na hiarrthóirí. Ar aon nós, ní mór duit an

gníomh seo a leanas a dhéanamh;

- Téigh i dteagmháil le CSS láithreach bonn ar

**1800 283 071**

má cheapann tú go ndearna tú aon earráid agus na páipéir scrúdaithe á dtabhairt amach agat nó má tá páipéar lochtach. Sa chás seo ba chóir duit iarraid ar an bhfreastalaí teagmháil a dhéanamh leis an Cúntóir Scrúdaithe le teacht chuig an ionad ionas go mbeidh tú in ann teagmháil a dhéanamh le CSS.

- Má thagtar ar lochtanna sna páipéir scrúdaithe tar éis duit iad a dháileadh ar na hiarrthóirí ní mór duit freisin:
  - ✓ A chinntiú go bhfanann na hiarrthóirí socair.
  - ✓ A chur in iúl do na hiarrthóirí go ndeachaigh tú i dteagmháil le CSS.
  - ✓ A chinntiú go ndéantar cúiteamh ar aon am a chailleann na hiarrthóirí mar thoradh ar earráid ag deireadh an scrúdaithe.
- Tá CSS ag súil go bhfeidhmeoidh na Feitheoirí uile cur chuige ciallmhar chun déileáil le heachtraí a thagann chun cinn agus na scrúduithe á reáchtáil agus chun teagmháil a dhéanamh le húdarás na scoile agus/nó CSS chun déileáil leis na heachtraí seo.
- Seachas páipéir scrúdaithe a thabhairt d'Fheitheoirí ionaid speisialta agus ionaid ama bhreise (d'iarrthóirí in ionaid speisialta agus ionaid ama bhreise atá ceangailte le d'ionad) ní ceadmhach duit páipéir scrúdaithe a thabhairt d'aon duine eile.
- Ag deireadh an scrúdaithe ba chóir fuílleach na gceistpháipéar a chur ar ais go dtí CSS sa Bhosca Stáiseanóireachta in éineacht le pacáistí na bpáipéar scrúdaithe a osclaíodh agus nár osclaíodh.
- Foilseofar na páipéir scrúdaithe do gach scrúdú ar shuíomh gréasáin CSS – go hiondúil ar 11:30 AM do scrúduithe na maidine agus 4:00 PM do scrúduithe an tráthnóna cé go bhféadfadh sé seo a bheith éagsúil ag brath ar thráthchlár an lae sin. **Ba chóir a chur in iúl don phearsanra sa scoil atá ag iarraidh rochtain a dhéanamh ar na páipéir scrúdaithe dá réir sin.**
- Ní ceadmhach ligean d'iarrthóirí a fhágann an scrúdú go luath **fágáil le páipéir scrúdaithe**.

**Ba chóir a chur in iúl don phearsanra atá ag iarraidh rochtain a dhéanamh go luath ar pháipéir scrúdaithe ó d'ionad, má thugtar amach páipéir scrúdaithe do dhuine ar bith, seachas mar atá leagtha amach sna Treoracha Ginearálta, gur bagairt é seo ar shlándáil agus ar shláine na scrúduithe agus ní cheadófar é seo ar chúinse ar bith.**

## 4. 4. An tSraith Shóisearach – Iarratais ar leibhéal an ábhair a athrú

**Cuirtear i gcuimhne d'Fheitheoirí ionaid na Sraithe Sóisearaí nár chóir dóibh iarratais ó iarrthóirí a chur san áireamh chun leibhéil a athrú ar lá an scrúdaithe.**

Ach, dá n-iarrfadh iarrthóir leibhéal a athrú atá difriúil ón leibhéal atá curtha in iúl ar Rolla an Ionaid, ansin ní mór don Fheitheoir an cheist seo a chur faoi bhráid Bainisteora/Príomhoide nó ionadaí údaraithe de chuid na scoile sa chéad dul síos.

Áit a n-iarrann Bainisteoir/Príomhoide nó ionadaí údaraithe go gcuirtear leibhéal de pháipéar ar fáil d'iarrthóir seachas an ceann atá curtha in iúl ar Rolla an Ionaid, ar an mbonn go ndearnadh earráid nó go bhfuil cás eisceachtúil eile i gceist, ba chóir an leibhéal a iarrann Údaráis na Scoile a chur ar fáil.

Is féidir géilleadh don iarratas má fhaightear litir/nóta roimh scrúdú ina luaitear go bhfuil údarás na scoile sásta go bhfuil gá leis an athrú. Ba chóir litir/nóta na scoile a chur ar aghaidh go dtí CSS sa chlúdach ina bhfuil an lógó 'Rolla an Ionaid'. Ní mór a rá go bhfuil an soláthar seo le cur i bhfeidhm i gcásanna

eisceachtúla amháin.

Níor chóir i gcás ar bith géilleadh d'iarratais de chineál ginearálta. Áit a ndéantar iarratas de chineál ginearálta, ba chóir aird an Bhainisteora/an Phríomhoide nó an ionadaí údaraithe a tharraingt ar an treoir seo.

## 5. 5. Dáileachán na bhFreagarleabhar

- Dáil na freagarleabhair i gcomhréir leis na Treoracha Laethúla. I gcás roinnt d'ábhair na hArdteistiméireachta agus ábhair uile na hArdteistiméireachta Feidhmí agus na Sraithe Sóisearaí, áit a bhfuil an ceistpháipéar mar fhreagarleabhar freisin, níor chóir aon fhreagarleabhair ar leith a dháileadh.
- Dáil na páipéir scrúdaithe i gcomhréir leis na Treoracha Laethúla do gach ábhar aonair. Déan cinnte de go bhfuil gach páipéar i gceart don scrúdú sin.
- Tabhair treoir d'iarrthóirí:
    - A scrúduimhir a chur isteach
    - A lá, mí agus bliain breithe a chur isteach
    - Na ciorcail ábhartha a scáthú ar chlúdach an fhreagarleabhair nó an táirge stáiseanóireachta, mar atá léirithe sa sampla ar an gcéad leathanach eile.

## Sampla de Fhreagarleabhar de chuid na hArdteistiméireachta

9999X223X9XL

### Leaving Certificate Examination Answerbook
### *Scrúdú na hArdteistiméireachta: Freagarleabhar*

Shade in fully the circle for the subject, the level, and the language that you are answering through.
*Scáthaigh go hiomlán an ciorcal taobh leis an ábhar, an leibhéal, agus an teanga trína bhfreagróidh tú.*

| **Code** *Cód* | **Subject** *Ábhar* | |
|---|---|---|
| 001 | *Gaeilge Páipéar 2* | ○ |
| 002 P1 | English Paper 1 | ○ |
| 002 P2 | English Paper 2 | ○ |
| 004 | History *Stair* | ● |
| 021 | Physics *Fisic* | ○ |
| 022 | Chemistry *Ceimic* | ○ |
| 027 | Engineering *Innealtóireacht* | ○ |
| 032 | Accounting *Cuntasaíocht* | ○ |
| 223 | Religious Education *Oideachas Reiligiúnach* | ○ |

| **Level** *Leibhéal* | |
|---|---|
| Higher *Ardleibhéal* | ● |
| Ordinary *Gnáthleibhéal* | ○ |

| **Answered through** *Freagraíodh trí* | |
|---|---|
| English | ● |
| *Gaeilge* | ○ |

**Centre Stamp**
*Stampa an Ionaid*

**If your subject is not listed, write the subject name here:**
*Mura bhfuil d'ábhar ar an liosta, scríobh ainm d'ábhair anseo:*

**Examination Number** *Scrúduimhir*: 1 2 3 4 5 6

**Date of Birth** *Dáta Breithe*: 2 9 / 0 4 / 0 6

For example, 3rd February 2005 is entered as 03 02 05
*Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla*

9999X223X9XL0136

## 6. Ionaid Speisialta (Ardteistiméireacht/ATF)

Ba chóir duit socrú a dhéanamh le bualadh leis na Feitheoirí in aon ionaid scrúdaithe speisialta atá ceangailte le d'ionad. Ba chóir duit a bheith muiníneach as aitheantas na bFeitheoirí seo, mar go mbeidh ort páipéir scrúdaithe a chur ar fáil dóibh ó do sholáthar ar feadh thréimhse na scrúduithe.

- Ta púitse mogallach curtha ar fáil d'Fheitheoirí na n-ionad seo leis na ceistpháipéir agus na freagarleabhair a aistriú ó d'ionad go dtí an t-ionad speisialta agus leis na freagarleabair a chur ar ais óna n-ionad speisialta go dti d'ionad.
- D'fhéadfadh níos mó ná iarrthóir amháin a bheith sna hionaid speisialta.
- B'fhéidir go mbeidh tú ag déanamh soláthair do níos mó ná ionad speisialta nó ionad ama breise amháin ó d'ionad.
- Ba chóir duit a bheith an-chúramach leis na páipéir scrúduithe atá á gcur ar fáil d'Fheitheoir(í) an ionaid speisialta/na n-ionad speisialta a sheiceáil, lena chinntiú go bhfuil an páipéar ceart/na páipéir cearta á chur/gcur ar fáil agat agus an Liosta Leasuithe más gá. Glac do chuid ama leis an bpróiseas seo, fiú má chiallaíonn sé go mbeidh moill le tús a chur leis an scrúdú sa phríomhionad.
- Tá Feitheoir an ionaid speisialta freagrach as an leibhéal/na leibhéil atá á dhéanamh/ndéanamh a bheith deimhnithe ag an iarrthóir nó ag na hiarrthóirí, sula dtéann sé/sí go dtí an bunionad chun ceistpháipéar a fháil. Ba chóir an páipéar a chur isteach sa phúitse ansin sula n-aistríonn Feitheoir an ionaid speisialta é go dtí an t-ionad speisialta.
- Ba chóir duit na páipéir scrúdaithe a thabhairt d'Fheitheoirí na n-ionad speisialta sula ndéanann tú na páipéir scrúdaithe a dháileadh ar na hiarrthóirí i d'ionad.
- Cuir in iúl d'Fheitheoirí ionaid speisialta le do thoil nach féidir leo dul ar ais chuig do bhunionad go dtí go mbeidh an seisiún scrúdaithe críochnaithe i do bhunionad.

**Ba chóir a chur in iúl do phearsanra sa scoil atá ag iarraidh rochtain a dhéanamh go luath ar pháipéir scrúdaithe ó d'ionad, má thugtar amach páipéir scrúdaithe d'aon duine seachas mar atá leagtha amach sna Treoracha Ginearálta seo, go bhféadfadh sé seo bagairt a dhéanamh ar shlándáil agus ar shláine na scrúduithe agus ní cheadófar é seo i gcás ar bith.**

## 7. Iarrthóirí a bhfuil a n-obair á cur i gcrích acu ar phróiseálaithe focal le haghaidh scrúduithe 2026:

- ✓ Beidh iarrthóirí ar bronnadh úsáid próiseálaí focal orthu agus a bhfuil script a rinneadh ar phróiseálaí focal á cur isteach acu ag déanamh a gcuid scrúduithe in ionaid speisialta. Ní mór go mbeadh foirm clúdaigh WP ceangailte chun tosaigh le scripteanna a dhéantar ar phróiseálaí focal. Chuir an cúntóir scrúdaithe na foirmeacha seo ar fáil d'Fheitheoir an ionaid speisialta roimh na scrúdaithe.
- ✓ Is é ról Fheitheoir an ionaid speisialta a chinntiú go gcuirtear an fhoirm cheart ar fáil don iarrthóir, go bhfuil na leathanaith uile den script WP priontáilte agus go gcomhlánaíonn an t-iarrthóir an clúdach ar chúl den fhoirm WP agus go gcuireann sé/sí an fhoirm WP seo ar ais go dtí feitheoir an bhunionaid.
- ✓ Tá sonraí faoi do ról mar an Príomhfheitheoir sa tábla a leanann. Tá 4 fhoirm dhifriúla ann.
- ✓ Féach Aguisín 9 le haghaidh samplaí.
- ✓ Ní mór go mbeadh an méid seo a leanas sna foirmeacha WP:
  - scrúduimhir an iarrthóra,
  - lá, mí agus bliain na breithe, ábhar, agus
  - líon na leathanach clóscríofa a cuireadh isteach (an bhileog clúdaigh le cur san áireamh).
- ✓ Ní mór d'iarrthóirí an ciorcal a scáthú ina iomláine freisin le leibhéal, uimhir an pháipéir, agus an teanga a bheidh in úsáid acu chun an páipéar a fhreagairt, a chur in iúl.

## Foirmeacha atá le húsáid agus script a rinneadh ar phróiseálaí focal a chur isteach

| Foirm | Iarrthóir | Cathain atá an fhoirm seo le húsáid | Ról Fheitheoir an Phríomhionaid. |
|---|---|---|---|
| WP – L A | Lena húsáid ag Iarrthóirí na hArdteistiméireachta | Úsáid an fhoirm seo nuair atá script a rinneadh ar phróiseálaí focal AMHÁIN á cur isteach. | • Seiceáil go bhfuil an clúdach ar chúl den fhoirm WP – L A comhlánaithe ag Feitheoir an Ionaid Speisialta.<br>• Stampáil stampa an Ionaid ar an bhfoirm WP L A agus cuir í ar ais go dtí CSS sa chlúdach glas seachadta. |
| WP – L B | Lena húsáid ag Iarrthóirí na hArdteistiméireachta | Úsáid an fhoirm seo nuair atá script a rinneadh ar phróiseálaí focal á cur isteach agus nuair atá Freagarleabhar de chuid na hArdteistiméireachta a chur ar ais nó Leabhar Ceisteanna agus Freagraí is féidir a chur ar ais. | • Seiceáil go bhfuil an clúdach ar chúl den fhoirm WP – L B comhlánaithe ag Feitheoir an Ionaid Speisialta.<br>• Stampáil stampa an Ionaid ar an bhfoirm WP L B<br>• Stampáil stampa an Ionaid ar Fhreagarleabhar na hArdteistiméireachta nó ar an Leabhar Ceisteanna agus Freagraí is féidir a chur ar ais.<br>• Déan cinnte de go bhfuil an t-ábhar uile in ord agus in eagar. An Clúdach WP agus script a rinneadh ar phróiseálaí focal ar dtús, agus ina dhiaidh sin Freagarleabhar na hArdteistiméireachta nó an Leabhar Ceisteanna agus Freagraí is féidir a chur ar ais. Cuir ar ais iad go dtí CSS sa chlúdach glas seachadta. |
| WP – J A | Lena húsáid ag Iarrthóirí na Sraithe Sóisearaí | Úsáid an fhoirm seo nuair atá script a rinneadh ar phróiseálaí focal AMHÁIN á cur isteach. | • Seiceáil go bhfuil an clúdach ar chúl den fhoirm WP – J A comhlánaithe ag Feitheoir an Ionaid Speisialta.<br>• Stampáil stampa an Ionaid ar an bhfoirm WP J A agus cuir í ar ais go dtí CSS sa chlúdach gorm seachadta. |
| WP – J B | Lena húsáid ag Iarrthóirí na Sraithe Sóisearaí | Úsáid an fhoirm seo nuair atá script a rinneadh ar phróiseálaí focal á cur isteach agus nuair atá Leabhar Ceisteanna agus Freagraí is féidir a chur ar ais, á chur ar ais agat. | • Seiceáil go bhfuil an clúdach ar chúl den fhoirm WP – J B comhlánaithe ag Feitheoir an Ionaid Speisialta.<br>• Stampáil stampa an Ionaid ar an bhfoirm WP J B.<br>• Stampáil stampa an Ionaid ar an Leabhar Ceisteanna agus Freagraí is féidir a chur ar ais.<br>• Cuir an t-ábhar uile in ord agus in eagar. An Clúdach WP agus script a rinneadh ar phróiseálaí focal ar dtús, agus ina dhiaidh sin an Leabhar Ceisteanna agus Freagraí is féidir a chur ar ais.<br>• Cuir ar ais iad go dtí CSS sa chlúdach gorm seachadta. |

**Tabhair faoi deara le do thoil: Má bronnadh iarrthóir úsáid próiseálaí focal, ach má chinneann sé/sí gan leas a bhaint as sa scrúdú, ansin níor chóir aon fhoirm WP a chur ar ais.**

**NÁ CUIR AR AIS** aon mheáin ná gléas stórála inbhainte leis na scripteanna a rinneadh ar phróiseálaí focal – ní mór na gléasanna seo a thabhairt ar ais go dtí Údaráis na Scoileanna. Ní mór d'fheitheoir an phríomhionaid na doiciméid uile a rinneadh ar phróiseálaí focal a chur ar ais sa ghnáthchlúdach seachadta.

## 8. 8. Scripteanna neamhchaighdeánacha a chur ar ais

Áit a bhfuil obair á cur i láthair ag iarrthóir i bhformáid nó i meán atá neamhchaighdeánach, ba chóir go mbeadh ábhar uile an scrúdaithe a chuir an t-iarrthóir ar fáil curtha i dtoll a chéile agus lipéadaithe ag Feitheoir an ionaid speisialta sula gcuirtear é ar ais go dtí Feitheoir an phríomhionaid.

- Cinnteoidh Feitheoir an ionaid speisialta go bhfuil na gléasanna meáin inbhainte pacáistithe go daingean agus go sábháilte.
- Ba chóir go mbeadh an bhileog clúdaigh RAOR01 ag na scripteanna uile den sórt sin (féach Aguisín 8) ionas gur féidir iad a aithint go héasca nuair a osclaítear an pacáiste.
- Baineann sé seo le hiarrthóirí ar bronnadh orthu agus a d'úsáid an méid seo a leanas:
  - ✓ Gléas taifeadta
  - ✓ Páipéir mhionathraithe
  - ✓ Páipéir mhéadaithe
  - ✓ Páipéir Braille
  - ✓ Páipéir daite

Tá dualgas ort mar an Feitheoir sa phríomhionad na sonraí a chomhlánú atá ag teastáil don **chlúdach Oráiste seachadta** atá curtha ar fáil chun na críche seo, (tá sonraí iomlána i gCuid 19 Páirt 5) agus é a chur ar ais go dtí CSS i gcomhréir leis na mionsocruithe atá leagtha amach sna Treoracha Laethúla. Úsáidfidh tú clúdach amháin do gach iarrthóir agus úsáidfidh tú an LIPÉAD Oráiste iomchuí ar an gclúdach.

**Meabhrúchán – cuirtear na scripteanna uile neamhchaighdeánacha ar ais go díreach chuig CSS sa chlúdach Oráiste seachadta.**

# Cuid 6 – Marcáil Ar Líne

**Marcálfar na hábhair seo a leanas ar líne in 2026.**

| An Ardteistiméireacht | An Ardteistiméireacht Fheidhmeach |
|---|---|
| Cuntasaíocht | Béarla agus Cumarsáid |
| Eolaíocht Talmhaíochta | Feidhmeanna Matamaitice |
| Matamaitic Fheidhmeach | Óstán Lónadóireacht agus Turasóireacht |
| Ealaín, Amharc-Staidéar | Staidéar Grafaice agus Tógála |
| Bitheolaíocht | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) |
| Gnó | Tasc Machnaimh Phearsanta |
| Ceimic | **An tSraith Shóisearach** |
| Léann Clasaiceach | Teicneolaíocht Fheidhmeach |
| Eacnamaíocht | Staidéar Gnó |
| Innealtóireacht | Innealtóireacht |
| Béarla | Béarla |
| Fraincis | Fraincis |
| Tíreolaíocht | Tíreolaíocht |
| Gearmáinis | Gearmáinis |
| Stair | Stair |
| Eacnamaíocht Bhaile | Eacnamaíocht Bhaile |
| Gaeilge | Gaeilge T1 |
| GCAT (Nascmhodúil) | Gaeilge T2 |
| Matamaitic | Matamaitic |
| Ceol (Páipéir Croíchúrsa Cumadóireachta agus Éisteachta) | Oideachas Reiligiúnach |
| Corpoideachas | Eolaíocht |
| Fisic | Spáinnis |
| Polaitíocht agus Sochaí | Teicneolaíocht Adhmaid |
| Oideachas Reiligiúnach | |
| Spáinnis | |
| Teicneolaíocht | |
| Na hÁbhair Teangacha Uile Neamhchuraclaim | |

Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go ndéanann na hiarrthóirí clúdach tosaigh a n-ábhair scrúdaithe a chomhlánú go cruinn ina gcuirtear in iúl go soiléir:

- **A Scrúduimhir, Lá, Mí agus Bliain a mbreithe ar an gclúdach tosaigh den leabhar ceisteanna agus freagraí is féidir a chur ar ais.**
- **I gcás iarrthóirí na hArdteistiméireachta a bhfuil an freagarleabhar AT in úsáid acu; a Scrúduimhir, lá, mí agus bliain an mbreithe, ábhar, uimhir an pháipéir, leibhéal agus leagan na teanga (Béarla nó Gaeilge) atá á dhéanamh acu.**

Tabhair treoir d'iarrthóirí a gcuid freagraí a chur i gcrích ag baint úsáid as na spásanna atá curtha ar fáil sna leabhair ceisteanna agus freagraí agus i bhfreagarleabhair na hArdteistiméireachta de réir mar is cuí, lena chinntiú go ndéantar gach ceann dá gcuid freagraí a ghabháil sa phróiseas scanta.

Chomh maith leis seo, áit a bhfuil an freagarleabhar AT in úsáid ag iarrthóirí, tabhair treoir d'iarrthóirí le do thoil gach uimhir ceiste a mharcáil go soiléir sa spás atá curtha ar fáil agus leathanach nua a úsáid do gach ceist.

Má scríobhann iarrthóirí lasmuigh de na limistéir seo, tá baol ann nach bhfeicfidh na scrúdaitheoirí é seo.

## Páipéar Breise

Dearadh **na leabhair ceisteanna agus freagraí** is féidir a chur ar ais, agus freagarleabhair na hArdteistiméireachta ar fad le go mbeidh dóthain spáis scríbhneoireachta ann d'iarrthóirí. I gcomhréir le cleachtas seanbhunaithe CSS, níor chóir duit páipéar breise a sholáthar d'iarrthóirí ach amháin d'iarrthóirí a ritheann amach as spás lena bhfreagraí a chur i gcrích i dtreo dheireadh an tseisiúin scrúdaithe. **Níor chóir i gcás ar bith páipéar breise a chur ar fáil ag tús aon seisiún scrúdaithe.**

## Pinn agus Pinn Luaidhe

**Sna páipéir scrúdaithe in ábhair a mharcáiltear ar líne beidh an treoir seo a leanas sa áireamh**

*"Scríobh do chuid freagraí i bpeann le dúch dubh nó dúch gorm. Is féidir leat peann luaidhe a úsáid le haghaidh graf agus léaráidí".*

Tá sé **riachtanach** go mbaineann iarrthóirí úsáid as peann le dúch gorm nó dúch dubh lena gcuid freagraí a scríobh. Ba chóir úsáid an phinn luaidhe (peann luaidhe daite san áireamh) a bheith teoranta do ghraif agus do léaráidí. Ba chóir a chur i gcuimhne d'iarrthóirí nár chóir dóibh pinn ar féidir iad a scriosadh a úsáid.

Má bhaineann iarrthóirí úsáid as peann luaidhe le scríobh a dhéanamh, go bhfuil siad ar an eolas go bhfuil seans ann nach mbeidh peann luaidhe éadrom le feiceáil go soiléir ag an scrúdaitheoir.

Ar an gcaoi chéanna, go bhfuil iarrthóirí ar an eolas NÁR chóir dóibh úsáid a bhaint as pinn ghlóthacha ná leacht ceartúcháin e.g. Tippex.

**Tabhair faoi deara: Sna cásanna inar úsáid iarrthóir peann luaidhe de bhotún le scríobh a dhéanamh, níor chóir riamh treoir a thabhairt don iarrthóir athscríobh a dhéanamh thar a f(h)reagraí. Seachas sin, ba chóir a chur in iúl dóibh leanúint ar aghaidh le peann agus an páipéar scrúdaithe a chur i gcrích laistigh den am atá fágtha don scrúdú.**

# Cuid 7 – Iarrthóirí Seachtracha a Ligean Isteach don Ardteistiméireacht

Áit a bhfuil iarrthóirí seachtracha i d'ionad, ba chóir na nósanna seo a leanas a leanúint:

- Is gá d'iarrthóirí seachtracha cloí le prótacail na scoile agus leis na treoirlínte sláinte agus sábháilteachta atá i bhfeidhm ar uair na scrúduithe.
- Is gá d'iarrthóirí seachtracha an litir a fuair siad ó CSS a chur ar fáil duit ina bhfuil mionsonraí faoin ionad scrúdaithe a mbeidh siad ag freastal air agus cruthúnas aitheantais a chur ar fáil duit do gach scrúdú ina mbeidh siad i láthair. Tá aon cheann de na foirmeacha aitheantais seo a leanas inghlactha:
  - Ceadúnas Tiomána
  - Pas
  - Cárta Aitheantais de chuid an Gharda Síochána (do dhaoine os cionn 18 mbliana d'aois)
  - Cárta Aitheantais Mic Léinn USIT
  - Cárta na Seirbhísí Poiblí.
- Ní mór dóibh Rolla an Ionaid a shíniú freisin nuair a thagann siad i láthair ag an ionad scrúdaithe den chéad uair.
- Ní mór duit a chinntiú:
  - go bhfuil an t-ainm ar an gcárta aitheantais (I.D.) ag teacht leis an Rolla – ach féach na pointí aibhsithe thíos.
  - go bhfuil cosúlacht idir an grianghraf ar an gcárta aitheantais agus an t-iarrthóir.
- Ní mór d'iarrthóirí seachtracha Foirm E10A a shíniú freisin ag tús gach tréimhse scrúdaithe. Ní mór go mbeidh an síniú ag teacht leis an síniú ar an gcárta aitheantais. (Coinnigh Foirm E10A chomhlánaithe go dtí deireadh an scrúdaithe deiridh san ionad).
- Má bhíonn tú in amhras, tar éis an grianghraf agus an síniú a sheiceáil, go bhfuil neamhrialtacht éigin ann, ba chóir duit é sin a chur in iúl do CSS chomh luath agus is féidir agus an chomhairle a thugtar a leanúint.
- Ba chóir duit tuairisc ó bhéal a thabhairt d'údaráis na scoil. Beidh ort é seo a chur in iúl freisin ar an liosta Faisnéise agus tuairisc scríofa a dhéanamh. Déanfar socrú leis an liosta Faisnéise seo a chur ar ais trí údarás na scoile.
- Ba chóir Iarrthóirí Seachtracha a chuir na doiciméid riachtanacha ar fáil a ligean isteach chuig na scrúduithe go sealadach, fiú mura bhfuil siad le feiceáil ar Rolla an Ionaid.
- Ba chóir duit a (h)ainm/n-ainmneacha agus a Scrúduimhir/Scrúduimhreacha a chur isteach ar Rollas an Ionaid agus ansin iarraidh orthu é a shíniú. Ba chóir treoir a thabhairt dóibh freisin a n-ionad ceart a fháil amach ó CSS chomh luath agus is féidir agus chun freastal air sin do na scrúduithe uile ina dhiaidh sin.
- **Ba chóir ligean d'Iarrthóirí a dteipeann orthu cárta aitheantais (I.D.) a chur ar fáil an scrúdú a dhéananmh go sealadach agus iarraidh orthu na doiciméid riachtanacha a chur ar fáil don chéad scrúdú eile. Sa chás nach gcuirtear na doiciméid chearta ar fáil, téigh i dteagmáil le CSS láithreach bonn.**

**N.B. Mura bhfuil ach scrúdú amháin á dhéanamh ag an iarrthóir seachtrach, deimhnigh go bhfuil aithne ag údaráis na scoile air/uirthi. Ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh le CSS má tá aon éiginnteacht ann.**

# Cuid 8 – Fógraí a Dhéanamh as Gaeilge

1. In ionaid ina labhraítear Gaeilge, ba chóir duit na fógraí ar fad a léamh as Gaeilge, lena n-áirítear an Liosta Leasuithe (más ann dóibh) do gach seisiún, na fógraí riachtanacha ar fad a thabhairt as

Gaeilge agus treoracha a thabhairt d'iarrthóirí as Gaeilge. Ach, ba chóir duit a léithéid d'fhógraí a rá arís as Béarla má iarrann aon duine de na hiarrthóirí ort.

2. In ionaid dhátheangacha, ba chóir duit na fógraí ar fad a léamh agus na fógraí a dhéanamh as Gaeilge ar dtús agus a leithéid d'fhógraí a rá arís as Béarla. Ba chóir aon fhiosruithe a bhíonn ag iarrthóirí a fhreagairt sa teanga ina ndéanann siad na fiosruithe, i.e. Gaeilge nó Béarla, cibé cé acu.

# Cuid 9 – Treoirlínte leis an Scrúdú a Reáchtáil

1. **1. Rochtain ar ionaid scrúdaithe ag daoine seachas Feitheoirí, iarrthóirí nó freastalaithe.**
   - Tá cead iontrála chuig an ionad an t-am ar fad ag Oifigeach de CSS a bhfuil cárta aitheantais oifigiúil ar a bhfuil grianghraf aige/aici.
   - Féadfaidh an Bainisteoir/Príomhoide a bheith i láthair san ionad go dtí go dtosaíonn an scrúdú nó má iarrann tú é. Ní féidir leis an bhfreastalaí a bheith san ionad am ar bith i rith an scrúdaithe. Ní chóir iarraidh ar an bhfreastalaí i gcás ar bith feitheoireacht a dhéanamh ar ionad scrúdaithe má bhíonn tú as láthair, ná níor chóir ionad scrúdaithe a fhágáil gan feitheoireacht a bheith déanta air. Féach Aguisín 1 le haghaidh Dhualgais an Fhreastalaí.
   - **N.B. Ní cheadófar duine ar bith eile,** (lena n-áirítear grianghrafadóirí agus/nó baill de na meáin chumarsáide teacht isteach san ionad tar éis na hiarrthóirí a ligean isteach. Ba chóir na fiosruithe uile a bhaineann leis na meáin/ leis an ngrianghrafadóireacht nó aon ábhair imní faoi na meáin a bheith i láthair a chur ar aghaidh chuig an bPreasoifigeach in CSS ar (090) 644 2832. Cuimsíonn sé seo scannánú a dhéanamh ó bhalcóiní agus trí na doirse.
   - Ní ceadmhach d'aon duine eile rochtain ar bith a bheith aige/aici ar bhosca na bpáipéar scrúdaithe ná ar an mbosca stáiseanóireachta.
2. Cuirtear i gcuimhne duit go bhfuil ag súil leis go dtabharfaidh tú aird iomlán ar fheitheoireacht a dhéanamh ar an scrúdú. Níl úsáid fón póca, gléasanna ceoil pearsanta ná aon ghléasanna eile, nuachtáin ná leabhair a léamh, stáiseanóireacht a ullmhú do sheisiúin scrúdaithe ina dhiaidh sin, litreacha a scríobh ná dul i mbun aon ghníomhaíocht eile seachas feitheoireacht a dhéanamh, i rith na scrúduithe, ag teacht le comhlíonadh ceart do dhualgas.
3. Éilítear ort a chinntiú go dtosaíonn, go leanann agus go gcríochnaíonn gach scrúdú i d'ionad ar bhealach ordúil agus tráthúil. Tá sé ríthábhachtach go gcoinnítear na hiarrthóirí faoi fheitheoireacht leanúnach agus éifeachtach i rith scrúdaithe.
4. **N.B. Tá am breise** curtha i bhfeidhm le haghaidh scrúduithe 2026 agus tá na sonraí iomlána faoin gcaoi a bhfuil sé seo le cur i bhfeidhm istigh sa chuid "Príomhathruithe le haghaidh 2026" de na Treoracha Ginearálta agus na Treoracha Laethúla seo. Tarraingímid d'aird go sonrach ar na hathruithe ar an bpáipéar cluastuisceana de na scrúduithe teanga. Tá sonraí faoi seo freisin sna Treoracha Laethúla.
5. Cuirtear i gcuimhne duit nuair atá triail chluastuisceana nó triail chlosamhairc á reáchtáil agat; ba chóir go mbeadh an seomra ciúin agus saor ó chur isteach seachtrach ionas gur féidir leat an triail a reáchtáil i dtimpeallacht atá chomh hoiriúnach agus is féidir ó thaobh fuaime de. Tá miontreoracha maidir le trialacha cluastuisceana agus closamhairc a phleanáil agus a reáchtáil curtha ar fáil i gCuid 1 de na Treoracha Laethúla de réir mar is cuí.
6. Ná tabhair aon eolas do na hiarrthóirí ná ná léirmhínigh aon eolas d'iarrthóirí faoina bhfuil sna páipéir scrúdaithe, sa liosta leasuithe ná in ábhar an scrúdaithe.
7. Tabhair treoir do na hiarrthóirí suí ag an deasc ar a bhfuil a scrúduimhir. Ba chóir treoir a thabhairt dóibh freisin suí ag an deasc seo ar gach lá den scrúdú. Ní ceadmhach duit iarrthóir a údarú le scrúdú a dhéanamh in aon áit eile seachas an t-ionad scrúdaithe oifigiúil.
8. Ní féidir leat aon iarrthóir a údarú an halla scrúdaithe a fhágáil go dtí go bhfuil deireadh leis an tríocha nóiméad ón uair a thosaigh an scrúdú. Is ceadmhach d'iarrthóirí a chríochnaigh a gcuid


oibre **<u>deich nóiméad ar a laghad roimh an am</u>** atá socraithe le haghaidh dheireadh an scrúdaithe an t-ionad a fhágáil agus (a) a bhfreagarleabhar tugtha duit (más bainteach, déan cinnte de gur chuir na hiarrthóirí iatáin scrúdaithe agus aon bhileoga breise freagraí) agus (b) an páipéar scrúdaithe tugtha duit freisin.
Níor chóir i gcás ar bith cead a thabhairt d'iarrthóir fágáil gan a p(h)áipéar scrúdaithe agus gach cuid dá f(h)reagarleabhair agus aon bhileoga breise freagraí a thabhairt ar ais.
Féach ar na Treoracha Laethúla le haghaidh treoracha ar leith maidir leis na socruithe a dhéanamh don ábhar scrúdaithe a thabhairt ar ais.

9. Ba chóir treoir a thabhairt d'iarrthóirí a chríochnaíonn a gcuid **<u>oibre le linn na ndeich nóiméad deiridh den scrúdú</u>** fanacht ina suíochán go dtí go bhfuil a bhfreagarleabhair bailithe agat. Níor chóir dóibh an t-ionad a fhágáil go dtí an t-am atá socraithe le haghaidh dheireadh an scrúdaithe. Ba chóir fógra cúig nóiméad a thabhairt roimh dheireadh an ama atá sannta d'aon pháipéar scrúdaithe (féach an Tráthchlár), seachas i gcás na dtrialacha cluastuisceana.
10. Cuir in iúl do na hiarrthóirí gur gá dóibh a scrúduimhreacha, lá, mí agus bliain a mbreithe agus ábhar an scrúdaithe a scríobh go soiléir ar gach freagarleabhar agus bileog freagraí.
11. Níl bronnadh ama ón bhFeitheoir ceadaithe ach amháin le ham atá caillte a dhéanamh suas mar atá luaite sna treoracha seo. Má tá cúinsí eisceachtúla ann a cheapann tú go n-éilítear am breise a bhronnadh, ní mór duit teagmháil a dhéanamh le CSS le haghaidh comhairle. D'fhéadfadh socruithe faofa a bheith i bhfeidhm freisin faoi shocrú réasúnta atá faofa cheana féin ag CSS ina bhfuil an socrú eatramhach le haghaidh am breise san áireamh in 2026.
12. Ach amháin má fhaigheann tú treoir eile ó CSS, ní mór duit freastal ar an ionad i rith gach tréimhse den scrúdu sna hábhair a ndearnadh na hiarrthóirí a iontráil ina leith ar Rolla an Ionaid.
Mura bhfreastalaíonn aon iarrthóir ar sheisiún scrúdaithe, is féidir leat, i gcomhairle le húdaráis na scoile, an t-ionad a dhúnadh 60 nóiméad tar éis an ama tosaithe atá socraithe don scrúdú. Ach, má tá tú ar an eolas faoi chúinsí atá an-mhaolaitheach (e.g. cur isteach ar iompar poiblí nó eile) ba chóir duit fanacht ar feadh tréimhse breise réasúnta chun ligean d'iarrthóirí teacht i láthair don scrúdú.
13. Tráthchlár ina bhfuil ábhair ag teacht salach ar a chéile – Go hiondúil, beidh fógra faighte agat i do chlúdach de chuid an Fheitheora, maidir le hiarrthóirí ar gá dóibh scrúdú eile a dhéanamh níos déanaí ar an lá céanna de bharr go bhfuil ábhair ar an tráthchlár ag teacht salach ar a chéile. Ach, sa chás gur cosúil go bhfuil ábhair ag iarrthóir atá ag teacht salach ar a chéile agus nár cuireadh é sin in iúl duit, téigh i dteagmháil le CSS, Rannóg Iontrálacha (Teil: 090-644 2702) le haghaidh tuilleadh comhairle agus treoracha. Tá socruithe iomchuí ag teastáil le feitheoireacht a dhéanamh ar na hiarrthóirí i ngach cás den sórt sin, le sláine na scrúduithe a chinntiú.
14. Níor chóir duit i gcás ar bith iarrthóir(í) a chur faoi ghlas san ionad scrúdaithe in am ar bith.
15. Ní ceadmhach d'iarrthóir an t-ionad a fhágáil agus teacht ar ais i rith na tréimhse scrúdaithe ach amháin má tá tú sásta gur fíorghá é gur gá don iarrthóir an halla a fhágáil, (e.g. mar gur gá dó/di dul go dtí an leithreas, etc.). Ní ligfear iarrthóir a fhágann an t-ionad i rith aon tréimhse scrúdaithe isteach arís i rith na tréimhse sin ach amháin más rud é go raibh an t-iarrthóir faoi chúram ionadaí d'údarás na scoile nó, mura dtarlaíonn sé sin, faoi chúram an fhreastalaí i rith na tréimhse iomláine de bheith as láthair. Ní mór don iarrthóir an freagarleabhar agus an páipéar scrúdaithe a thabhairt duit nuair a fhágann sé/sí an t-ionad. Ba chóir duit an t-am a d'fhág an t-iarrthóir, an t-am a tháinig sé/sí ar ais agus an chúis a raibh sé/sí as láthair, a thaifeadadh ar chlúdach an fhreagarleabhair; ní féidir an t-am a chaill an t-iarrthóir a chúiteamh ag deireadh na tréimhse scrúdaithe. Ba chóir duit an t-eolas seo a thaifeadadh freisin ar na Liostaí Faisnéise.
16. Má gá duit i gcás éigeandála an t-ionad scrúdaithe a fhágáil ar feadh tréimhse ama ghearr (e.g. le dul go dtí an leithreas, etc.) ba chóir don fhreastalaí teagmháil a dhéanamh le húdaráis na scoile. Ba chóir d'údarás na scoile duine cumasach a cheapadh ansin chun d'áit a ghlacadh ar feadh na tréimhse agus tú as láthair. Níor chóir go mbeadh an freastalaí riamh i gceannas ar ionad.

# Cuid 10 – Riachtanais Stáiseanóireachta

## 1. Grafpháipéar Breise

Tá an stáiseanóireacht atá ag teastáil ó iarrthóirí leagtha amach sna Treoracha Laethúla do gach scrúdú. Ionas go mbeidh tú in ann grafpháipéar a aithint, tá sampla athchruthaithe duit thíos.



Graf (Páipéar Cearnógach)

Ná heisigh Freagarleabhair ina bhfuil Graif ag tús an scrúdaithe. Seiceáil na Treoracha Laethúla agus ná heisigh an páipéar seo ach amháin sna scrúduithe más cuí agus tar éis iarratas a fháil ón iarrthóir. Ba chóir na sonraí seo a leanas a thaifeadadh ach Grafpháipéar á eisiúint.

Taifead an t-eolas seo a leanas ag an mbarr de gach Freagarleabhar ina bhfuil Graif-(N.B. Ná scríobh os cion na réimsí ar a bhfuil barrachód den fhreagarleabhar breise ina bhfuil graif).

**N.B. Ós rud é go bhfuil an chuid is mó de na hábhair á marcáil ar líne, ba chóir na nótaí seo a dhéanamh ar chlúdach an fhreagarleabhair ar shiúl ó scrúduimhir an Iarrthóra agus ó na barrachóid ionas nach mbeidh eolas an iarrthóra faoi cheilt lena scanadh.**

- ✓ Dáta agus am na heisiúna
- ✓ D'inisileacha
- ✓ Stampa Uimhir an Ionaid
- ✓ Tabhair treoir d'iarrthóirí a Srúduimhir, lá, mí agus bliain a mbreithe agus ainm an ábhair a thaifeadadh ar an gclúdach chun tosaigh, agus le huimhreacha na gceisteanna a scríobh sa spás atá curtha ar fáil ar an bhfreagarleabhar breise.

## 2. Freagarleabhair Bhreise

Féach ar leathanach 20 freisin de na treoracha seo le do thoil le haghaidh tuilleadh sonraí faoi stáiseanóireacht bhreise.

Ní féidir leat Freagarleabhair Bhreise a sholáthar d'iarrthóirí a bhfuil páipéar breise ag teastáil uathu chun a bhfreagraí a chur i gcrích ach amháin má ritheann siad amach as spás sa phríomh-fhreagarleabhar.

**Ná dáil páipéar breise ag tús an scrúdaithe. Ná déan na freagarleabhair ná aon stáiseanóireacht eile a stampáil roimh ré. Níor chóir iad a stampáil ach nuair is gá. Ná tabhair amach níos mó stáiseanóireachta ná mar atá ag teastáil riamh.**

Taifead an t-eolas seo a leanas ag an mbarr de chlúdach an fhreagarleabhair bhreise – (N.B: Ná scríobh sna réimsí ina bhfuil barrachód nó inar ghá don iarrthóir iad a chomhlánú).

- ✓ Dáta agus am na heisiúna
- ✓ D'inisileacha
- ✓ Stampa Uimhir an Ionaid
- ✓ Tabhair treoir d'iarrthóirí a Srúduimhir, lá, mí agus bliain a mbreithe agus ainm an ábhair a thaifeadadh ar an gclúdach chun tosaigh, agus le huimhreacha na gceisteanna a scríobh sa spás atá

curtha ar fáil ar an bhfreagarleabhar breise..

**Déan cinnte de go dtugtar suas freagarleabhair bhreise ag deireadh gach seisiúin.** Ní mór duit a chinntiú go mbailítear an stáiseanóireacht uile a dháiltear sa scrúdú.

# Cuid 11 – Ganntanas Páipéar Scrúdaithe

Má fhaigheann tú amach ag pointe ar bith nach bhfuil dóthain páipéar scrúdaithe agat do na hiarrthóirí atá ag teacht i láthair le haghaidh scrúduithe, tá roinnt roghanna agat chun páipéir scrúdaithe bhreise a fháil:

- is féidir leat iad a fháil ó Fheitheoir eile in ionad in aice láimhe.
- is féidir leat iarraidh ar Údaráis na Scoile teagmháil a dhéanamh le CSS ar **(090) 644 2759**.

Ba chóir aon am a chailltear le páipéir scrúdaithe bhreise a chur ar fáil a chúiteamh ag deireadh an scrúdaithe. Ba chóir tuairisc ar leith d'aon rud den sórt seo a tharlaíonn a bheith in éineacht le Rolla an Ionaid.

**Más gá páipéir scrúdaithe a fhotachóipeáil ba chóir duit é seo a chur in iúl sa Liosta Faisnéise.**

## Leaganacha Gaeilge De Cheistpháipéir Áirithe

Ba chóir d'Fheitheoirí, agus seiceáil á déanamh acu ar bhosca na gCeistpháipéar Dé Máirt an 2 Meitheamh 2026, agus an Domhnach ina dhiaidh sin, a thabhairt faoi deara gur cuireadh leaganacha Gaeilge ar fáil áit ar iarr iarrthóirí iad ó CSS.

In ainneoin a bhfuil thuasluaite, ba chóir d'Fheitheoirí a dheimhniú le húdaráis na scoile Dé Máirt an 2 Meitheamh agus Dé Domhnaigh an 14 Meitheamh 2026, cé acu an mbeidh dóthain cóipeanna den leagan Gaeilge ann a cuireadh ar fáil. Má cheaptar nach mbeidh dóthain ann, ba chóir cóipeanna breise a iarraidh ó CSS laithreach bonn. Cuireadh na méideanna iomlána den leagan Béarla de na páipéir ar fáil i ngach cás.

## Leaganacha Dátheangacha De Cheistpháipéir Áirithe

Is iad seo a leanas Páipéir dhátheangacha na hArdteistiméireachta: Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Rúisis agus Seapáinis.

# Cuid 12 – Úsáid á baint as Leabhráin Foirmlí agus Táblaí, Uirlisí Líníochta, Áireamháin Leictreonacha, Áiseanna Tíreolaíochta agus Foclóirí Dátheangacha

## 1. Leabhráin Foirmlí agus Táblaí

Ba chóir leabhráin Foirmlí agus Táblaí a sholáthar le haghaidh scrúduithe Matamaitice agus mar atá sonraithe sa leabhrán Treoracha Laethúla. I gcás na n-ábhar eile, ba chóir iad a sholáthar ar iarratas ón iarrthóir. Tá cead ag iarrthóirí an leabhrán Foirmlí agus Táblaí a úsáid sna hábhair atá liostaithe thíos:

| An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | An Ardteistiméireacht | An tSraith Shóisearach |
|---|---|---|
| Innealtóireacht | Eolaíocht Talmhaíochta | Matamaitic |
| Feidhmithe Matamaiticiúla | Matamaitic Fheidhmeach | Innealtóireacht |
| Teicneolaíocht | Bitheolaíocht | Eolaíocht |
| Staidéar Grafaice & Tógála | Ceimic | Teicneolaíocht Fheidhmeach |
| | Staidéar Foirgníochta | |
| | Teicneolaíocht | |
| | Grafaic Dhearaidh & Chumarsáide | |
| | Eacnamaíocht | |
| | Innealtóireacht | |
| | Matamaitic | |
| | Fisic | |
| | Fisic & Ceimic | |

**Níl cead ag iarrthóirí a leabhráin Foirmlí agus Táblaí féin a úsáid.**

Fanfaidh na leabhráin Foirmlí agus Táblaí uile ina maoin de chuid CSS agus ba chóir iad a bhailiú agus a chomhaireamh go cúramach tar éis gach tréimhse scrúdaithe agus iad a chur ar ais sa bhosca stáiseanóireachta.

## 2. Uirlisí Líníochta Matamaiticiúla

Is féidir le hiarrthóirí uirlisí líníochta matamaiticiúla a úsáid le haghaidh na scrúduithe uile. Is ceadmhach úsáid a bhaint as stionsail eolaíochta agus rialóirí sleamhnáin sna hábhair Eolaíochta agus Matamaitice.

Is ceadmhach úsáid a bhaint as cláir líníochta, cláir líníochta gluaisne comhthreomhaire agus uirlisí líníochta le haghaidh ábhar ina bhfuil gá le húsáid a bhaint as páipéar líníochta. Féach Aguisín 3, pointe 74.

**N.B. Déan cinnte de go gcuireann na hiarrthóirí a scrúduimhir isteach ar na bileoga líníochta ar fad a eisítear chucu.**

## 3. 3. Áireamháin Leictreonacha

- ✓ Is ceadmhach úsáid a bhaint as áireamháin leictreonacha nach bhfuil in-ríomhchláraithe sna Scrúduithe Teistiméireachta i gcomhréir le Riail 74 de na Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna (Aguisín 3).
- ✓ De ghnáth ní ceadmhach áireamháin a chomhroinnt, ach má tá tú sásta nach baol ar bith é do shlánchúis an scrúdaithe is féidir leat é a cheadú (e.g. má tá an scrúdú críochnaithe ag iarrthóir amháin agus nach bhfuil an t-áireamhán in úsáid aige/aici a thuilleadh, d'fhéadfaí é a chur ar fáil d'iarrthóir eile nach bhfuil a (h)áireamhán ag feidhmiú a thuilleadh).

- ✓ Ní bheidh aon chúiteamh ann don cheallra ná d'aon chliseadh eile ar an áireamhán i rith an scrúdaithe.
- ✓ Ní mór d'iarrthóirí déanamh agus múnla aon áireamhá(i)n a chur in iúl a úsáideadh sa scrúdú ar a bhfreagarleabhair.

## 4. Áiseanna Tíreolaíochta

Tá cead sreang, snáithe, gloine mhéadaithe agus opasaiméadar a úsáid sa scrúdú Tíreolaíochta.

## 5. Foclóirí Dátheangacha

- Cuirfidh CSS in iúl duit faoi shonraí na n-iarrthóirí ar ceadmhach dóibh foclóir dátheangach a úsáid.
- Áit ar dheimhnigh an scoil úsáid a bhaint as foclóir dátheangach, nó áit a gcomhlíonann iarrthóir seachtrach an riachtanas le húsáid a bhaint as foclóir dátheangach, is féidir leis na hiarrthóirí sin úsáid a bhaint as a bhfoclóirí féin ar an gcoinníoll go bhfuil siad saor ó nótaí pearsanta/anótáil i rith na scrúduithe.
- Ní mór go mbeidh na foclóirí dátheangacha curtha ar fáil le scrúdú a dhéanamh orthu sula dtosaíonn gach seisiún scrúdaithe agus ní mór go gcloífear leis an méid seo a leanas:
  - Féadfaidh iarrthóirí úsáid a bhaint as foclóir dátheangach idir máthairtheanga (teanga dhúchais) an iarrthóra agus Béarla nó Gaeilge (e.g. Rúisis-Béarla-Béarla-Rúisis) ach ní féidir ceann aonteangach a úsáid (e.g. foclóir Rúsise ina míntear na focail i Rúisis).
  - Féadfaidh an t-iarrthóir úsáid a bhaint as a leithéid d'fhoclóir dátheangach ach amháin:
    - i scrúdú i máthairtheanga an iarrthóra
    - i scrúdú as Gaeilge
    - i scrúdú as Béarla
    - i scrúdú ina bhfuil an teanga an-chosúil le máthairtheanga an iarrthóra.
- Níl cead míniúcháin ná sainmhínithe sa teanga chéanna a bheith san fhoclóir dátheangach a úsáidtear.
- Ní cheadaítear foclóir leictreonach, gluais focal, liosta focal ná saoráid aistriúcháin a úsáid.
- Ní ceadmhach aon anótáil bhreise a bheith san fhoclóir.
- I gcás go bhfaigheann tú amach le linn scrúdaithe go bhfuil foclóir/ liosta focal/ gluais ina s(h)eilbh ag iarrthóir nach bhfuil ag teacht leis na coinníollacha thuas, is cóir duit gníomhú de réir na dtreoracha a bhaineann le hábhar i gcás go mbeadh leabhair neamhúdaraithe nó nótaí ina s(h)eilbh ag iarrthóir le linn scrúdaithe.

Féach Aguisín 3 le do thoil – Sliocht as na Rialacha agus Clár do Mheánscoileanna.

# Cuid 13 – Deireadh a Chur le Seisiún Scrúdaithe

1. Is ceadmhach d'iarrthóirí a chríochnaigh a gcuid oibre **deich nóiméad ar a laghad roimh an am** atá socraithe le haghaidh dheireadh an scrúdaithe an t-ionad a fhágáil agus (a) a bhfreagarleabhar tugtha duit (más bainteach, déan cinnte de gur chuir na hiarrthóirí iatáin scrúdaithe agus aon bhileoga breise freagraí) agus (b) an páipéar scrúdaithe tugtha duit freisin. Níor chóir i gcás ar bith go mbeadh cead ag iarrthóir fágáil gan a p(h)áipéar scrúdaithe agus gach cuid dá f(h)reagarleabhair agus aon bhileoga breise freagraí sa bhreis a thabhairt ar ais. **Féach Treoracha Laethúla le do thoil le haghaidh miontreoracha maidir leis na socruithe le hábhar scrúdaithe a chur ar ais**.
2. Ba chóir treoir a thabhairt d'iarrthóirí a chríochnaíonn a gcuid oibre le linn na ndeich nóiméad deiridh den scrúdú fanacht ina suíochán go dtí go bhfuil a bhfreagarleabhair bailithe agat. Is féidir leis an iarrthóir páipéir scrúdaithe nach leabhar ceisteanna agus freagraí é is féidir a chur ar ais a choinneáil ag an bpointe seo más mian leis/léi. Níor chóir dó/di an t-ionad a fhágáil go dtí an t-am atá socraithe le haghaidh dheireadh an scrúdaithe.
3. Ba chóir fógra cúig nóiméad a thabhairt roimh dheireadh an ama atá sannta d'aon pháipéar scrúdaithe (féach an Tráthchlár), seachas i gcás na dtrialacha cluastuisceana
4. Má tharlaíonn sé ag tús aon tréimhse scrúdaithe go raibh moill le dáileachán ginearálta na bpáipéar scrúdaithe nó má bhí moill leis ar aon chúis eile **ní mór am breise a cheadú** ag deireadh na tréimhse chun an t-am a cailleadh a chúiteamh.
   Chun an t-am a bhainistiú in ionaid scrúdaithe na Sraithe Sóisearaí tabharfaidh tú 3 rabhadh/ fhógra ama i rith an tseisiúin scrúdaithe, mar seo a leanas:
   - Tabhair rabhadh nuair atá 5 nóiméad fágtha sa scrúdú (mar atá ar an tráthchlár).
   - Ag an am ar an tráthchlár nuair atá an scrúdú críochnaithe cuir in iúl d'iarrthóirí go bhfuil an gnátham scrúdaithe caite agus iarr orthu siúd nach bhfuil am breise á fháil acu a lámha a chur suas ionas gur féidir leat a scripteanna a bhailiú. Ní mór d'iarrthóirí an t-ionad a fhágáil go ciúin.
   - Tabhair deich nóiméad breise tar éis an ama ar an tráthchlár atá an scrúdú críochnaithe le haghaidh iarrthóirí atá i dteideal am breise.
   - Nuair atá an 10 nóiméad breise thart cuir in iúl do na hiarrthóirí go bhfuil an scrúdú thart agus nach mór dóibh stopadh ag scríobh.
5. Ag deireadh an scrúdaithe, ba chóir treoir a thabhairt do gach iarrthóir an t-ábhar iomchuí is féidir a chur ar ais a chur faoi iamh sa fhreagarleabhar de réir mar is cuí agus fanacht ina suíochán go dtí go mbeidh an freagarleabhar bailithe agat. Féach ar an leabhrán Treoracha Laethúla le haghaidh eolais ar leith maidir leis an ábhar atá le cur ar ais go dtí CSS.
6. Tá na freagarleabhair agus scripteanna uile atá curtha i gcrích le bheith bailithe ag an bhFeitheoir nó le cur ar ais go dtí an Feitheoir. Níl cead ag duine ar bith eile, an freastalaí ná na hiarrthóirí, dul i mbun an taisc seo ná cuidiú leis an tasc seo. Níl cead ag Feitheoirí d'ionaid scrúdaithe speisialta scripteanna atá curtha i gcrích a chur ar ais go dtí an freastalaí ná go dtí aon duine eile seachas tú féin, an Feitheoir den bhunionad.
7. Déan cinnte de:
   - gur chuir gach iarrthóir an leabhar ceisteanna agus freagraí agus aon stáiseanóireacht bhreise a chur ar ais.
   - **go bhfuil scrúduimhir an iarrthóra, lá, mí agus bliain a b(h)reithe, agus ábhar an scrúdaithe scríofa go soiléir ar gach freagarleabhar agus bileog freagraí.**
   - gur cuireadh stáiseanóireacht bhreise isteach faoi iamh sa chlúdach ar chúl den phríomh-fhreagarleabhar.
   - go bhfuil aon dialanna obair chúrsa, e.g. Stair agus Tíreolaíocht na hArdteistiméireachta ceangailte le cúl an phríomh-fhreagarleabhair do gach iarrthóir – féach ar an leabhrán

Treoracha Laethúla le haghaidh gach ábhair.

- nach gcuirtear ar ais go dtí CSS ach an t-ábhar a bhfuil gá leis – féach ar an leabhrán Treoracha Laethúla le haghaidh gach ábhair. **Ag deireadh an scrúdaithe, ba chóir fuílleach chóipeanna na gceistpháipéar a chur ar ais go dtí CSS sa Bhosca Stáiseanóireachta in éineacht le pacáistí na bpáipéar scrúdaithe atá oscailte.**

8. Glan suas do dheasc ag deireadh gach seisiúin scrúdaithe lena chinntiú nár fágadh taobh thiar aon pháipéir scrúdaithe nár úsáideadh ná nár fágadh taobh thiar aon obair iarrthóra/iarrthóirí.
9. Níor chóir baint d'aon phacáistí de pháipéir scrúdaithe nár osclaíodh. Ba chóir go mbeidís stampáilte le hUimhir an Ionaid, agus curtha ar ais go dtí CSS sa Bhosca Stáiseanóireachta. **Níor chóir i gcás ar bith go mbeadh a leithéid de phacáistí oscailte ná níor chóir na páipéir scrúdaithe a thabhairt amach ná a fhágáil sa scoil.**

# Cuid 14 – Treoracha le Rolla an Ionaid a Chomhlánú

1. Ba chóir duit iarraidh ar gach iarrthóir de chuid na hArdteistiméireachta Rolla an Ionaid a shíniú ar an lá a fhreastalaíonn sé/sí den chéad uair le haghaidh scrúdaithe. Ba chóir do gach iarrthóir a (h) ainm a shíniú ar an rolla ag baint úsáid as a p(h)eann féin sa spás iomchuí faoina (h)ainm ar thaobh na láimhe clé de Rolla an Ionaid.
2. Ní gá d'iarrthóirí na Sraithe Sóisearaí Rolla an Ionaid a shíniú. Ba chóir duit, mar sin féin, a chinntiú go bhfuil a fhios ag gach iarrthóir cad é a scrúduimhir.
3. Is gá d'iarrthóirí seachtracha freisin Rolla an Ionaid agus an liosta síniúcháin a shíniú go gach seisiún scrúdaithe.
4. Tá Rollaí an Ionaid de chuid na Sraithe Sóisearaí i ndath **BUÍ**.
5. Tá Rollaí an Ionaid de chuid na hArdteistiméireachta i ndath **BÁNDEARG**.

## ▶ Rolla An Ionaid A Chomhlánú


(a) Ar Rolla an Ionaid do gach seisiún scrúdaithe tá scrúduimhreacha agus leibhéil tuartha na n-iarrthóirí atá lena scrúduithe a dhéanamh i d'ionad réamhphriontáilte air sin.

(b) Agus Rolla an Ionaid á chomhlánú, bain úsáid as **peann gránbhiorach DUBH**. Ná húsáid aon pheann i ndath eile ná ná húsáid peann luaidhe. Tá sé an-tábhachtach go ndéantar Rolla an Ionaid a chomhlánú ar bhealach soiléir agus inléite. Ba chóir a bheith cúramach leis an 'Litir Iomchuí' a choinneáil laistigh d'imill na mboscaí. Is í an 'Litir Iomchuí' ná:
**A** – Ard, **G** – Gnáth, **B** – Bonn, **C** – Comhleibhéal, **X** – As Láthair.


(i) Áit a suíonn iarrthóir an leibhéal tuartha in ábhar, cuir tic (✓) in aice le leibhéal an bhosca le do thoil..



(ii) Áit a n-athraíonn iarrthóir an leibhéal tuartha in ábhar, ba chóir líne THRASNÁNACH a tharraingt tríd an leibhéal tuartha. Scríobh an litir iomchuí (i.e. A, G, B or C) don leibhéal a rinneadh i ndáiríre go néata agus go soiléir sa bhosca céanna.




(iii) Áit nach bhfuil iarrthóir i láthair don scrúdú in ábhar, cuir isteach "X" os cionn an leibhéil tuartha sa bhosca.




Áit a dtagann iarrthóir atá liostaithe ar Rolla an Ionaid i láthair d'ábhar nach bhfuil a leibhéal tuartha curtha in iúl, cuir isteach an leibhéal a glacadh i mbosca an ábhair iomchuí.

(iv) Áit a ndéanann iarrthóir, nach bhfuil liostaithe ar Rolla an Ionaid, scrúdú i d'ionad, cuir isteach a (h) ainm agus scrúduimhir go soiléir i gceann amháin de na spásanna bána iomchuí agus cuir isteach an leibhéal a glacadh i mbosca an ábhair iomchuí.

(v) Sa chás go ndéanann tú an rolla a mharcáil go mícheart, cuir ciorcal timpeall ábhair an bhosca ina ndearnadh an earráid agus soiléirigh é ag bun an rolla. Ba chóir an t-eolas seo a leanas a thabhairt faoi deara: Scrúduimhir, Ábhar, Páipéar, an Leibhéal a glacadh i ndáiríre nó As Láthair.

**E.G.** Iarrthóir 123456 bhí le Gnáth a dhéanamh ach a marcáladh As Láthair trí bhotún. Sa nóta ag bun an rolla, ba chóir go léifí – rinne Iarrthóir 123456 Matamaitic, Páipéar 1, Gnáth (nó Ard nó Bonn, de réir mar is cuí)..




**Sa bhosca iomchuí 'IOMLÁN' ag bun Rolla an Ionaid, ní mór líon iomlán na n-iarrthóirí a rinne gach leibhéal a chur isteach do gach scrúdú.**

# Cuid 15 – Treoracha Faoi Liosta Faisnéise a Chomhlánú

- Sa Liosta Faisnéise do gach seisiún scrúdaithe tá scrúduimhreacha agus leibhéil tuartha na n-iarrthóirí atá lena scrúduithe a dhéanamh i d'ionad réamhphriontáilte air sin.
- Seiceáil soláthar do Liostaí Faisnéise i gcoinne na sonraí ar Rolla an Ionaid lena chinntiú go bhfuil foirm réamhphriontáilte agat i dtaca le gach seisiún scrúdaithe atá le reáchtáil i d'ionad. **Téigh i dteagmháil le CSS láithreach bonn má fhaigheann tú amach go bhfuil aon Liostaí Faisnéise ar iarraidh.**

**N.B. Tá sampla de Liosta Faisnéise ar leathanach 51 nó is féidir teacht air ar an gclúdach ar chúl de bhileog na Rialacha Órga. Féach Leathanach 48 freisin le haghaidh na ndátaí nach mór na Liostaí Faisnéise a chur ar ais chuig CSS.**

## ▶ An Liosta Faisnéise A Chomhlánú

1. Baintear úsáid as Liostaí Faisnéise in CSS chun an tinreamh agus na leibhéil a glacadh ag gach seisiún scrúdaithe a aithint agus a thaifeadadh. Déantar iad seo a scanadh go hoptúil in CSS chun an t-eolas suas chun dáta a ghabháil. Dá bhrí sin, ba chóir a bheith an-chúramach agus na foirmeacha seo á gcomhlánú agat. Seachain aon mharcanna nach bhfuil gá leo ar na foirmeacha seo.

   **(a)** **Bain úsáid as peann gránbhiorach DUBH le do thoil.** Tá pinn i ndathanna eile nó pinn luaidhe neamh-chomhoiriúnach don teicneolaíocht atá in úsáid.

   **(b)** Áit a suíonn iarrthóir an leibhéal tuartha, **ná** marcáil an Liosta Faisnéise.

2. Níor chóir duit ach na hathruithe seo a leanas a thaifeadadh nach mór a bheith coinnithe laistigh de na himill den bhosca sonraithe:

   **(i)** Áit a n-athraíonn iarrthóir ón leibhéal tuartha, cuir isteach an 'Litir Iomchuí' isteach i.e. **A, G, B nó C** sa cholún atá sonraithe don leibhéal a glacadh i ndáiríre.

   **(ii)** Áit nach mbíonn iarrthóir i láthair le haghaidh scrúdaithe, cuir isteach X sa cholún 'As Láthair'.

   **Tar éis uimhir gach iarrthóra ba chóir na focail 'Níor tháinig aon iarrthóir i láthair' a scríobh sa chuid 'Nótaí'.**

   **(iii)** Áit a ndéanann iarrthóir nach bhfuil liostaithe ar an Liosta Faisnéise scrúdú i d'ionad, cuir isteach a scrúduimhir go néata agus go soiléir i gceann amháin de na spásanna bána iomchuí, agus an 'Litir Iomchuí' sa cholún atá sonraithe don leibhéal a glacadh.

   **(iv)** Ba chóir go léireofaí sa bhosca IOMLÁN líon na n-iarrthóirí i d'ionad a rinne gach leibhéal agus líon iomlán na n-iarrthóirí a bhí as láthair. Ní mór go mbeadh iomlán na scripteanna do gach leibhéal ag teacht leis an méid seo a leanas:

   i. an líon iomlán ar Rolla an Ionaid agus

   ii. líon na scripteanna atá á gcur ar ais go dtí CSS.

   **(v)** Má dhéanann tú botún ar na Liostaí Faisnéise ansin cuir ciorcal timpeall an bhotúin agus déan nóta de sna Nótaí.

### ▶ Nótaí

Is féidir an chuid NÓTAÍ de na Liostaí Faisnéise a úsáid chun eachraí a thaifeadadh ar nós:

- Leasuithe ar Liostaí Faisnéise
- Iarrthóir(í) a bhfuil Socruithe Réasúnta aige/aici/acu
- Iarrthóir(í) a bhíonn déanach ag teacht
- Iarrthóir(í) atá san ionad mícheart (I.C) nó san ionad speisialta (S.C)
- Iarrthóir(í) seachtracha (i.e. E10) gan aon chárta aitheantais (I.D.)
- Iarrthóir atá as láthair go sealadach ón Ionad, e.g. tinneas, leithreas, etc.
- Áit a n-athraíonn iarrthóir ón Ardleibhéal nó ón nGnáthleibhéal síos go dtí an Bonnleibhéal agus nach bhfuil aon pháipéar scrúdaithe pháipéar 2 i gceist níor chóir iad a mharcáil le X (as láthair) ar na Liostaí Faisnéise do Pháipéar 2 don leibhéal ag a raibh sé/sí ar dtús
- Éigeandálaí nó eachtraí neamhghnácha eile
- An Ardteistiméireacht – áit a bhfuil script agat gan aon dialann obair chúrsa nó áit a bhfuil dialann obair chúrsa agat gan aon script e.g. Stair agus Tíreolaíocht
- Páipéir scrúdaithe arbh ghá a fhótchóipeáil.
- Mar a tharla sna blianta roimhe seo, cuirtear isteach go digiteach trí Thairseach na Scoileanna an obair chúrsa d'ábhair na hArdteistiméireachta; Eolaíocht Talmhaíochta, Eacnamaíocht, Corpoideachas, Ríomheolaíocht, Léann Clasaiceach, An Pholaitíocht agus an tSochaí agus Matamaitic Fheidhmeach.

## Earráidí Coitianta

Is iad seo a leanas na hearráidí is coitianta a dhéanann Feitheoirí agus na Liostaí Faisnéise :

- á gcomhlánú acu:
- Pinn i ndathanna eile a úsáid – Níor chóir ach peann gránbhiorach dubh a úsáid
- Athrú ar na leibhéil gan a bheith curtha isteach sa cholún sonraithe. Ní leor é iad a chur isteach sa bhosca Nótaí mar nach ndéantar an t-eolas seo a scanadh
- Gan taifeadadh a dhéanamh ar neamhláithreachtaí – lena n-áirítear sosanna leithris.
- Níor chóir ach na Liostaí Faisnéise bunaidh a chur ar ais. Ná bain úsáid as fótachóipéanna
- Marcanna i scríbhinn nach bhfuil gá leo ar an liosta faisnéise ina bhféadfadh uimhreacha na n-iarrthóirí a bheith doléite dá bharr.

Déan cinnte de gur léigh tú na treoracha thuas go cúramach.

**Mar thoradh ar na hearráidí seo, b'fhéidir nach mbeidh CSS in ann na liostaí Faisnéise a scanadh agus dá bhrí sin beidh moill agus deacrachtaí ann leis na torthaí a phróiseáil d'iarrthóirí.**

**Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go ndéantar na Liostaí Faisnéise a chomhlánú i gceart lena chinntiú go ndéantar na torthaí scrúdaithe a phróiseáil in am agus go cruinn. Mura ndéantar liostaí Faisnéise a chomhlánú go cruinn agus áit a mbíonn earráidí leanúnacha iontu, b'fhéidir nach gceapfar na Feitheoirí sna blianta ina dhiaidh sin.**

Ná Filltear

Do Not Fold

**Leaving Certificate Examination / Scrúdú don Ardteistiméireachta**
**Advice List / Liosta Foláireamh**

**Date / Dáta** 14 06 2022 **Time / AM** 09:30

| Subject / Ábhar | GAEILGE PAIPEAR 2 | 1 | P | 2 | Centre No. / Uimhir Ionad | 3871 |
|---|---|---|---|---|---|---|

**Read carefully the instructions overleaf before completing this form.**
**Léigh na treoracha ar a chúl seo go cúramach sula ndéanann tú an fhoirm seo a chomhlánú.**

| | PREDICTED LEVEL | ÁRD | GNÁTH | BONN / COMÓNTA | AS LÁTHAIR | | PREDICTED LEVEL | ÁRD | GNÁTH | BONN / COMÓNTA | AS LÁTHAIR | | PREDICTED LEVEL | ÁRD | GNÁTH | BONN / COMÓNTA | AS LÁTHAIR |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 100656 | A | | | | X | 100657 | G | | | | Ⓧ | 100658 | G | | | | |
| 100659 | G | | | | | 100660 | G | | | | | 100661 | G | | | | |
| 100662 | G | | | | | 100663 | G | | | | | 100664 | A | | | | |
| 100665 | A | | | | | 100666 | G | | | | | 100667 | G | | | | |
| 100668 | G | | | | | 100669 | G | | | | | 100670 | G | | | | X |
| 100671 | G | | | | X | 100672 | A | | | | | 100673 | G | | | | |
| 100674 | A | | | | | 100675 | G | | | | | 100676 | G | | | | |
| 100677 | G | | | | | 100678 | A | | G | | | 100679 | A | | | | |
| 100680 | G | | | | | 100681 | A | | | | | 100682 | A | | | | |
| 100683 | A | | | | | 100685 | A | | | | | 100686 | A | | | | |
| 100687 | A | | | | | 100688 | A | | | | | 100689 | G | A | | | |
| 100712 | | | G | | | | | | | | | | | | | | |

| IOMLÁN/ TOTAL | ÁRD | GNÁTH | BONN / COMÓNTA | AS LÁTHAIR |
|---|---|---|---|---|
| | 13 | 18 | | 3 |

NOTES / NÓTAÍ
CANDIDATE 100656, 100671, 100670 WERE ABSENT.
CANDIDATE 100678 CHANGED TO GNÁTHLEIBHEAL.
CANDIDATE 100689 CHANGED TO ÁRDLEIBHEAL.
CANDIDATE 100657 MARKED ABSENT IN ERROR, ACTUALLY SAT GNÁTHLEIBHEAL.
CANDIDATE 100658 SITTING IN S.C.
CANDIDATE 100698 TOILET BREAK 10:05 TO 10:14.

SIGNATURE OF SUPERINTENDENT / SINIÚ AN FHEITHEORA: __________

1. Féach Cuid 15 de na Treoracha Ginearálta d'Fheitheoirí le haghaidh sonraí iomlána maidir le Liostaí Faisnéise a chomhlánú. Is gá peann gránbhiorach DUBH úsáid.

2. Athrú ar na leibhéil le taifeadadh sa cholún sonraithe, mar Ard (A), Gnáth (G), Bonn (B), nó Comhleibhéal (C).

3. Neamhláithreachtaí le taifeadadh sa cholún sonraithe mar As Láthair (X).

4. Taifead gach eachtra sna nótaí, tinneas agus sosanna leithris san áireamh.

5. D'iarrthóirí nach bhfuil liostaithe, cuir isteach an scrúduimhir agus an leibhéal sa spás bán iomchuí.

Cuir na Liostaí Faisnéise ar ais go dtí an Cúntóir Scrúdaithe ar an dátaí seo a leanas; **04, 10, 12, 17, & 24 Meitheamh.**

## Dátaí leis na Liostaí Faisnéise a Chur ar Ais

Ní mór d'údarás na scoile na liostaí Faisnéise a chur ar ais chuig CSS ar na dátaí seo a leanas:

| Uimh. Baisce | Cineál Scrúdaithe | Scrúduithe a rinneadh ar an: | Le cur sa phost chuig CSS: |
|---|---|---|---|
| 1 | An Ardteistiméireacht agus an tSraith Shóisearach | An 3 Meitheamh | Dé Céadaoin, an 3 Meitheamh |
| 2 | An Ardteistiméireacht agus an tSraith Shóisearach | An 4 Meitheamh go dtí an 9 Meitheamh | Dé Máirt, an 9 Meitheamh |
| 3 | An Ardteistiméireacht Fheidhmeach | An 3 Meitheamh go dtí an 11 Meitheamh | Déardaoin, an 11 Meitheamh |
| 4 | An Ardteistiméireacht agus an tSraith Shóisearach * | An 10 Meitheamh go dtí an 16 Meitheamh | Dé Máirt, an 16 Meitheamh |
| 5 | An Ardteistiméireacht | An 17 Meitheamh go dtí an 23 Meitheamh | Dé Máirt, an 23 Meitheamh |

**Críochnaíonn Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí Dé Luain, an 15 Meitheamh. Áit a ndúnann ionad scrúdaithe roimh na dátaí atá leagtha amach thuas, ba chóir na Liostaí Faisnéise a chur ar ais go dtí an Cúntóir Scrúdaithe lena gcur ar ais go dtí CSS ar an lá deiridh.*

Tá sé riachtanach go gcuirtear na Liostaí Faisnéise ar ais go práinneach agus go cruinn lena chinntiú go bhfuil eolas cruinn faoi scrúduithe na n-iarrthóirí ar fáil chun próiseáil na dtorthaí a dhéanamh chomh luath agus is féidir.

Baileoidh an Cúntóir Scrúdaithe sa scoil na Liostaí Faisnéise ó gach Feitheoir láithreach bonn ag deireadh na laethanta atá sonraithe thuas. Cuireadh clúdach ar leith ar fáil don Chúntóir Scrúdaithe leis na liostaí faisnéise a chur sa phost go dtí an CSS.

Mura mbailítear na Liostaí Faisnéise ansin tá an Feitheoir freagrach as na Liostaí Faisnéise a thabhairt don Chúntóir Scrúdaithe ar na laethanta atá sonraithe thuas.

Beidh an Cúntóir Scrúdaithe freagrach as iad seo a chur sa phost go dtí CSS agus na hamanna chun iad a chur sa phost thuas á gcur san áireamh aige/aici.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Cuid 16 – Na Freagarleabhair a Sheachadadh go dtí CSS

**Ní mór an obair ar fad atá curtha i gcrích ag iarrthóir a chur ar ais go dtí CSS.**
Níor chóir i gcás ar bith go mbainfí d'aon obair atá curtha i gcrích ag iarrthóir ná níor chóir í a scriosadh. Déan cinnte de nach bhfágtar obair iarrthóirí leis an stáiseanóireacht nár úsáideadh etc. ag deireadh gach tréimhse scrúdaithe, déan freagarleabhair na n-iarrthóirí a dheighilt i mbearta ar leith do gach leibhéal de gach ábhar.

Déan cinnte:

(a) go ndéantar Uimhir an Ionaid a stampáil ar an gclúdach de gach freagarleabhar agus go bhfuil an t-ábhar uile is féidir a chur ar ais iniata ag gach iarrthóir.

(b) laistigh de gach beart beidh na freagarleabhair uile aghaidh in airde, agus eagraithe in ord uimhreach, an scrúduimhir is ísle ag an mbarr; an scrúduimhir is airde ag an mbun.

(c) do iarrthóirí na hArdteistiméireachta a chuir leabhráin obair chúrsa i gcrích le linn na scoilbhliana, ba chóir go mbeidís ceangailte le script an iarrthóra i d'ionad. Cuirfidh an scoil na leabhráin obair chúrsa do na hiarrthóirí i d'ionad ar fáil duit agus ba chóir duit iad a mheaitseáil sula gcuireann tú iad ar ais go dtí CSS sa ghnáthchlúdach seachadta. Féach ar na Treoracha Laethúla le haghaidh tuilleadh eolais.

(d) Déantar an Liosta Faisnéise agus Rolla an Ionaid a chomhlánú i gcomhréir leis na treoracha.

(e) Ba chóir litreacha, teastais dochtúra nó aon doiciméid eile cosúil leis na cinn seo a thabhairt d'Údaráis na Scoile le seachadadh leo féin go dtí CSS.

## Clúdaigh le scripteanna a chur ar ais go dtí CSS

Tá cúig chlúdach phlaisteacha dhathchódaithe a úsáidtear le scripteanna a chur ar ais mar seo a leanas:

| DATH | CUR SÍOS GEARR | SCRÚDÚ | LENA ÚSÁID | CUIR AR AIS |
|---|---|---|---|---|
| GLAS | Gnáthsheachadadh ar an gclúdach | AT/ATF | Le gnáthscripteanna Ardteistiméireachta/ATF a chur ar ais i.e. freagarleabhair, freagarleabhair bhreise, Leabhair Ceisteanna agus Freagraí, Scripteanna a rinneadh ar Phróiseálaí Focal. | Úsáid an Lipéad Seachadta d'Ábhar ar Leith |
| GORM | Gnáthsheachadadh ar an gclúdach | An tSraith Shóisearach | Le gnáthscripteanna na Sraithe Sóisearaí a chur ar ais i.e. Leabhair Ceisteanna agus Freagraí, freagarleabhair bhreise, Scripteanna a rinneadh ar Phróiseálaí Focal. | Úsáid an Lipéad Seachadta d'Ábhar ar Leith |
| MARÚN | TNCanna,<br>Ceol, Éisteacht – Ábhar Roghnach agus Gaeilge T1 | AT/ATF TNC.<br>Ceol agus Gaeilge TI | Teangacha Neamhchuraclaim na hArdteistiméireachta/ATF, Ceol, Éisteacht – Ábhar Roghnach agus scripteanna Gaeilge T1 na Sraithe Sóisearaí<br>**(Tabhair faoi deara go mbeidh Ceol, Éisteacht – Ábhar Roghnach, ar siúl Déardaoin an 18 Meitheamh ó 5:00 – 5:45)** | Úsáid an Lipéad Seachadta d'Ábhar ar Leith do TNCanna, agus Gaeilge T1<br>Úsáid an Lipéad Barrachóid Éigeandála do Cheol, Éisteacht – Ábhar Roghnach |
| ORÁISTE | Scripteanna Neamhchaighdeánacha | AT/ATF agus an tSraith Shóisearach | Scripteanna neamhchaighdeánacha na hArdteistiméireachta/ATF agus na Sraithe Sóisearaí a chur ar ais i.e. scripteanna méadaithe, scripteanna mionathraithe, scripteanna braille, scripteanna fuaime agus scripteanna atá curtha i gcrích ar pháipéar daite.<br>NÍOR CHÓIR SCRIPTEANNA A RINNEADH AR PHRÓISEÁLAÍ FOCAL A CHUR AR AIS SA CHLÚDACH SEO. | Úsáid an Lipéad seachadta Oráiste do gach ábhar agus gach leibhéal a chuirfear ar fáil duit i do chlúdach de chuid an Fheitheora |
| BÁNDEARG | Sárú ar Rialacháin<br>Clúdach bándearg curth ar fáil don scoil | | Scripteanna, doiciméid, tuairiscí, gléasanna, etc., de chuid na hArdteistiméireachta/ATF agus na Sraithe Sóisearaí, áir a bhfuil amhras go raibh sárú ar rialacháin.<br>**NÁ hÚSÁID AN CLÚDACH SEO AR AON CHÚIS EILE.** | Úsáid an Lipéad Barrachóid Éigeandála. |

## (i) Clúdach Seachadta GLAS

- Bain úsáid as clúdach seachadta glas ar leith do gach leibhéal.
- Cuirtear clúdaigh GHLASA ar fáil don Ardteistiméireacht agus féach ar na Treoracha Laethúla le haghaidh aon socruithe speisialta a bhainfeadh le hábhar ar leith.

## (ii) Clúdach Seachadta GORM

- Bain úsáid as clúdach seachadta gorm ar leith do gach leibhéal.
- Cuirtear clúdaigh GHORMA ar fáil don tSraith Shóisearach agus féach ar na Treoracha Laethúla le haghaidh aon socruithe speisialta a bhainfeadh le hábhar ar leith

**Ionaid Speisialta – Nóta Tábhachtach**
**Ná séalaigh na clúdaigh go dtí go mbeidh na scripteanna uile ó na hionaid speisialta curtha isteach.**
**TÁBHACHTACH – Ba chóir scripteanna a rinneadh ar Phróiseálaí Focal a chur ar ais sa chlúdach Glas/Gorm in éineacht leis na scripteanna eile ar fad ó d’ionad.**

- ✓ Is gá duit fanacht i d’ionad go dtí go gcuirtear freagarleabhair uile an ionaid speisialta ar ais chugat.
- ✓ Is gá duit an clúdach a chur sa phost go dtí CSS in éineacht le hábhar scrúdaithe eile na n-iarrthóirí.
- ✓ Cuir san áireamh go bhféadfadh socrú réasúnta a bheith i roinnt ionad speisialta ina ligtear dóibh sosanna a ghlacadh agus gan amhras mar thorad air sin beidh moill le hábhar scrúdaithe na n-iarrthóirí sin á chur ar ais chugat.
- ✓ Sula ndéantar gach clúdach a shéalú seiceáil go bhfuil líon na bhfreagarleabhar atá taifeadta sa Bhosca Iomlán ar bharr an chlúdaigh ag teacht le líon iomlán na n-iarrthóirí a rinne leibhéal an ábhair de réir an Liosta Faisnéise agus Rolla an Ionaid. Féach ar na Treoracha Laethúla agus an t-iomlán á chomhlánú d’ábhair agus obair chúrsa na hArdteistiméireachta.

## (iii) Clúdach Seachadta MARÚIN

Bain úsáid as clúdach seachadta Marúin ar leith do gach leibhéal le haghaidh

- Teangacha Neamhchuraclaim na hArdteistiméireachta (féach ábhair TNC sa tábla thíos)

| Scrúduite Neamhchuraclaim na hArdteistiméireachta | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Seicis | Bulgáiris | Cróitis | Danmhairgis | Ollainnis | Úcráinis |
| Eastóinis | Fionlainnis | Ungáiris | Laitvis | Máltais | |
| Nua-Ghréigis | Rómáinis | Slóvaicis | Slóivéinis | Sualainnis | |

- Ceol – Éisteacht - Ábhar Roghnach
- Gaeilge T1 na Sraithe Sóisearaí.

**Déan cinnte de go bhfuil lipéad an bharrachóid atá greamaithe ar an gclúdach seachadta i gceart don scrúdú agus do leibhéal an pháipéir scrúdaithe a rinneadh araon.** Is earráid choitianta é seo a dhéanann Feitheoirí. Mar thoradh ar na hearráidí seo bíonn moill agus deacrachtaí le torthaí scrúdaithe a phróiséail le haghaidh na n-iarrthóirí.

## (iv) Clúdach Seachadta ORÁISTE

- Cuirtear na scripteanna neamhchaighdeánacha uile ar ais go díreach go dtí CSS sa chlúdach seachadta Oráiste.
- Áit a bhfuil Scripte Mhéadaithe, Script Mhionathraithe, Script Braille, Script Fuaime nó Script Daite á cur i láthair ag iarrthóir, ní mór a c(h)uid oibre a chur ar ais sa chlúdach Oráiste. Ní mór duit a chinntiú go bhfuil an t-ábhar ar fad a chuir an t-iarrthóir i láthair, curtha go daingean i bpacáiste ionas go mbeidh sé sábháilte agus é á iompar.

- Tá clúdach stuáilte A5 ar leith curtha i gclúdach an Fheitheora chun an gléas fuaime inbhainte a sheachadadh agus ba chóir é a úsáid do gach iarrthóir. (An gléas fuaime inbhainte ná gléas leictreonach d'fhormáid comhaid fuaime dhigiteach. Glacfaidh CSS taifeadtaí fuaime digiteacha i bhformáid comhaid MP3, ar dhlúthdhioscaí intaifeadta nó ar mhéaróga cuimhne USB más féidir).

**NB – Ní mór an clúdach seachadta Oráiste ina bhfuil na scripteanna neamhchaighdeánacha a chur sa phost go díreach go dtí CSS ag baint úsáid as lipéid an ábhair Oráiste atá curtha ar fáil.**

### (v) Clúdach BÁNDEARG um Shárú ar Rialacháin.

- Áit a gceaptar gur sháraigh iarrthóir na rialacha atá leagtha síos leis na scrúduithe a reáchtáil, ba chóir caitheamh le freagarleabhar an iarrthóra mar fhreagarleabhar SEALADACH agus ba chóir é a chur isteach i gceann amháin de na **clúdaigh Bhándearga**.
- Ba chóir na clúdaigh seo a chur sa phost go díreach chuig CSS ag baint úsáid as lipéad barrachóid éigeandála. **NÍOR CHÓIR AON SCRIPTEANNA EILE A CHUR AR AIS SA CHLÚDACH BÁNDEARG.**

**NB: Tá tuilleadh sonraí maidir le conas déileáil le Sárú ar Rialacháin amhrasta i gCuid 18.**

## Pacáistí Freagarleabhar a chur sa Phost

Ba chóir pacáistí na bhfreagarleabhar a chur sa phost go dtí CSS chomh luath agus is féidir tar éis gach tréimhse scrúdaithe **(ar maidin agus um thráthnóna)** a bheith curtha i gcrích.

**Ní ceadmhach pacáistí freagarleabhar a choinneáil le haghaidh iliomad seisiún scrúdaithe lena gcur sa phost níos déanaí go dtí CSS.**

Ní mór Oifig an Phoist áitiúil is gaire duit mar atá liostaithe i leabhrán Thaifead na Postála (ní an tAonad Seirbhíse Seachadta, DSU) leis na freagarleabhair a chur ar ais. Le bheith in ann inrianaitheacht obair na n-iarrthóirí a choinneáil, ní mór duit na nósanna imeachta postála uile a leanúint i 'leabhrán Thaifead na Postála'.

Ba cóir an leabhrán seo a chomhlánú i dtaca le gach cuairt chuig Oifig an Phoist (Féach Aguisín 5 le haghaidh tuilleadh sonraí).

**Ba chóir duit aird a thabhairt ar na hamanna postála is déanaí (LPT) san Oifig Phoist is gaire duit mar go bhféadfaidís a bheith éagsúil ag brath ar an láthair. Áit a mbeidh LPT go luath, ba chóir gach iarracht a dhéanamh na pacáistí do sheisiún na maidine a chur sa phost sula dtosaíonn an seisiún um thráthnóna.**

1. I gcásanna eisceachtúla, áit nach féidir na freagarleabhair a chur sa phost nuair a chríochnaíonn an seisiún scrúdaithe, ní mór duit cúram sábháilte ar an ábhar a eagrú agus é a chur sa phost ar ais go dtí CSS chomh luath agus is féidir ina dhiaidh sin.
2. Ní suíomh iomchuí é an bosca stáiseanóireachta le freagarleabhair atá curtha i gcrích a stóráil. Ba chóir go mbeidís seo faoi ghlas i mbosca na bpáipéar scrúdaiteh, agus tabhair faoi deara, mar sin féin, i gcás ionaid na hArdteistiméireachta, ní mór an bosca seo a bheith folamh Dé hAoine, an 12 Meitheamh, mar ullmhúchán leis na páipéir scrúdaithe a bhailiú ina dhiaidh sin thar an deireadh seachtaine.
3. Dá dtarlódh sé nach mbeifí in ann ábhar a chur sa phost ar cheachtar den dá Aoine seo, ba chóir cuidiú a lorg ó údarás na scoile leis an ábhar scrúdaithe a stóráil go sábháilte agus go daingean thar an deireadh seachtaine.
4. Ní íoctar an postas le haghaidh aon ábhar scrúdaithe a bhfuil seoladh CSS air. Ba chóir an t-ábhar uile a chur sa ghnáthphost, ní sa phost beartán ná tríd an post cláraithe. Glacfar le clúdaigh sheachadta tríd an bpost litreacha i gcomhréir le rialacháin An Post cé go sáraíonn siad an t-ualach is mó a cheadaítear de ghnáth.

**N.B. Tá tusa freagrach go pearsanta as pacáistí na bhfreagarleabhar/ na clúdaigh uile le haghaidh d'ionaid scrúdaithe a chur ar aghaidh. Ní bheidh admháil ó CSS go bhfuarthas na pacáistí.**

# Cuid 17 – Deireadh a chur le Scrúduithe in Ionad

## 1. An tIonad a Dhúnadh

Má fhaigheann tú fógra – féach Fógra faoi Mhéid na bPáipéar Scrúdaithe (EPQN) – ó CSS ina luaitear go bhfuil na hiarrthóirí atá curtha isteach ar do Rolla de chuid an Ionaid á n-aistriú chuig ionad eile le haghaidh scrúdaithe in ábhair áirithe, ba chóir duit:

(i) A leithéid de dhúntaí a chur in iúl do na hiarrthóirí i d'ionad chomh luath agus is féidir.

(ii) D'ionad a dhúnadh.

(iii) Rolla an Ionaid comhlánaithe agus an t-ábhar scrúdaithe uile nár úsáideadh a thabhairt d'fheitheoir an ionaid a bhfuil na hiarrthóirí á n-aistriú chuige. Sula ndúntar an t-ionad, is dea-chleachtas é dul i gcomhairle le feitheoir an ionaid a bhfuil an t-iarrthóir ag aistriú chuige maidir le méid na stáiseanóireachta a bheadh ag teastáil.

(iv) Cuir in iúl d'fheitheoir an ionaid a bhfuil na hiarrthóirí á n-aistriú chuige sonraí faoi aon ábhair a bheidh ag teacht salach ar a chéile do na hiarrthóirí i d'ionad.

(v) Má tá ionaid speisialta ceangailte le d'ionad déan cinnte de go bhfuil feitheoir an ionaid speisialta ar an eolas faoin dúnadh agus faoi na socruithe aistrithe.

(vi) Déan cinnte de go bhfuil an t-ábhar ar fad a bhaineann leis na hionaid speisialta curtha ar fáil d'fheitheoir an ionaid a bhfuil na hionaid speisialta a n-aistriú chuige.

Má cheapann tú go mb'fhéidir go bhféadfaí an t-ionad a dhúnadh ar dháta níos luaithe ná mar a dhúnfaí é de ghnáth, **ba chóir fógra a thabhairt do CSS láithreach bonn (Teil: 090-644 2791/2895) ionas gur féidir socruithe a dhéanamh le cúram a thabhairt do na páipéir scrúduithe 'bheo' atá fágtha**.

Ní mór go mbeadh ráiteas in éineacht leis an bhfógra go bhfuil sé beartaithe ag na hiarrthóirí, atá marcáilte ar Rolla an Ionaid le haghaidh na n-ábhar a bhfuil scrúdú le déanamh orthu ar dháta níos déanaí ná an dáta dúnta, gan a bheith i láthair le haghaidh a leithéid d'ábhair.

**Ní mór go mbeadh an ráiteas sínithe ag gach duine de na hiarrthóirí agus comhshínithe ag Bainisteoir/ Príomhoide na scoile ar a bhfuil na hiarrthóirí ag freastal agus é a chur ar ais go dtí CSS le foirm Thuarascáil Deiridh an fheitheora S.4P.**

## 2. An Tuarascáil Deiridh a Chur i gCrích

Nuair a thagann na scrúduithe chun críche, ní mór duit Tuarascáil Deiridh ar an bhfoirm atá curtha ar fáil chun na críche sin, a chur ar aghaidh go dtí CSS, maidir leis na socruithe a rinneadh le haghaidh na scrúduithe san ionad, agus an cineál cóiríochta a bhí i gceist.

Tugtar cuireadh duit freisin aon mholtaí a dhéanamh bunaithe ar do chuid taithí san ionad sin. Sa Tuarascáil Deiridh freisin ní mór go mbeadh plean den ionad scrúdaithe san áireamh agus, in aon chás inar bogadh iarrthóirí go dtí láithreacha eile, e.g., trialacha cluastuisceana nó inar aistríodh iad ó ionaid eile, ní mór plean ar leith a chur ar fáil freisiin i dtaca le haon leagan amach leasaithe den sórt sin.

## 3. Cúiseanna a ndúnfaí Ionad

| 1 | 2 | 3 |
|---|---|---|
| Tá na scrúduithe uile san ionad sin críochnaithe<br>***(Lean na treoracha de réir 2 thuas)*** | Iarrthóirí á n-aistriú ag CSS go dtí ionad eile<br>***(Lean na treoracha in 1 (iii) go (V) agus 2 thuas)*** | Aithníonn tú go bhféadfá é a dhúnadh níos luaithe.<br>***(Lean na treoracha in 1 (iii) go (vi) agus 2 thuas)*** |

## 4. Na Boscaí agus Doiciméid a Chur ar Ais

**ÁBHAIR ATÁ LE CUR AR AIS GO DTÍ CSS NUAIR A CHRÍOCHNAÍTEAR NA SCRÚDUITHE IN IONAD**

| Boscaí atá le cur air ais go dtí An Post DSU* | | Clúdaigh atá le cur ar ais trí Oifig an Phoist Áitiúil | |
|---|---|---|---|
| 1 | 2 | 3 | 4 |
| **Bosca Stáiseanóireachta ina mbeidh** | **Bosca na bPápéar Scrúdaithe ina mbeidh** | **Clúdach Rolla an Ionaid** | **Clúdach na Rannóige Airgeadais** |
| Púitsí Mogallacha a úsáideann Feitheoirí na n-ionad speisialta | Box(es) to be secured with tamper evident security Seal. | Tuairisc ar Ghanntanas páipéar (Más bainteach) | Admhálacha |
| Gach stáiseanóireacht a úsáideadh agus nár úsáideadh | Key and lock | Rolla an Ionaid | Foirm Chuntais an Fheitheora |
| Pacáistí na bpáipéar scrúdaithe le haghaidh scrúduithe a reáchtáladh | | An liosta Síniúcháin d'Iarrthóirí Seachtracha (Foirm E10A) | |
| Leabhráin Foirmlí agus Táblaí | | An Tuarascáil Deiridh | |
| An Liosta Leasuithe | | Tuarascálacha Comhfhreagrais Ilghnéitheacha | |
| An Liosta Leasuithe Na Treoracha Laethúla | | Litreacha ina bhfuil mionsonraí faoi Shocruithe Réasúnta d'Iarrthóirí áirithe | |
| Treoracha Ginearálta d'Fheitheoirí | | Litreacha/nótaí ón scoil maidir le hathrú leibhéal | |
| Foilseachán Socruithe Réasúnta 2026 | | Leabhrán Thaifead na Postála | |
| Fógraí Áirithe | | | |
| Stampa an Ionaid agus Stamp Ceapa Dúigh | | | |
| Séalaí slándála inar léir gur baineadh díobh a úsáideadh agus nár úsáideadh | | | |
| Trucail Láimhe | | | |
| *Ba chóir an Bosca Stáiseanóireachta, Trucailí Láimhe agus Bosca na bPáipéar Scrúdaithe a chur ar ais trí na hAonaid Seirbhíse Seachadta ainmnithe de chuid An Post (DSUanna) agus an Trucail Láimhe | | Tá na clúdaigh le cur ar ais trí Oifig an Phoist Áitiúil | |

Ba chóir fógra a thabhairt láithreach bonn do CSS ar 090 6442791/2892 ionas gur féidir socruithe a dhéanamh le cúram a thabhairt d'aon pháipéir "bheo".

Tá liosta na n-earraí le cur isteach sa Bhosca Stáiseanóireachta (Colún 1) agus i mbosca na bPáipéar

Scrúdaithe (Colún 2) ag deireadh an scrúdaithe dheiridh.

NB: Ós rud é nach bhfuil bosca stáiseanóireachta ag Feitheoirí sna hionaid ATF, ba chóir dóibh bosca na bpáipéar scrúdaithe a úsáid leis na doiciméid ábhartha uile a chur ar ais.

- Tá stórais de chuid An Post a úsáidtear leis na boscaí a chur ar ais liostaithe laistigh de Leabhrán Thaifead na Postála (is féidir teacht air seo i gclúdach mó an Fheitheora. Níor chóir na boscaí ar chur ar ais ach amháin trí na hAonaid Seirbhíse Seachadta seo de chuid An Post (DSU) – N.B. – sna DSUanna ainmnith, ní ghlactar le pacáistí freagarleabhar ná le clúdaigh eile (rollaí an ionaid, liosta faisnéise, foirm chuntais, etc.). Ná déan iarracht aon rud eile a chur ar ais seachas an bosca Stáiseanóireachta nó bosca na bPáipéar Scrúdaithe trí DSUanna ainmnithe de chuid An Post.
- **Agus d'ionad á dhúnadh, déan cinnte de go gcuireann tú do bhosca Feitheora agus bosca(í) na bpáipéar scrúdaithe (i.e. an bosca/na boscaí a bhaineann le d'ionad scrúdaithe amháin agus nach mbaineann le hionad eile do Choimsiún na Scrúduithe Stáit.**
- Ba chóir "leabhrán Thaifead na Postála" a chur ar ais sa chlúdach ar a bhfuil an seoladh roimh ré ar a bhfuil an teideal 'Rolla an Ionaid' curtha ar fáil in éineacht leis na hearraí atá liostaithe thuas (féach liosta na nOifigí i leabhrán Thaifead na Postála).
- Ba chóir "an Fhoirm Chuntais" a chur ar ais sa chlúdach ar a bhfuil an seoladh roimh ré ar a bhfuil an teideal 'an Rannóg Airgeadais' curtha ar fáil in éineacht leis na hadmhálacha uile atá ceangailte go daingean.
- Ba chóir "bosca na bPáipéar Scrúdaithe" (nó na boscaí) a chur ar ais go dtí Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí, N37 TP65.

**An Seoladh le gach ábhar a Chur ar Ais ná:**

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. N37 TP65**

1. 1. Ní mór go mbeidh lipéad XC ceangailte le boscaí na bpáipéar scrúdaithe a chuirtear ar ais. Ní mór do na Feitheoirí a chinntiú nach bhfuil ach lipéad XC amháin ar gach bosca, ní mór na lipéid uile eile a bhaint. Tá an lipéad XC i do Chlúdach de chuid an Fheitheora agus tá réimír XC air. Féach Aguisín 4 le haghaid sonraí na lipéad XC agus XP.

2. Déan cinnte de le do thoil go bhfuil na boscaí stáiseanóireachta uile dúnta & séalaithe go daingean.

3. Ba chóir trucailí láimhe a chur ar ais sa bhosca stáiseanóireachta áit a bhfuil acmhainn ann dóibh. Seachas sin, ní mór go mbeidh lipéad **XC** ceangailte leis na trucailí láimhe agus ní mór iad a chur i láthair mar earra aonair. Ní féidir trucailí láimhe a cheangal ná a strapáil le boscaí scrúduithe.
4. Ní mór boscaí na bpáipéar scrúdaithe agus na Trucailí Láimhe a chur ar ais chuig an Aonad Seirbhíse Seachadta is gaire do do Scoil de réir an liosta atá curtha ar fáil in admháil an leabhair phostála. Ní mór do bhaill d'fhoireann An Post stampa a chur ar do leabhar postála agus é a shíniú.

NÁ hÚSÁID LIPÉID XP AR BHOSCAÍ NÁ AR Thrucailí Láimhe

# Cuid 18 – Nós Imeachta um Shárú ar Rialacháin atá Le Leanúint

1. Tá dualgas i leith na n-iarrthóirí uile sna scrúduithe ar CSS agus ar gach duine atá ag obair dó a chinntiú go reáchtáiltear na scrúduithe go cothrom agus go bhfiosraítear agus go n-iniúchtar gach cás ina mbítear san amhras gur sáraíodh na rialacháin. Is é an ról atá agatsa déanamh cinnte de go ndéantar an idirghabháil chuí i gcásanna ina mbítear san amhras gur sáraíodh na rialacháin. Is é an ról atá agatsa tuairisc a thabhairt ar a dtarlaíonn de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos.
   Ní cúram duitse a chinneadh cé acu a sáraíodh na rialacháin nó nár sáraíodh ná a mheas cé chomh mór is a sáraíodh na rialacháin ná eolas a thabhairt don iarrthóir faoin toradh ná faoin iarmhairt is dócha a bheidh ar a ndearnadh.
   Beidh ceart freagartha ag na hiarrthóirí nuair a bheidh an cás á iniúchadh ag CSS. Is féidir le hócáidí mar seo a bheith corraitheach don iarrthóir agus, ar an ábhar sin, ba chóir duit an cás a láimhseáil go tuisceanach gairmiúil. Ba chóir duit fanacht neodrach gan aon rud a rá faoin bpróiseas a leanfaidh a bhféadfadh na hiarrthóirí míthuiscint nó míbhrí a bhaint astu ar ball.
   Ar an gcaoi chéanna, nuair a bheidh tú ag scríobh tuairisce ar an ócáid is cóir duit eolas fíorasach a thabhairt gan tuairimí suibiachtúla a thabhairt faoina raibh nó nach raibh ar intinn ag an iarrthóir a dhéanamh. I gcás go bhfuiltear i ndrochamhras gur sáraíodh rialachán is cóir duit an méid sin a chur in iúl don iarrthóir caol díreach tar éis dheireadh an tseisiúin scrúdaithe sin.
2. Sa chás go dtagann tú ar iarrthóir agus í/é ag sárú na Rialacha atá leagtha síos do reáchtáil na scrúduithe, duine a mbeadh leabhair, áiseanna leictreonacha nó nótaí ina s(h)eilbh aige/aici, mar shampla, nó duine a bheadh ag fáil cúnaimh ó iarrthóir eile nó ag tabhairt cúnaimh d'iarrthóir eile, etc., ba chóir duit foláireamh a thabhairt dó/di go bhfuil tuairisc ar an sárú a mheastar atá déanta á cur chuig CSS agus go mb'fhéidir go ndícheadófar a scrúdú. Is é an ról atá agatsa tuairisc a thabhairt ar a dtarlaíonn seachas a chinneadh cé acu a sáraíodh na rialacháin nó nár sáraíodh ná a mheas an bhféadfadh sé gur briseadh na rialacháin. Is cóir cead a thabhairt don iarrthóir leanúint leis an scrúdú ach amháin sna cúinsí a sonraítear in Alt 6 thíos. Má fhaigheann tú amach go bhfuil leabhar, nótaí nó áiseanna leictreonacha ina s(h)eilbh, ba chóir é/iad sin a choigistiú láithreach bonn.
3. Áit a n-úsáidtear clúdaigh mhóra na n-iarrthóirí, ba chóir duit 'SEALADACH' a scríobh ar chlúdach an iarrthóra in aice le bosca Uimh. an Ionaid. Cuireadh lipéid éigeandála ar fáil duit i do bhosca stáiseanóireachta agus seoladh cúig chlúldaigh Bhándearga speisialta chuig údarás na scoile sa Phacáiste Socruithe Réasúnta. Dá dtarlódh sarú ar rialacháin iarr clúdach ón gCúntóir Scrúdaithe nó ó údarás na scoile agus cuir é ar ais le seoladh CSS air.
4. Cibé leabhair, nótaí nó áiseanna cúnaimh seachtracha a bhaintear d'iarrthóir, is cóir iad a chur faoi shéala isteach i gclúdach Bándearg, in éineacht leis an bhfreagarleabhar agus tuairisc iomlán. Tá teimpléad i gcomhair na tuairisce, Foirm **BORRO1**, curtha ar fáil in Aguisín 7. Ní mór duit codanna uile na tuairisce a chomhlíonadh go ina n-iomláine. Tabharfar cóip de do thuairisc don iarrthóir mar chuid d'fhiosrúchán an CSS faoi shárú líomhanta na rialachán. Ní cóir duit breithiúnas a dhéanamh sa tuairisc ar cé acu atá an t-iarrthóir neamhchiontach nó a mhalairt.
5. Is cóir an clúdach Bándearg a chur caol díreach chuig rannóg na Socruithe Réasúnta in CSS ag úsáid ceann de na **lipéid bharrachóid éigeandála** atá curtha ar fáil.

**N.B. Ná cuir an clúdach Bándearg leis na scripteanna eile atá fágtha don ionad sin sa phríomhchlúdach seachadta.**

6. Níor chóir iarrthóir a dhíbirt as an ionad scrúdaithe ach amháin sa chás go bhfuil a c(h)uid iompair ag cur reáchtáil shlán an scrúdaithe i mbaol, agus is i gcomhairle le hÚdarás na Scoile is cóir é a dhéanamh. I gcás dá leithéid, is cóir don Fheitheoir a freagarleabhar an iarrthóra a thógáil láithreach bonn, ar chóir cloí leis an nósa imeachta atá sonraithe i bpointe 2 thuas nuair a bheidh an freagarleabhar á chur ar aghaidh go dtí CSS, agus nuair a bheidh tuairisc speisialta iomlán á scríobh aige/aici.

**Nósanna Imeachta atá le leanúint nuair a aimsítear iarrthóir(í) fón póca/uaireadóir cliste/teicneolaíocht is féidir a chaitheamh/gléas leictreonach (seinnteoir MP3/MP4 agus gléasanna leictreonacha cumarsáide/stórála eile san áireamh) ina s(h)eilbh:**

1. Tarraing aird na n-iarrthóirí ar an bhfógra 'Pionós i gcás Shárú na Rialachán' ina iomláine roimh thús gach seisiúin scrúduithe. Tarraing aird ar leith ar na treoracha ina ndeirtear nach bhfuil cead ag na hiarrthóirí fóin phóca, uaireadóirí cliste, seinnteoirí pearsanta ceoil, ríomhairí glúine, táibléid, glaoirí leictreonacha ná gaireas leictreonach ar bith eile a bheith leo san ionad. Tá socruithe aontaithe le húdaráis na scoileanna le gur féidir leis na hiarrthóirí na gléasanna sin a chur de leataobh roimh gach scrúdú.
2. Má tharlaíonn le linn scrúdaithe:

   (i) go n-aimsíonn tú iarrthóir agus fón póca/uaireadóir cliste/gléas leictreonach ina s(h)eilbh aige/aici, is cuma cé acu atá sé ar obair nó nach bhfuil;

   (ii) go mbuaileann nó go gcroitheann fón an iarrthóra nó go bhfaigheann sé/sí teachtaireacht;

   (iii) go n-aimsíonn tú iarrthóir ag baint úsáid as fón póca/uaireadóir cliste/gléas leictreonach le linn scrúdaithe (e.g. ag caint, ag téacsáil, ag scrollú trí theachtaireachtaí);

   ní mór duit an fón a choigistiú agus a choimeád go dtí deireadh an tseisiúin sin scrúduithe.

**I gcás aon cheann de na cúinsí seo**

- ba chóir duit féin agus ionadaí d'údarás na scoile an fón/uaireadóir/gléas leictreonach a iniúchadh tar éis an scrúdaithe chun féachaint an bhfuil aon rud air a bhaineann leis na scrúduithe nó ar úsáideadh é chun teacht ar ábhar den sórt sin.
- má tá tú sásta nach bhfuil aon ábhar ar an bhfón/uaireadóir/ngléas leictreonach a bhaineann leis na scrúduithe, is cóir an fón a thabhairt ar ais don iarrthóir i ndeireadh an chéad seisiúin scrúduithe eile a mbeidh sé/sí i láthair ann. Ní mór rabhadh a thabhairt don iarrthóir faoin sárú rialachán a tharla agus a chur in iúl dó/di go gcuirfí an fón/uaireadóir/gléas leictreonach chuig CSS dá dtarlódh sárú dá leithéid an dara huair.
- Más chreideann tú go bhfuil ábhar ar an bhfón/uaireadóir/ngléas leictreonach a bhaineann leis na scrúduithe nó gur úsáideadh é chun teacht ar ábhar den sórt sin, i gcomhréir le Cuid 18, alt 4, is cóir an fón/gléas leictreonach (PIN san áireamh nuair is cuí) a chur faoi shéala sa chlúdach stuáilte agus isteach sa chlúdach Bándearg (is féidir an dá ní sin a fháil sa bhosca stáiseanóireachta) agus a sheoladh go díreach chuig rannóg na Socruithe Réasúnta in CSS ag úsáid ceann de na lipéid bharrchóid éigeandála atá curtha ar fáil. Deimhnigh go bhfuil cosaint mhaith ag an ngaireas trína chur isteach sa chlúdach beag stuáilte ata curtha ar fáil.

I gcás chúinse (iii)

ba chóir duit tuairisc a thabhairt ar an scéal d'ionadaí de chuid údarás na scoile. Ba chóir an fón/gléas leictreonach (agus PIN san áireamh nuair is cuí) a chur sa chlúdach Bándearg (is féidir an dá rud sin a fháil sa bhosca stáiseanóireachta) agus a sheoladh go díreach chuig rannóg na Socruithe Réasúnta in CSS ag úsáid ceann de na lipéid bharrchóid éigeandála atá curtha ar fáil. Deimhnigh go bhfuil cosaint mhaith ag an ngaireas trína chur isteach sa chlúdach beag stuáilte ata curtha ar fáil.

# Cuid 19 – Iarrthóirí a bhFuil Socruithe Réasúnta ag Teastáil Uathu

## 1. Ginearálta

Déanann scéim na socruithe réasúnta sna scrúduithe teistiméireachta soláthar do shocruithe le haghaidh scoláirí a bhfuil éagsúlacht riachtanas speisialta oideachais casta acu lena n-áiritear deacrachtaí foghlama chomh maith le deacrachtaí coirp, radhairc, éisteachta, míochaine, céadfacha, mothúchánacha, iompair nó deacrachtaí eile, bídís buan nó sealadach. Déanfaidh CSS na socruithe uile a bhronnadh roimh thús na scrúduithe, ach amháin i gcásanna a thagann chun cinn le linn thréimhse na scrúduithe (i.e. éigeandáil sláinte). Le haghaidh tuilleadh eolais maidir le socruithe réasúnta, ba chóir duit Socruithe Réasúnta ag na Scrúduithe Teistiméireachta, 2026 Socruithe Rochtana a Chur i bhFeidhm le linn na Scrúduithe Scríofa a léamah freisin.

Gheobhaidh tú mioneolas ón CSS ina gcuirtear síos ar na socruithe a bronnadh ar iarrthóir ar leith atá ceaptha a bheith i do bhunionad, nuair a bhailíonn tú na páipéir scrúdaithe.

Ag brath ar an socrú atá bronnta, d’fhéadfadh na socruithe a bheith ar fáil don iarrthóir i d’ionad féin nó in ionad speisialta laistigh den scoil. Ar na socruithe is coitianta a dhéantar d’iarrthóirí tá gléas taifeadta a úsáid, próiseálaí focal a úsáid, léitheoir/ cúnamh léitheoireachta a bheith ar fáil nó scríobhaí a bheith ar fáil agus is gá leas a bhaint as ionad speisialta ar leith nó le hionad speisialta comhroinnte.

## 2. Éigeandálaí

Uaireanta, tagann fadhbanna chun cinn roimh scrúdú nó lena linn ina n-éireoidh iarrthóir tinn nó ina mbeid sé/sí gortaithe. Ina leithéid de chásanna, ní mór duit teagmháil a dhéanamh le húdaráis na scoile a chuirfidh é sin in iúl do CSS. Ní mór duit a chinntiú go mbeidh ball d’údarás na scoile in éineacht leis an iarrthóir go dtí go ndéantar cinneadh údarásach cé acu an nó nach gcríochnófar an scrúdú. D’fhéadfadh CSS cead a thabhairt don iarrthóir an scrúdú a chríochnú níos déanaí an lá sin nó ar dháta iarchurtha.

Le haghaidh Ardteistiméireacht 2026, cuirfear suí iarchurtha de chuid na hArdteistiméireachta ar fáil faoi leathnú ar fhorálacha éigeandála scéim na Socruithe Réasúnta ag na Scrúduithe Teistiméireachta (Scéim RACE) chun tacú le **hiarrthóirí na hArdteistiméireachta agus na hArdteistiméireachta Feidhmhí** a bhféadfadh tinneas teacht orthu, timpiste a bheith acu, nó a bheith gortaithe nó go bhfaigheadh duine muinteartha leo bás uair na scrúduithe deiridh scríofa. Leanfar ag tacú le hiarrthóirí na Sraithe Sóisearaí a bheidh tinn nó a bhfaighidh duine muinteartha leo bás lena scrúduithe a dhéanamh faoi na socruithe atá ann cheana féin mar atá sonraithe i dTreoracha RACE 2026 do scoileanna sna Socruithe Réasúnta ag Scrúduithe Teistiméireachta, 2026 Socruithe Rochtana a Chur i bhFeidhm le linn an Scrúdaithe Scríofa. Beidh rochtain ar an suí iarchurtha teoranta go docht do scoláirí nach bhfuil in ann páipéir scrúdaithe amháin nó níos mó a dhéanamh sa phríomhshuí.

Tosóidh an suí iarchurtha go luath tar éis dheireadh an phríomhshuí. Tá na critéir incháilitheachta an-dian le rochtain a dhéanamh ar an dara suí, a chuirfear i bhfeidhm go docht agus cuirfear san áireamh prionsabail an chothromais, na cothroime agus na sláine a rialaíonn gach gné den chóras scrúduithe. Tá na conníollacha incháilitheachta a bhaineann le gach ceann d’fhorais na rochtana leagtha amach i **gCiorclán S05/26.**

Sa chás go bhfaigheann duine muinteartha bás, tá solúbthacht ann go fóill le scrúdú a sceidealú ionas go dtosófar scrúdú níos déanaí nó níos luaithe atá sceidealaithe ar lá na sochraide ach tá deis ann freisin scrúdú iarchurtha a dhéanamh go luath i ndiaidh an phríomhshuí más gá.

Sa chás go mbíonn éigeandáil leighis thromchúiseach ann, ní mór don Fheitheoir é seo a chur in iúl d’údarás na scoile láithreach bonn nach mór a chur in iúl do CSS é a luaithe agus is féidir.

Tá socruithe curtha i bhfeidhm do scoileanna chun tacú leis an eachtra seo a thuairisciú chuig CSS chomh luath agus is féidir tar éis na heachtra. Rachaidh CSS i dteagmháil leis an scoil ansin, toisc gurb í is fearr atá in ann aon socruithe eile a dhéanamh.

Níor chóir d'Fheitheoirí aon ráitis a dhéanamh maidir le hincháilitheacht ná rud ar bith eile de chuid na n-iarrthóirí maidir le suí iarchurtha ná suí moille na scrúduithe. Is ceisteanna iad seo a réiteofar idir CSS agus an scoil. Ach, b'fhéidir go n-iarrfar ort eolas faoi na heachtraí san ionad a chur ar fáil.

## 3. Mar eolas duit: Socruithe Is Féidir le hÚdaráis na Scoile a Cheadú

### Tréimhsí Sosa:

Chun soláthar a dhéanamh do chásanna éigeandála agus chun soláthar a dhéanamh do riachtanais leighis iarrthóirí, tá sé de rogha ag an scoil briseadh nó tréimhse sosa, **nach mbeidh níos mó ná 20 nóiméad ar fad**, a cheadú d'iarrthóirí a bhfuil fadhbanna suntasacha coirp agus/nó sláinte acu.

**Ní am sa bhreis atá i gceist le tréimhsí sosa leis an scrúdú a chríochnú.**

Ní gá duit agus níor chóir duit iarratas a dhéanamh chuig n CSS chun ligean d'iarrthóirí tréimhsí sosa a ghlacadh. **Ach, ba chóir go measfar go rud eisceachtúil iad tréimhsí sosa agus tá an CSS ag súil go mbeidh líon beag tréimhsí sosa ceadaithe i ngrúpa ranga.**

**Déanfaidh an CSS idirghabháil le scoil ar bith má chreideann sé go bhfuil mí-úsáid á baint as an rogha le tréimhsí sosa a bhronnadh.**

Ba chóir sosanna a bhronnadh bunaithe ar eolas na scoile faoin leas is fearr ar mhaithe leis an iarrthóir. Ba chóir d'Fheitheoirí a bhfuil ábhair imní orthu faoi seo teagmháil a dhéanamh le CSS ar 1800 283 071.

Baineann na rialacha seo a leanas le tréimhsí sosa:

- Beifear ag súil de ghnáth go bhfanfaidh iarrthóirí san ionad le linn na tréimhse sosa. Ach, b'fhéidir go mbeidh gá ar leith ann don iarrthóir an t-ionad scrúdaithe a fhágáil i rith na tréimhse sosa. Má tharlaíonn sé seo, ní mór duit a chinntiú go bhfuil socrú sásúil déanta ag údarás na scoile le feitheoireacht a dhéanamh orthu. Níor chóir don Fhreastalaí feitheoireacht a dhéanamh ar iarrthóirí.
- Níl cead ag an iarrthóirí bheith ag léamh, ag scríobh ná ag críochnú obair ar bith a bhaineann leis an scrúdú le linn na tréimhse sosa.
- Le linn na dtréimhsí sosa ba chóir go mbeadh an páipéar scrúdaithe agus an script dúnta ar an deasc.
- Bunaithe ar a riachtanais, is féidir le hiarrthóirí tréimhse sosa amháin nó níos mó a ghlacadh le linn gach scrúdaithe.
- Níor chóir go mbeadh níos mó ná 20 nóiméad san iomlán sa tréimhse/ tréimhsí sosa seo in aon scrúdú.
- Le linn na tréimhse sosa, is é a tharlaíonn go bunúsach ná go stoptar an clog don iarrthóir atá i gceist agus go gceadaítear an t-am a glacadh don tréimhse/do na tréimhsí sosa ag deireadh an scrúdaithe.
- Ba chóir freastal ar an iarrthóir sa phríomhionad scrúdaithe agus ní féidir leis/léi bheith in ionad scrúdaithe speisialta ach amháin má ceadaíodh an socrú sin ar chúis eile.
- Ní mór don fheitheoir nó ball d'údarás na scoile feitheoireacht a dhéanamh ar na tréimhsí sosa i rith am iomlán gach tréimhse sosa.

Ní mór d'údarás na scoile nóta, atá sínithe ag an bpríomhoide, a thabhairt don Fheitheoir ina n-údaraítear tréimhsí sosa caighdeánacha agus an chúis a chur ar fáil.

I gcásanna an-eisceachtúil déanfaidh CSS iarratas ar thréimhsí sosa atá níos faide ná 20 nóiméad a mheas. Má aontaítear ar a leithéid d'iarratas, beidh cead i scríbhinn roimh ré curtha ar fáil do na scoileanna ag an

CSS. Ní mór duit fianaise dá leithéid de chead a iarraidh.

### Is iad seo a leanas socruithe eile a d'fhéadfadh an scoil a eagrú:

| | | |
|---|---|---|
| Tréimhsí sosa nach bhfuil níos faide ná 20 nóiméad mar atá leagtha amach thuas | A dheimhniú go mbíonn iarrthóir a bhfuil lagú éisteachta air/uirthi suite i ngar don Fheitheoir agus/nó don seinnteoir CD sa phríomhionad scrúduithe do thriail chluastuisceana. Gheobhaidh tú na sonraí seo i do chlúdach mór de chuid na bhFeitheoirí. | Deasc nó cathaoir speisialta a úsáid sa seomra ranga má úsáidtear de ghnáth í. |
| Ligean don iarrthóir bogadh thart/ síneadh laistigh den ionad | Cógais leighis, bia nó deochanna a thabhairt isteach san ionad scrúduithe nuair is gá a leithéid a thógáil ar chúiseanna sláinte. | Áiseanna lagamhairc, méadaitheoirí agus lampaí léitheoireachta a úsáid má bhíonn siad in úsáid de ghnáth sa seomra ranga ag iarrthóirí a bhfuil lagamharc orthu. |
| Cúnamh ó chuiditheoir sna scrúduithe scríofa chun cuidiú le hiarrthóir a bhfuil riachtanais fhisiceacha acu in aon scrúdú scríofa ina bhfuil gá le bileoga líníochta A5 le bileoga líníochta A5 a chlampáil le clár. Is iad na hábhair ina bhféadfaí cuiditheoir a cheadú do na scrúduithe scríofa Staidéar Foirgníochta agus Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide na hArdteistiméireachta agus Grafaic agus Staidéar Foirgníochta na hArdteistiméireachta Feidhmí. Sa tSraith Shóisearach, d'fhéadfaí cuiditheoir a cheadú don Ghrafaic. | | |

Mar Fheitheoir, is ceadmhach duit aon cheann de na socruithe seo a dhéanamh ach nóta a fháil ó údaráis na scoile ag deimhniú gur gá an socrú a dhéanamh.

Ba chóir an nóta a chur ar aghaidh go dtí CSS sa chlúdach a bhfuil an teideal 'Rolla an Ionaid' air nuair a bheidh an Scrúdú deireanach déanta sa bhunionad.

## 4. Ag Freastal ar Iarrthóirí a bhfuil Socruithe Réasúnta Acu

### Iarrthóirí sa Phríomhionad

Ag brath ar na socruithe réasúnta atá déanta, d'fhéadfadh iarrthóir a bheith ina s(h)uí sa phriomhionad. D'fhéadfadh sé go mbeidh treoracha ar leith le comhlíonadh le linn scrúduithe áirithe (e.g. gar don challaire i dtriail chluastuisceana, etc.).

Gheobhaidh tú na sonraí sin i gclúdach mór an Fheitheora. Ba chóir d'Fheitheoirí na Sraithe Sóisearaí aird a thabhairt ar na scoláirí ar leith atá faofa le haghaidh am breise ina n-ionad.

### Iarrthóirí in ionad speisialta aonair nó in ionad speisialta comhroinnte (ionaid ama bhreise san áireamh)

Iarrthóirí atá in ionad speisialta aonair nó in ionad speisialta comhroinnte sa scoil, beidh siad le feiceáil ar Rolla Ionaid an bhunionaid. Soláthróidh tú d'Fheitheoir an ionaid speisialta an t-ábhar is gá chun an scrúdú a reáchtáil. Tá tú freagrach as a dheimhniú leis an bhFeitheoir san ionad speisialta cén t-ábhar agus cén leibhéal atá á ndéanamh ag an iarrthóir nó ag na hiarrthóirí sula dtugann sé/sí an scrúdpháipéar d'Fheitheoir an ionaid speisialta.

Is cóir a bheith an-chúramach agus páipéar an tseisiúin atá ar tí tosú á sheiceáil agus á dháileadh. Ba chóir é a chur sa tiachóg speisialta a tugadh d'Fheitheoir an Ionaid Speisialta chun an páipéar a iompar chuig an Ionad Speisialta. Ba chóir duit an tiachóg speisialta a fháil ar ais ó Fheitheoir an Ionaid Speisialta ag deireadh na scrúduithe san Ionad Speisialta agus é a sheoladh chuig an CSS sa bhosca stáiseanóireachta.

Ba chóir duit a dheimhniú le feitheoir an ionaid speisialta, i gcás na Matamaitice, na Gaeilge agus an

Bhéarla, go ndéantar Páipéar 2 ar an leibhéal céanna le Páipéar 1. I ndiaidh gach scrúdaithe, **ní mór duit fanacht leis an script** sula gcuireann tú séala ar an gclúdach seachadta ina bhfuil scripteanna an bhunionaid.

**Tá treoir tugtha d'Fheitheoir an Ionaid Speisialta fanacht san ionad speisialta go dtí go gcríochnóidh gach scrúdú de réir an sceidil ionas nach gcuirfear as do na hiarrthóirí i do phríomhionad.** Nuair a fhaigheann tú an script, comhlánaigh Rolla an Ionaid sula gcuireann tú an clúdach seachadta nó an script san ord uimhreach cuí sa chlúdach seachadta céanna leis na scripteanna eile ón mbunionad.

### Iarrthóirí in ionad speisialta in ospidéal

Is féidir le hiarrthóir a bheith i láthair in ionad speisialta i ngiorracht ón mbunionad e.g. ospidéal. Ina leithéid de chásanna, cuirfidh Feitheoir d'ionad ainmnithe i scoil gar don ospidéal an t-ábhar riachtanach ar fad ar fáil agus glacfaidh sé/sí an script ón bhFeitheoir ón ospidéal tar éis gach seisiúin scrúdaithe. Tabharfaidh Feitheoir an ionaid ainmnithe a (h)aire ar na sonraí ar Rolla an Ionaid agus ar an Liosta Faisnéise agus ansin cuirfidh sé/sí an script sa chlúdach seachadta céanna leis na scripteanna óna (h)ionad.

I gcásanna áirithe, gheobhaidh Feitheoir an ionaid san ospidéal an t-ábhar riachtanach ar fad leis an scrúdú a reáchtáil (i.e. páipéir scrúdaithe, stáiseanóireacht scrúdaithe, etc.) ón ngnáthionad ainmithe, bunionad an iarrthóra de ghnáth. Cuirfidh an Feitheoir san ionad speisialta an freagarleabhar críochnaithe ar ais chugat mar an Feitheoir den bhunionad nuair a chríochnaítear gach seisiún scrúdaithe ag an am sceidealaithe ach amháin má threoraíonn an Coimisiún a mhalairt. Beidh tusa freagrach as an bhfreagarleabhar a chur ar ais go dtí an Coimisiún.

### Iarrthóirí a chuireann a gcuid oibre i gcrích ar Phróiseálaí Focal

Le haghaidh 2026, tá dualgas ar gach iarrthóir ar bronnadh cead air/uirthi próiseálaí focal a úsáid, bileog chlúdaigh a chomhlánú do gach script a rinneadh ar phróiseálaí focal le linn na scrúduithe. Tá na treoracha iomlána maidir leis seo san áireamh san fhoilseachán RACE 'Socruithe Rochtana á gCur i bhFeidhm i rith an Scrúdaithe Scríofa'.

## 5. Taifeadadh Fuaime in Ionaid Speisialta Scrúdaithe Aonair

Chun caighdeán na scrúduithe teistiméireachta a chinntiú, déanann CSS taifeadadh fuaime in ionaid scrúdaithe aonair atá roghnaithe. Dá dtarlódh go roghnófaí ionad speisialta atá nasctha le d'ionadsa a thaifeadadh, cuirfidh Príomhoide na scoile sin in iúl duit. Beidh sé de fhreagracht ortsa an gléas taifeadta a stóráil go sábháilte nuair nach mbeidh sé in úsáid.

Tá treoir tugtha d'Fheitheoir an ionaid speisialta an gléas taifeadta a thabhairt ar ais chugatsa ag deireadh gach seisiúin scrúduithe nuair a bheidh an script á tabhairt chugat. Ba chóir duit an gléas taifeadta a stóráil sa Bhosca Stáiseanóireachta go dtí an chéad uair eile a bheidh sé ag teastáil san ionad speisialta. Ba chóir duit a dheimhniú go mbeidh séala a léiríonn má baineadh dóibh ar an mbosca stáiseanóireachta nuair a fhágfaidh tú an lárionad, ag am lóin mar shampla. Ba chóir duit an gléas taifeadta a thabhairt ar ais d'fheitheoir an ionaid speisialta ag tús an chéad seisiúin eile scrúduithe nuair a bheidh an páipéar scrúdaithe agus an stáiseanóireacht á mbailiú aige/aici.

Ba chóir an gléas a thabhairt ar ais do Phríomhoide na scoile nuair a bheidh an scrúdú deireanach san ionad speisialta thart, le go gcuirfidh seisean/sise ar ais chuig CSS é.

# Cuid 20 – Íocaíocht a Éileamh as ucht Do Chuid Oibre

Is de réir na rialachán atá i bhfeidhm sa tseirbhís phoiblí a íocfar speansais taistil agus liúntais chothabhála le foireann na scrúduithe atá ar conradh. Tá tuilleadh sonraí i Ráiteas na Faisnéise Airgeadais do Bhaill Foirne na Scrúduithe ar Conradh 2026.

Faigheann gach Feitheoir foirm chuntais chun íocaíocht na rátaí laethúla feitheoireachta a éileamh ón CSS, chomh maith leis na costais taistil, na liúntais chothabhála agus na speansais eile. Beidh sonraí san fhoirm i gcónaí i dtaca le d'ionad (ainm, suíomh, tréimhse etc.) ach, ar chúiseanna Cosanta Sonraí ní bheidh aon fhaisnéis phearsanta san fhoirm.

Lena chinntiú go bhfaightear íocaíocht go pras, ba chóir na foirmeacha cuntais comhlánaithe a sheoladh chuig Rannóg an Airgeadais den CSS laistigh de dhá sheachtain de dháta críochnaithe na hoibre. Is féidir go mbeidh moill ar an íocaíocht má bhíonn an t-éileamh mall ag teacht isteach nó má chomhlíontar é go hearáideach.

1. Beidh ort do shonraí pearsanta a scríobh isteach sna spásanna atá curtha ar fáil. Más múinteoir thú atá ag cleachtadh beidh ort sonraí do scoile a chur isteach freisin.
2. Tabhair faoi deara, mura ndéantar na foirmeacha cuntais a chomhlánú i gceart nó go hiomlán, cuirfear iad ar ais chugat agus d'fhéadfadh moill a bheith curtha ar d'íocaíocht. Tá tú féin freagrach as a chinntiú go gcuireann tú isteach do UPSP agus sonraí pearsanta eile i gceart agus go bhfuil d'fhoirm chuntais sínithe.
3. Tá an postas réamhíoctha. Má tharlaíonn go ndiúltaítear glacadh le hearraí réamhíoctha in Oifig Phoist – rud nach dócha – ní mór admhálacha cuí a chur in éineacht le héilimh ar aisíocaíocht postais.
4. Is cóir sonraí na speansas gutháin a thabhairt ar an bhfoirm chuntais. (Forchoimeádann CSS de cheart aige féin eolas a lorg faoi bhille gutháin má bhíonn na costais níos airde ná an leibhéal a mbeifí ag súil leis).
5. Má éilítear táillí dola, muirir bád farantóireachta etc., ní mór admháil nó ráiteas a chur in éineacht leis an éileamh a thaispeánann an dáta, an t-am agus an táille taistil.
6. Má éilítear costas earraí a ceannaíodh nó costas turas neamhchaighdeánacha, ní mór nóta faofa ón mball d'fhoireann CSS a d'údaraigh é a chur in éineacht leis an éileamh. Ní mór admháil a chur in éineacht le hearraí a ceannaíodh freisin.
7. Ní dhéanfar íocaíocht mura seoltar isteach admhálacha.
8. Is cóir an Fhoirm Chuntais a chomhlánú agus a shíniú nuair a bheidh deireadh leis na scrúduithe i d'ionad (Féach pointe 1 go pointe 4 thuas). Is cóir an fhoirm chomhlánaithe agus na hadmhálacha ábhartha, agus an nóta faofa (má ba ghá íocaíocht a fháil maidir le hearraí a cheannach), a chur chuig Rannóg an Airgeadais i gCoimisiún na Scrúduithe Stáit. Is cóir na hadmhálacha a cheangal go daingean leis an bhFoirm Chuntais. Tabharfar tús áite d'fhoirmeacha a chomhlánaítear go hiomlán agus a chuirtear isteach in am.
9. Ní íocfar liúntais taistil agus chothabhála ach amháin i gcás gur gá do dhuine a bheith as láthair ón mbaile nó óna c(h)eanncheathrú, agus is de réir na rialachán cuí a íocfar é/í. Is cóir na dualgais taistil ar fad a phleanáil chun nach dtarraingeofar níos mó speansas taistil ná cothabhála ná mar is gá chun an obair á dhéanamh chomh héifeachtach agus is féidir agus i gcomhréir le rialacháin iomchuí an Rialtais (i).
   Is cóir an taisteal oifigiúil ar fad a dhéanamh ar na bealaí is gaire agus is praiticiúla, agus ar an modh iompair is saoire agus is praiticiúla. Aon áit a mbaintear leas an córas iompair poiblí, is gá admhálacha a chur isteach.
10. Íocfar speansais taistil leat as taisteal riachtanach a dhéantar le linn do chuid dualgas a chomhlíonadh. I gcás nach bhfuil córas iompair poiblí oiriúnach ar fáil, is féidir rátaí as taisteal i gcarr a íoc. Ní mór uimhir chláraithe an chairr a lua mar aon le toilleadh ciúbach an innill mar atá sé cláraithe.

11. I gcás ina bhféadfaí córas iompair poiblí a úsáid (i.e. traein nó bus, chomh maith le tacsaí dá mbeadh sé sin riachtanach cuid den bhealach) ní bheidh an tsuim a cheadófar de d'fheithicil féin níos mó ná costas an iompair phoiblí.

12. Sna cúinsí seo a leanas a íocfar liúntais chothabhála ar na rátaí cuí leat as tréimhsí is gá a chaitheamh as láthair ón mbaile:

(i) I gcás go bhfuil Feitheoir 100 ciliméadar nó níos mó ón mbaile nó óna c(h)eanncheathrú, cibé aistear díobh is giorra, tá liúntas oíche iníoctha as gach tréimhse 24 uair an chloig. Clúdaíonn liúntas oíche tréimhse 24 uair an chloig. Níl liúntas oíche agus liúntas lae iníoctha as an tréimhse chéanna. I gcás ina bhfuiltear as baile oíche amháin nó níos mó, ní íocfar liúntas lae ach amháin má sháraítear an tréimhse dheiridh 24 uair an chloig de 5 uair an chloig nó níos mó.
Má éilíonn tú níos mó ná 14 liúntas oíche as a chéile, íocfar liúntas laghdaithe tar éis an 14ú hoíche. Níl costas an taistil idir an t-ionad inar ceapadh thú agus do lóistín sealadach in-aisíoctha.

(ii) Is féidir liúntas cothabhála lae a bheith iníoctha má bhíonn duine as láthair ar ghnó oifigiúil atá níos mó ná 8 km ó bhaile nó ó cheanncheathrú an oifigigh (cibé aistear díobh is giorra).

(iii) I gcás go bhfuil tú níos lú ná 8 gciliméadar ón mbaile nó ó do cheanncheathrú, ní bheidh liúntas cothabhála iníoctha i gceist.

(iv) Tábla na Liúntas Cothabhála:

| Liúntas | Rate |
|---|---|
| Thar Oíche – 24 uair an chloig | €205.53 |
| Liúntas Lae – Lá Fada – 10 n-uair an chloig nó níos mó | €46.17 |
| Liúntas Lae – Lá Gearr – 5 go 10 n-uair an chloig | €19.25 |

**Ráta Bhaile Átha Cliath** - - I gcás go mbíonn deacrachtaí ag oifigigh teacht ar lóistín cuí i mBaile Átha Cliath taobh istigh den ráta caighdeánach, is féidir go n-íocfar ráta lóistín le hadmhálacha suas go dtí an ráta caighdeánach oíche (€205.53) móide €46.17.

Ní féidir le CSS liúntas cothabhála a íoc mura luaitear an t-am a fhágtar an baile agus an t-am a fhilltear abhaile arís gach lá. Mura luaitear na hamanna sin, cuirfear an fhoirm ar ais chugat agus beidh moill ar an íocaíocht.

13. Déantar tagairt do na sainmhínithe seo chun speansais taistil agus liúntais chothabhála a áireamh de réir rialacháin na Roinne Airgeadais;

**(i)** **Baile:** do ghnátháit chónaithe i gcás múinteoirí nach bhfuil ag fónamh.

**(ii)** **Seoladh le linn téarma:** Bíonn feidhm aige seo i gcás múinteoirí atá ag fónamh, is é sin an seoladh ag a mbíonn cónaí ort le linn an téarma scoile.

**(iii)** **Ceanncheathrú:** an áit a mbíonn tú ag múineadh de ghnáth, i.e. an scoil ina bhfuil tú ag múineadh faoi láthair.

**(iv)** **An t-ionad/na hionaid:** an t-ionad inar ceapadh mar Fheitheoir thú.

I gcomhréir leis na rialacháin, is ar bhonn an aistir is lú díobh seo a áirítear na speansais taistil agus na liúntais chothabhála a íocfar: an fad idir do bhaile/seoladh le linn téarma agus an t-ionad/na hionaid inar ceapadh thú agus an fad idir do cheanncheathrú agus an t-ionad/na hionaid inar ceapadh thú. I gcás múinteoirí nach bhfuil ag múineadh (dífhostaithe, ar scor, etc.) is ar an bhfad idir a mbaile agus an t-ionad inar ceapadh iad a bhunaítear an íocaíocht.

14. Má iarrann tú a bheith as láthair go sealadach ón tasc seo chun freastal ar agallamh ní íocfar tú le haghaidh na tréimhse agus tú as láthair. Ní cheadófar aon neamhláithreachtaí sealadacha eile le linn na tréimhse scrúdaithe.

15. Ní bheidh aon éileamh agat in aghaidh CSS ar chúiteamh ná ar speansais má bhristear as do phost thú.

16. Is scéim nua coigiltis scoir é mo Chiste don Todhchaí (Uathchlárú) atá urraithe ag an Stát d'fhostaithe nach bhfuil scéim pinsin san ionad oibre ná socrú breise pinsin acu cheana féin. Is an tÚdarás Náisiúnta Uathrollaithe Coigiltis Scoir (NAERSA) a dhéanfaidh an scéim uathrollaithe a riar.
    Ba chóir na fiosruithe uile a bhaineann le cúrsaí cáilitheachta, cláraithe agus asbhaintí a chur ar aghaidh díreach chuig NAERSA. Le haghaidh tuilleadh eolais, féach an nasc thíos: https://www.gov.ie/ga/an-roinn-coimirce-s%C3%B3isialai/foilseachain/c%C3%B3ras-coigiltis-scoir-uathchl%C3%A1raithe-dfhostaithe/.

17. Déileáiltear le cúrsaí a bhaineann leo seo a leanas: Sonraí Cuntais Bhainc a sholáthar nó a leasú, asbhaintí ÍMAT, ÁSPC agus MSU ag https://secexaminer.ie/ faoi 'Eolas d'Fhoireann ar Conradh'. San áireamh ann freisin tá an feasachán maidir le hEolas Airgeadais d'fhoireann Scrúdaithe ar conradh 2026.

**RABHADH: Ba chóir duit a thabhairt faoi deara gur chóir go mbeadh éileamh a dhéantar ar speansais taistil agus cothabhála ar deireadh thiar i gcomhréir leis na rialacháin a bhaineann leis an tSeirbhís Phoiblí i.e. ní mór go léireofaí sna liúntais taistil agus cothabhála na speansais a fabhraíodh/ nó a bheadh le fabhrú ó fhad níos gaire.**
**Éilimh nach ndéantar a chomhlánú ar an mbealach seo, d'fhéadfaí iad a mheas mar éilimh neamhbhailí Forchoimeádann CSS an ceart le tuilleadh fianaise a lorg de na sonraí a éilítear chun tacú leis an bhfoirm chuntais a cuireadh isteach.**

(i) Tá Ciorcláin Athchóirithe agus Seachadta NDP 11/1982, 16/2022, 19/2023 & 04/2025 de chuid na Roinne Caiteachais Phoiblí maidir le rialacháin, rátaí agus liúntais Taistil agus Cothabhála ar fáil ar www.gov.ie/circulars

# Cuid 21 – Dínit san Ionad Oibre

## Dínit san Ionad Oibre; Polasaí Frithbhulaíochta agus Frithchiaptha

Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) tiomanta do thimpeallacht a chothabháil a spreagann an ceart atá ann ar dhínit san ionad oibre agus a thacaíonn leis. Táthar ag siúl leis go léireoidh gach duine, bídís fostaithe go díreach ag CSS nó ar conradh, meas ar cheart gach duine ar dhínit ina shaol oibre. Caithfear go cothrom le gach duine agus beidh meas ar a bpearsantacht faoi leith agus ar a n-éagsúlacht. Níl glacadh le bulaíocht, le ciapadh ná le gnéaschiapadh, agus ní chuirfear suas leo. Tá dualgas ar an bhfoireann a fhostaítear ar conradh chun scrúduithe an stáit a sholáthar agus a rith, agus tá sé de chúram orthu, an dínit san ionad oibre a chosaint.

Sainmhínítear an bhulaíocht san ionad oibre, chun críche an pholasaí seo, mar '*iompar mí-oiriúnach leanúnach, díreach nó indíreach, bíodh sé i bhfocail, i ngníomh nó ar mhodh eile, ag duine amháin nó ag breis agus duine amháin in aghaidh duine nó daoine eile san ionad oibre agus/nó le linn fostaíochta, agus a d'fhéadfaí a shamhlú go réasúnta é a bheith ag baint faoi cheart an duine ar dhínit san ionad oibre*'. Cuireann an bhulaíocht sábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine san ionad oibre i mbaol. Nuair is uair amháin a tharlaíonn leithéid an iompair a bhfuil cur síos air sa sainmhíniú, ní mheastar gur bulaíocht atá ann toisc gur ócáid aon uaire é, bíodh is go mb'fhéidir gur masla don dhínit é. Ní áirítear mar bhulaíocht san ionad oibre smacht réasúnta atá riachtanach ag éirí as dea-bhainistíocht ar fheidhmiú an duine san ionad oibre ná gníomhartha a dhéantar, agus ar féidir iad a chosaint, mar mhaithe le sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe/na foirne ar conradh. Mar shampla, má bhítear ag cur in iúl do dhuine go leanúnach go bhfuil sé ag feidhmiú ar leibhéal atá faoi bhun an spriocleibhéil a theastaíonn, tharlódh go mothódh an duine sin faoi bhagairt agus éiginnte ina chuid oibre, ach ní thugann sin ann féin le fios go bhfuil bulaíocht ag dul ar aghaidh.

Tá an ciapadh agus an gnéaschiapadh sainmhínithe sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta. Is iompar iad ciapadh "*iompar gan iarraidh d'aon saghas a bhaineann le haon cheann de na forais leithcheala*" agus gnéaschiapadh; "*iompar briathartha nó neamhbhriathartha nó fisiceach gan iarraidh d'aon saghas a bhaineann le cúrsaí gnéis*" a mbíonn sé de chuspóir aige nó de thoradh air dínit duine a shárú agus timpeallacht bhagrach, naimhdeach, tháireach, oilbhéimeach nó mhaslach a chruthú don duine.

Tá sé de cheart ag an bhfoireann a fhostaíonn CSS ar conradh go gcaithfí le dínit agus le meas leo agus iad i mbun a gcuid dualgas agus nach gcuirfí a sábháilteacht, a sláinte ná a leas i mbaol de bharr bulaíochta nó ciapadh ag fostaithe eile de chuid CSS (atá ar conradh nó fostaithe go díreach) ná ag daoine eile. Tá sé de cheart acu gearán a dhéanamh má dhéantar bulaíocht nó ciapadh orthu, agus nach ndéanfaí leatrom orthu as an ngearán a dhéanamh. Tá sé de cheart acu freisin ionadaíocht a bheith acu nuair a bhíonn gearán faoi bhulaíocht nó faoi chiapadh á dhéanamh le CSS acu.

Amhail atá ceart ar dhínit san ionad oibre ag an bhfoireann ar conradh, tá dualgas orthu freisin meas a bheith acu ar an gceart céanna ag daoine eile. Ba chóir don fhoireann ar conradh, agus iad ag déileáil le baill foirne eile atá ar conradh nó le daoine atá fostaithe go díreach ag CSS, iad féin a iompar ar shlí a léiríonn meas ar dhínit na ndaoine sin. Ba chóir don fhoireann ar conradh comhoibriú freisin chun tacú leis na cearta sin, agus eolas ábhartha a sholáthar nuair a bhíonn líomhain faoi bhulaíocht nó faoi chiapadh san ionad oibre á fiosrú go neamhfhoirmiúil nó go foirmiúil.

Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) tar éis glacadh le polasaí frithbhulaíochta agus frithchiaptha na Státseirbhíse – "Dínit san Ionad Oibre" - Polasaí Frithbhulaíochta, Frithchiaptha agus Frith-Ghnéaschiaptha atá ar fud Státseirbhís na hÉireann, chun déileáil le gearáin faoi bhulaíocht agus faoi chiapadh i measc na foirne atá ar conradh. Tá cóip den pholasaí sin ar fáil sa rannóg Eolas don Fhoireann ar Conradh den suíomh **www.examinations.ie**.

# Cuid 22 – Nósanna Imeachta um Nochtadh Cosanta

**NUAIR A LABHRAÍTEAR AR NOCHTADH COSANTA A DHÉANAMH TÁTHAR AG TAGAIRT DO CHÁS INA NDÉANANN OIBRÍ EOLAS A NOCHTADH I NDÁIL LE HÉAGÓIRITHEOIREACHT. TUGTAR "SCEITHIREACHT (WHISTLBLOWING AS BÉARLA)" AIR SEO UAIREANTA.**

Tar éis leasú a dhéanamh ar Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014, d'eisigh RCPA treoir reachtúil le haghaidh comhlachtaí poiblí agus daoine forordaithe maidir leis an Acht um Nochtadh Cosanta (Leasú) 2022.

Is é is nochtadh cosanta ann, mar atá leagtha amach in alt 5, nochtadh a dhéanamh ar eolas a gcreideann an t-oibrí go réasúnach go léiríonn sé éagóracha iomchuí amháin nó níos mó, a tháinig ar aird an oibrí i dtaca le fostaíocht an oibrí agus a nochtar ar an modh a fhorordaítear leis an Acht.

**a) Cad ia "oibrí" ann?**
Chun críocha an Achta, ciallaíonn oibrí duine a fuair eolas maidir le héagóir sa chomhthéacs a bhaineann le cúrsaí oibre.

**b) Chun críocha an Achta, is iad seo a leanas éagóirí ábhartha:**

- go ndearnadh cion, go bhfuil cion á dhéanamh nó gur dócha go ndéanfar cion;
- gur theip ar dhuine, go dteipeann ar dhuine, nó gur dócha go dteipfidh ar dhuine cloí le haon oibeagláid dhlíthiúil, seachas ceann a thagann chun cinn faoi chonradh fostaíochta an oibrí nó faoi chonradh eile ina dtugann an t-oibrí faoi nó ina ndéanann an t-oibrí aon obair nó seirbhísí go pearsanta;
- gur tharla iomrall ceartais, go bhfuil iomrall ceartais ag tarlú, nó gur dócha go dtarlóidh iomrall ceartais;
- go raibh, go bhfuil nó gur dócha go mbeidh sláinte agus sábháilteacht duine ar bith i mbaol;
- go raibh, go bhfuil nó gur dócha go mbeidh an comhshaol i mbaol;
- gur úsáideadh cistí nó acmhainní comhlacht poiblí, nó airgead poiblí eile, go mídhleathach nó seachas sin go míchuí, go bhfuil siad nó gur dócha go mbeidh siad in úsáid go mídhleathach nó seachas sin go míchuí;
- go bhfuil gníomh nó neamhghníomh a dhéanann comhlacht poiblí, nó a dhéantar thar a cheann, le-atromach, idirdhealaitheach nó mórfhaillitheach nó ina ghníomh mór-mhíbhainistíochta;
- gur tharla sárú ar dhlí ar leith de chuid an AE atá leagtha amach sa Treoir, go bhfuil sé ag tarlú nó gur dócha go dtarlóidh sé; nó
- go bhfuil an fhaisnéis is dóigh a léiríonn aon ní a thagann faoi réim aon cheann de na paragraif sin roimhe seo a cheilt nó a scriosadh, nó go bhfuil, nó gur dócha go mbeidh faisnéis den sórt sin á ceilt nó á scriosadh.

**c)** *"Déanfaidh gach comhlacht poiblí nósanna imeachta a bhunú agus a chothabháil maidir le hoibrithe atá nó a bhí fostaithe ag an gcomhlacht poiblí maidir le nochtaí cosanta dhéanamh nochtaí cosanta agus chun déileáil le nochtaí den sórt sin."*

Tá CSS go hiomlán tiomanta do chultúr oscailte a chothabháil ina bhfuil na caighdeáin is airde ó thaobh ionracais agus cuntasachta de agus ina mbíonn oibrithe in ann nochtadh cosanta a dhéanamh i modh rúin. Chuige sin, d'fhoilsigh CSS Nósanna Imeachta um Nochtadh Cosanta atá ar fáil ar an suíomh idirlín www.examinations.ie sa rannóg 'Maidir linn'..

**d)** Tá feidhm ag na Nósanna Imeachta seo um Nochtadh Cosanta maidir leis na hoibrithe go léir de chuid CSS mar atá sainmhínithe san Acht, lena n-áirítear fostaithe reatha agus iar-fhostaithe de chuid CSS, conraitheoirí neamhspleácha, daoine faoi oiliúint, comhaltaí foirne de chuid gníomhaireachtaí agus baill foirne ar conradh. Leagtar amach sna nósanna imeachta an próiseas trínar féidir leat nochtadh a dhéanamh, cad a tharlóidh nuair a dhéantar nochtadh agus cad a dhéanfaidh CSS chun cosaint a thabhairt don duine a dhéanann an nochtadh.

Moltar go mór duit na Nósanna Imeachta um Nochtadh Cosanta agus, sa chás gur mian leat nochtadh cosanta a dhéanamh an próiseas a ndéantar cur síos air laistigh díobh a leanúint.

# Cuid 23 – Cumhdach Leanaí

Ní mór do na Feitheoirí uile a bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Is féidir rochtain dhíreach a dhéanamh ar an Ráiteas um Chumhdach Leanaí agus na nósanna imeachta um Chumhdach Leanaí lena mbaineann don phríomhoifig agus don fhoireann ar conradh ó shuíomh gréasáin CSS (https://www.examinations.ie/?l=en&mc=cs&sc=cp

# Aguisín 1 – Dualgais an Fhreastalaí

**DÉAN DEIMHIN DE, LE DO THOIL, GO DTUGTAR CÓIP DE NA DUALGAIS SEO DON FHREASTALAÍ**

1. Tabhair cúnamh don Fheitheoir an t-ionad scrúdaithe a ullmhú an lá roimh thús na scrúduithe.
2. Bí i láthair in am san ionad scrúdaithe gach maidin agus tráthnóna ar a bhfuil na scrúduithe sceidealta.
3. Bí i láthair in áit oiriúnach lasmuigh de dhoras an ionaid scrúdaithe chun rochtain ar an ionad a smachtú, de réir mar a threoraíonn an Feitheoir.
4. **4. Níl cead ag an bhFreastalaí a bheith istigh san Ionad, mura gcuireann an Feitheoir fios air/uirthi go sonrach, le linn thréimhse na scrúduithe ná le linn dháileadh na bpáipéar scrúdaithe. Níor chóir don Fhreastalaí, i gcás ar bith, (1) cuidiú le dáileadh na bpáipéar scrúdaithe ná na stáiseanóireachta, (2) obair feitheoireachta a dhéanamh san ionad ná (3) cuidiú le freagarleabhair na n-iarrthóirí a bhailiú i ndiaidh gach scrúdaithe**
5. Níor chóir don Fhreastalaí cead isteach san Ionad a thabhairt do dhuine ar bith seachas: -
   - **(a)** duine ar iarrthóir é/í, agus é sin ar eolas
   - **(b)** oifigeach de chuid an Choimisiúin a bhfuil cárta aitheantais aige/aici (ba chóir an cárta a iniúchadh)

**Tabhair faoi deara: Tá cead ag Bainisteoir/Príomhoide na scoile a bheith i láthair san Ionad Scrúduithe go dtí go dtosaíonn an Scrúdú.**

6. Ba chóir don Fhreastalaí a dheimhniú chomh fada agus is féidir nach mbeidh aon chur isteach (e.g. torann) ó lasmuigh den ionad a bhainfeadh aird na n-iarrthóirí dá gcuid oibre. B'fhéidir go mbeidh gá le cuidiú a lorg ó údarás na scoile chun torann nó cur isteach eile a smachtú agus ná bíodh drogall ort a leithéid de chúnamh a lorg i gcomhairle leis an bhFeitheoir. Ba chóir duit a thabhairt faoi deara go sonrach nár chóir duit an áit ina bhfuil tú a fhágáil mar atá mionsonraithe in 7 thíos.
7. Ní fhágfaidh an Freastalaí a (h)áit ag an doras san Ionad ar chúis ar bith ach amháin nuair a iarrann an Feitheoir air/uirthi é:
   - **(a)** chun fios a chur ar chúnamh ó bhall d'Údarás na Scoile (e.g. Bainisteoir/Príomhoide)
   - **(b)** chun dul in éineacht le hiarrthóir ar thug an Feitheoir cead dó/di an tIonad Scrúdaithe a fhágáil go sealadach.
8. Níor chóir don Fhreastalaí a bheith ag gabháil do ghníomhaíocht ar bith a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh ceart a c(h)uid dualgas. Áirítear air sin gan obair feitheoireachta a dhéanamh san Ionad in am ar bith. Níl úsáid fón póca ná gléasanna leictreonacha eile ag teacht le dualgais an Fhreastalaí.
9. Faoi réir na n-alt roimhe seo, ní mór don Fhreastalaí cloí leis na treoracha sonracha ar fad thugann an Feitheoir chun slándáil agus caighdeán na scrúduithe a dheimhniú.

**N.B. Eagrófar íocaíocht do fhreastalaithe tríd an scoil agus ní tríd an bhFeitheoir**

# Aguisín 2 – An tAcht Oideachais 1998

Thug an tAcht Oideachais, 1998, isteach cionta coiriúla nua a bhaineann leis na scrúduithe teistiméireachta. Mar eolas duit, tá na forálacha a bhaineann le hábhar anseo thíos

*An tAcht Oideachais, 1998, Cuid VIII, Cionta*

**(1)** Aon duine

- **(a)** a dhéanfaidh, go feasach agus gan údarás dleathach, páipéar scrúdaithe nó cuid de pháipéar den sórt sin a fhoilsiú d'aon duine eile roimh sheoladh an scrúdaithe lena mbaineann,
- **(b)** a mbeidh ina sheilbh nó ina seilbh, gan údarás dleathach, scrúdpháipéar nó cuid de pháipéar den sórt sin roimh sheoladh an scrúdaithe lena mbaineann,
- **(c)** a chomhallfaidh aon dualgais a bhaineann le hullmhú scrúdpháipéar agus a dhéanfaidh, go feasach agus gan údarás dleathach, faisnéis a bhaineann leis an ábhar a bheidh ullmhaithe aige nó aici i gcúrsa na ndualgas sin a chur ar fáil d'iarrthóir le haghaidh scrúdú nó d'aon duine eile, le hintinn buntáiste a thabhairt d'iarrthóir ar iarrthóirí eile,
- **(d)** a dhéanfaidh, go feasach agus go toiliúil, marcanna níos airde a thabhairt d'iarrthóir ná na marcanna a raibh an t-iarrthóir sin ina dteideal, le hintinn buntáiste a thabhairt don iarrthóir sin ar iarrthóirí eile,
- **(e)** a dhéanfaidh, go feasach agus go mailíseach, marcanna níos ísle a thabhairt d'iarrthóir ná na marcanna sin a raibh an t-iarrthóir sin ina dteideal,
- **(f)** a phearsanóidh iarrthóir ag scrúdú nó a cheadóidh do dhuine nó a chabhróidh le duine, go feasach, iarrthóir a phearsanú ag scrúdú,
- **(g)** a dhéanfaidh, go feasach agus go mailíseach, aon ábhar a bhaineann le scrúdú a scriosadh nó a dhamáistiú,
- **(h)** a dhéanfaidh, go feasach agus go mailíseach, bac a chur ar aon iarrthóir nó ar dhuine atá ag gabháil do sheoladh scrúdaithe nó a chuirfidh isteach ar shlí eile ar sheoladh ginearálta scrúdaithe,
- **(i)** a athróidh, go feasach agus gan údarás dleathach, aon teastas nó aon taifead eile, lena n-áirítear taifead i bhfoirm mheaisín-inléite, ina bhfuil torthaí scrúdaithe, nó
- **(j)** a eiseoidh nó a úsáidfidh, go feasach, aon teastas nó doiciméad eile a airbheartóidh gur doiciméad é arna eisiúint ag an duine nó ag an gcomhlacht ar faoina údarás nó faoina húdarás a seoladh an scrúdú agus go bhfuil torthaí scrúdaithe ann, agus fios aige nó aici go bhfuil na torthaí sin bréagach, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

**(2)** Aon duine a dhéanfaidh go feasach, cabhrú nó neartú le duine eile nó comhairle a thabhairt d'aon duine nó tabhairt ar aon duine cion faoi fho-alt (1) a dhéanamh, nó a dhéanfaidh go feasach comhcheilg le duine eile chun aon chion den sórt sin a dhéanamh, beidh sé nó sí ciontach i.

**(3)** Aon duine a bheidh ciontach i gcion faoin alt seo, dlífear -

- **(a)** (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach lú ná €1,905 nó (de rogha na cúirte) príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná sé mhí, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht sin le chéile, a chur air nó uirthi, nó
- **(b)** ar é nó í a chiontú ar díotáil, fíneáil nach mó ná €6,350 nó (de rogha na cúirte) príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná dhá bhliain, nó an fhíneáil sin agus an phríosúnacht le chéile, a chur air nó uirthi

**(4)** Ní bheidh aon ábhar caingne ann in aghaidh scrúdaitheora i leith aon ní a dhéanfaidh sé nó sí de mheon macánta agus de bhun a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar scrúdaitheoir.

# Aguisín 3 – Sliocht as na Rialacha Agus Clár do Mheánscoileanna

## Roinn XI. - Iompar Iarrthóirí le linn Scrúduithe

1. Tá a **f(h)reagracht** féin ar gach iarrthóir na laethanta agus na huaireanta a nótáil, mar atá siad socraithe ar an amchlár, do na scrúduithe sna hábhair a bhfuil sé ar intinn ag an iarrthóir é/í féin teacht i láthair dóibh.

   Ní mór d'iarrthóirí a bheith sa halla scrúdaithe leathuair an chloig ar a laghad sula dtosaíonn an scrúdú sa chéad ábhar a dtagann siad i láthair dó. Ní mór dóibh, na laethanta ina dhiaidh sin, a bheith i láthair cúig nóiméad déag ar a laghad roimh an am atá luaite ar an amchlár. Beidh sé de fhreagracht ar na hiarrthóirí a gcuid socruithe féin a dhéanamh chun a dheimhniú go mbeidh siad i láthair in am trátha sa halla scrúdaithe.

   Ní mór d'iarrthóirí seachtracha rolla tinrimh (Foirm E10A) a shíniú ag tús gach scrúdaithe. Ní mór don síniúchán ar an rolla seo **a bheith ag teacht ina chruth agus ina fhormáid leis an síniúchán ar chárta aitheantais an iarrthóra.**

   Ní thabharfar cead isteach d'iarrthóir ar bith sa scrúdú i bpáipéar ar bith tar éis tríocha nóiméad den am atá ceadaithe don pháipéar sin a bheith caite.

2. Ní féidir cead a thabhairt d'iarrthóir ar bith an halla scrúdaithe a fhágáil go dtí go mbeidh tríocha nóiméad caite ón am a thosaigh an scrúdú.

3. Ní féidir cead a thabhairt d'iarrthóir an halla a fhágáil agus filleadh ar ais le linn na tréimhse scrúdaithe mura bhfuil an Feitheoir sásta go bhfuil sé sin riachtanach (e.g. tinneas an iarrthóra, géarghá dul go dtí an leithreas, etc.). Ní thabharfar cead isteach arís sa halla scrúdaithe d'iarrthóir a fhágann an halla ag am ar bith le linn an scrúdaithe mura mbíonn ionadaí ón údarás scoile i bhfeighil an iarrthóra, nó, ina áit sin, mura mbíonn an Freastalaí i bhfeighil air/uirthi i gcaitheamh an ama ar fad a bhfuil sé/sí as láthair ón halla

   **Ní mór don iarrthóir an freagarleabhar agus an ceistpháipéar a thabhairt don Fheitheoir ar fhágáil an halla dó/di; is cóir don Fheitheoir taifead a dhéanamh ar chlúdach an fhreagarleabhair den am fágála agus den am fillte ar an halla agus, chomh maith, den chúis a bheith as láthair; ní féidir an t-am a chailleann an t-iarrthóir a chúiteamh leis ag deireadh na tréimhse scrúdaithe. Is cóir sonraí aon eachtra dá leithéid a thuairisciú ar an Liosta Foláireamh cuí.**

4. Ní mór d'iarrthóir a fhágann an halla scrúdaithe sula mbíonn tréimhse scrúdaithe ar bith caite a scrúdpháipéar agus a f(h)reagarleabhar a thabhairt don Fheitheoir.

5. Ní mór d'iarrthóir fanacht i gcaitheamh an scrúdaithe ar fad san ionad a shonraíonn an Feitheoir dó/di an chéad uair, mura dtreoraíonn an Feitheoir a mhalairt dó/di.

6. Is cóir d'iarrthóir a lámh a chur in airde más mian leis/léi aird an Fheitheora a fháil le linn an scrúdaithe. Ar an iarrthóir féin atá an fhreagracht a dheimhniú go gcuirfidh sé/sí in iúl don Fheitheoir murar tugadh scrúdpháipéar dó/di ar an leibhéal atá beartaithe aige/aici a dhéanamh ag gach scrúdú.

7. Ní scríobhfaidh iarrthóir ar bith a (h)ainm ar fhreagarleabhar ná ar pháipéar ar bith eile a thugtar dó/di. Is cóir uimhir an iarrthóra a scríobh ar gach clúdach, freagarleabhar, léarscáil, líníocht, nó bileog de pháipéar cearnach a úsáidtear. Ní cóir d'iarrthóirí tosú ag scríobh go dtí go ndeir an Feitheoir leo é.

8. Ní mór d'iarrthóir na sonraí a éilítear maidir leis an ábhar, etc. a chur isteach ar na clúdaigh agus ar na freagarleabhair a úsáideann sé/sí.

9. Is cóir gach freagarleabhar, gach bileog de pháipéar cearnach breise, etc. a thugtar don iarrthóir, pé acu a úsáideadh iad nó nár úsáideach, a fheistiú dá f(h)reagarleabhar sula gcuirtear séala air leis an scorán a chuirtear ar fáil chuige sin. Cuirfidh an Feitheoir leabhráin Foirmlí agus Táblaí ar fáil d'iarrthóirí. Ní féidir leo a leabhráin Foirmlí agus Táblaí féin a thabhairt isteach sa halla scrúdaithe.

10. Ní thabharfaidh iarrthóir na nithe seo isteach sa halla scrúdaithe, ná ní bheidh siad seo a leanas ina s(h)eilbh nó faoina smacht nó ní bheidh teacht aige/aici orthu fad atá sé/sí ina leithéid de sheomra:

    **(a)** leabhar nó páipéar ar bith (seachas a c(h)árta aitheantais, nuair atá a leithéid riachtanach, an scrúdpháipéar, agus na freagarleabhair, etc. a thabharfaidh an Feitheoir dó/di); nó

    **(b)** meamram, nótaí, fón póca, leabhar leictreonach seoltaí, bunachar sonraí ar bith, etc. ach amháin áireamhán nuair a cheadaítear a leithéid de réir na rialachán nó foclóir dátheangach aistriúcháin nuair atá a leithéid ceadaithe.

11. I gcás scrúduithe praiticiúla Ealaíne (i.e. líníocht, ceardaíocht), ceadaítear d'iarrthóirí cibé ábhair a bheidh curtha in iúl ag scoileanna don Choimisiún a thabhairt isteach sa Halla Scrúdaithe.

12. Ní dhéanfaidh iarrthóir, fad atá sé/sí sa Halla Scrúdaithe, a leithéid seo a leanas:

    **(a)** úsáid a bhaint as, ná iarracht a dhéanamh ar úsáid a bhaint as, leabhar, meamram, nótaí nó páipéar ar bith (seachas an scrúdpháipéar agus cibé freagarleabhair a thabharfaidh an Feitheoir dó/di agus foclóir dátheangach nuair atá úsáid dá leithéid ceadaithe); ná

    **(b)** cúnamh a thabhairt, nó iarracht a dhéanamh ar chúnamh a thabhairt, d'iarrthóir eile; ná

    **(c)** cúnamh a fháil, nó iarracht a dhéanamh ar chúnamh a fháil, ó iarrthóir eile nó ó Fheitheoir; ná

    **(d)** cumarsáid a dhéanamh, nó iarracht ar chumarsáid a dhéanamh, ar bhealach ar bith, le hiarrthóir eile laistigh den ionad nó ar mhodh leictreonach le duine lasmuigh den ionad.

13. Ní dhéanfaidh iarrthóir a leithéid seo a leanas:

    **(a)** ní scríobhfaidh sé/sí ar an scrúdpháipéar (ach amháin i gcás go bhfuil freagraí le scríobh ar chuid den scrúdpháipéar féin, e.g. sa Mhatamaitic) ná ar chárta aitheantais ná ar an leabhrán Foirmlí agus Táblaí ná ar cheann ar bith de na huirlisí matamaitice a thugann sé/sí leis/léi, ach amháin sa chás go mbaineann iarrthóir feidhm as peann aibhsithe nó as folínte mar chúnamh chun an scrúdpháipéar a thuiscint;

    **(b)** ní scríobhfaidh sé/sí rud ar bith ar a f(h)reagarleabhar nach bhfuil baint dhíreach aige le hábhar na gceisteanna atá le freagairt;

    **(c)** ní bhainfidh sé/sí duille ar bith ná cuid de dhuille as na freagarleabhair;

    **(d)** ní thógfaidh sé/sí freagarleabhar ar bith amach as an halla scrúdaithe, pé acu a úsáideadh é nó nár úsáideadh, ná ní dhéanfaidh sé/sí iarracht ar a leithéid a dhéanamh;

    **(e)** ní dhéanfaidh sé/sí damáiste don halla scrúdaithe ná don troscán ann.

14. Iarrthóir a bhfuil a c(h)uid oibre críochnaithe aige/aici deich nóiméad ar a laghad roimh an am atá ceaptha do chlabhsúr an scrúdaithe, tá cead aige/aici an halla a fhágáil ach iad seo a leanas a thabhairt don Fheitheoir: (a) a f(h)reagarleabha(i)r agus (b) an scrúdpháipéar.

15. Is cóir d'iarrthóir a chríochnaíonn a c(h)uid oibre le linn an deich nóiméad deiridh den scrúdú fanacht ar a c(h)athaoir go dtí go mbeidh a f(h)reagarleabha(i)r bailithe ag an bhFeitheoir agus níor chóir dó/di an halla a fhágáil ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh an t-am atá ceadaithe don scrúdú caite, mura gceadaíonn an Feitheoir a mhalairt.

16. Ach a mbeidh an scrúdú críochnaithe is cóir do gach iarrthóir séala a chur ar a f(h)reagarleabha(i)r nó ar a c(h)lúdach, mura bhfuil sé sin déanta acu cheana féin, agus fanacht ar a c(h)athaoir ansin go dtí go mbeidh an/na freagarleabha(i)r bailithe ag an bhFeitheoir.

17. Glacfaidh agus cloífidh iarrthóir, i ngach rud a bhaineann leis an scrúdú, le treoracha an Fheitheora.

18. Sna hábhair sin ina bhfuil níos mó ná páipéar amháin, ní mór d'iarrthóir glacadh leis na páipéir ar fad san ábhar ar an leibhéal céanna, e.g. na páipéir ar fad ar an nGnáthleibhéal nó ar an Ardleibhéal. Ní bheidh cead aige/aici, na páipéir a fháil ná a fheiceáil ar níos mó ná leibhéal amháin san ábhar céanna.

19. Ní mór do gach iarrthóir a théann faoi scrúdú i Staidéar Foirgníochta, Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide, Innealtóireacht, Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) nó sa Ghrafaic Theicniúil, clár líníochta a thabhairt leis/léi, mar aon le T-bhacart, scálaí, dronbhacairt, uillinntomhas, compás, peann luaidhe, cuimleoir, agus fáiscíní líníochta nó téip.
Ceadaítear d'iarrthóirí uirlisí líníochta matamaitice a úsáid do na scrúduithe go léir. Ceadaítear stionsail eolaíochta a úsáid sna hábhair Eolaíochta. Ceadaítear sreang a úsáid sa scrúdú Tíreolaíochta mar aon le snáithín, gloine méadaithe, agus opasaiméadar.
Ach amháin i gcás go sonraítear a mhalairt sa siollabas sonrach agus ar an bpáipéar scrúdaithe sonrach, ceadaítear áireamháin a úsáid sna scrúduithe go léir, faoi réir an mhéid seo a leanas:

(a) Ní sholáthróidh an Roinn Oideachais agus Scileanna ná Coimisiún na Scrúduithe Stáit áireamháin d'iarrthóirí. Ní bheidh freagracht ar ionad scrúdaithe i soláthar áireamhán ná batairí.

(b) Is é an t-iarrthóir a fhéachfaidh chuige go bhfuil an t-áireamhán ag obair i gceart. Ní dhéanfar aon chúiteamh má theipeann ar bhatairí nó ar an áireamhán le linn an scrúdaithe.

(c) Níor chóir aon ghleo a chloisint ón áireamhán agus níor chóir a bheith ag brath ar phríomhlíonra leictreachais.

(d) Níor chóir áireamháin a fháil ar iasacht ó iarrthóirí eile i gcaitheamh an scrúdaithe.

(e) Ní cheadaítear áireamháin in-ríomhchláraithe. Ciallaíonn 'in-ríomhchláraithe' aon áireamhán atá in ann seicheamh eochairbhuillí a stóráil a fhéadfar a aisghabháil tar éis cumhacht an áireamháin a mhúchadh nó nuair a mhúchann an chumhacht uaidh féin. Tabhair faoi deara nach n-ionann áireamhán a bheith in-ríomhchláraithe agus an cumas a bheith ann áirimh atá ríofa cheana féin a athghlaoch, a athchóiriú agus a athsheinm, ar an gcoinníoll go nglantar an chuimhne athsheinme seo nuair a mhúchtar cumhacht an áireamháin. Chomh maith leis sin, níl áireamhán in-ríomhchláraithe mar gheall ar an áis a bheith ann chun uimhreacha a stóráil in ionad cuimhne amháin nó níos mó.

**(f)** Ní cheadaítear aon áireamhán leis na saoráidí matamaitice seo a leanas:

- graf-bhreacadh
- réiteach cothromóidí
- ionramháil shiombalach ailgéabrach
- suimeáil uimhriúil
- difreáil uimhriúil
- ríomhanna maitríse

**(g)** Ní cheadaítear aon áireamháin leis na saoráidí ginearálta seo:

- bunachair sonraí
- foclóirí
- aistritheoirí teangacha
- aisghabháil téacs
- cumas cianchumarsáide

**(h)** Ní foláir d'iarrthóirí a chur in iúl ar a leabhair freagraí cén déantús agus cineál áireamhán(áin) a úsáideadh sa scrúdú.

**(i)** Níl cead ag iarrthóirí lámhleabhar treoracha a thabhairt isteach i halla na scrúduithe. San áireamh anseo, tá treoracha atá clóite ar chlúdach an áireamháin. Ní mór treoracha ar bith atá ar chásáil nach féidir a bhaint den áireamhán a chlúdach go daingean.

**(j)** Níl cead ag iarrthóirí na háireamháin a chur ar siúl go dtosaíonn an scrúdú.

Ní cheadaíonn an riail seo d'iarrthóir aon ghaireas a bheadh in aon slí eile coiscthe, a thabhairt isteach in ionad na scrúduithe. Go háirithe, ní cheadaítear fón póca, eagraí leictreonach nó gairis eile mar sin i gcúinse ar bith. (Féach riail 65.)

20. Is féidir iarrthóir a dhíbirt as halla scrúdaithe má bhíonn iompar ar bun aige/aici a chuireann reáchtáil shásúil an scrúdaithe i mbaol. Is féidir an scrúdú i ngach ábhar a dhícheadú má chuirtear isteach ábhar pornagrafaíoch nó ábhar gránna ar bith eile nó má chuirtear airgead/seic isteach leis an script.

21. I gcás go mbeidh an Coimisiún den tuairim gur sáraíodh na Rialacha seo, is cóir dó an Roinn a chur ar an eolas ina thaobh agus is faoin Aire atá sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an bpionós a bheidh le gearradh. I gcás go bhfuil an tAire den tuairim gur sháraigh iarrthóir ar bith na Rialacha seo, go ndearna sé/sí iarracht ar thoradh scrúdaithe a fháil nach bhfuil an t-iarrthóir ina theideal, nó gur chuir sé/sí a leithéid de thoradh ar fáil nó go ndearna sé/sí iarracht ar a leithéid a dhéanamh nó gur chuir sé/sí eolas míchruinn ar fáil maidir lena (h)iarrthóireacht, is féidir an scrúdú féin nó marcanna a bhaint d'iarrthóir dá leithéid, nó asbhaint a dhéanamh mar is cuí leis an Aire as suim iníoctha ar bith maidir le deontas nó scoláireacht ar bith a ghnóthaigh an t-iarrthóir, de réir na tuairime a shocróidh an tAire maidir le tromchúis an chiona; agus féadfaidh an tAire, mar is cuí leis an Aire é, ainm agus seoladh an iarrthóra a fhoilsiú de réir mar a thugtar iad san fhógra a bheith i láthair don scrúdú, mar ainm agus seoladh iarrthóra ar gearradh pionós air/uirthi agus féadfaidh an tAire, de réir na tuairime a shocróidh an tAire maidir le tromchúis an chiona, an t-iarrthóir a dhícheadú ó iontráil ar scrúduithe ar bith de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna go ceann cibé tréimhse a shocróidh an tAire.

# Aguisín 4 – Seicliosta 2026 do Chlúdaigh na bhFeitheoirí

| | Na Clúdaigh Uile | Na Clúdaigh Uile |
|---|---|---|
| 1 | Eochair/ Eochracha do Bhosca(í) na bPáipéar Scrúdaithe | |
| 2 | Stampa an Ionaid agus Ceap Dúigh | |
| 3 | An Liosta Leasuithe | |
| 4 | Rolla an Ionaid | |
| 5 | Fógra faoi Mhéid na bPáipéar Scrúdaithe (EPQN) – Buí | |
| | **PÚITSE IS INFHEIDHME DON IONAD CEAPTHA** | |
| 1 | Tráthchláir don Ionad (SS, AT nó ATF) | |
| 2 | Póstaer do Dhathanna Leibhéil na bPáipéar Scrúdaithe don AT agus SS | |
| 3 | Treoracha Laethúla (SS, AT nó ATF) | |
| 4 | Socruithe Rochtana á gCur i bhFeidhm le linn na Scrúduithe Scríofa, 2026 | |
| 5 | Leabrán Cláraithe d'Iarrthóirí Seachtracha (Ionaid AT amháin) | |
| 6 | Púitse ina bhfuil: (1) Lipéid Seachadta d'Ábhair ar Leith le Scripteanna a Chur ar Ais (2) Treoracha maidir leis na lipéid barrachóid a úsáid (3) Leabhrán Thaifead na Postála Lena nÁirítear Liosta Oifigí Poist (XP ina dtús) – Oifig an Phoist | |
| 7 | Púitse ina bhFuil Lipéid Barrachóid le Boscaí a Chur ar Ais (XC ina dtús) - DSU | |
| 8 | Púitse ina bhFuil Liostaí Faisnéise | |
| 9 | Púitse ina bhfuil Lipéid Scrúduimhreacha na nIarrthóirí, lipéid bhána san áireamh | |
| 10 | Foirm Éilimh Airgeadais | |
| 11 | Sonraí Ionad do Chomhpháirtí. | |
| 12 | Sula dTosaíonn do Scrúdú .. póstaer | |
| 13 | Lipéid seachadta Oráiste le scripteanna neamhchaighdeánacha a chur ar ais | |
| | **IN IONAID LENA MBAINEANN** | |
| 1 | Fógraí maidir le hÁbhair ag Teacht Salach ar a Chéile | |
| 2 | Fógra maidir le Leagan Méadaithe den Léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis a Sholáthar | |
| 3 | Fógraí maidir le Socruithe Réasúnta d'Iarrthóirí Áirithe | |
| 4 | Fógraí maidir le Foclóir Aistriúcháin Dátheangach a Úsáid | |
| 5 | Púitse ina bhfuil clúdach la scripteanna TNC a chur ar ais | |
| | **CLÚDACH BÁN INA BHFUIL AN MÉID SEO A LEANAS** | |
| 1 | Clúdach Tuairisceáin don Rannóg Airgeadais | |
| 2 | Clúdach Tuairisceáin do Rolla an Ionaid | |
| 3 | Foirm Tuairisce Deiridh | |
| 4 | Fógra Scrúduithe Teistiméireachta ar Bun le cur ar Taispeáint lasmuigh den Ionad Scrúdaithe (2 Chóip) | |
| 5 | Fógra maidir le Pionós as ucht na Rialacháin a Sharú (2 Chóip) | |
| 6 | Tuairisc ar na Trialacha Cluastuisceana (3) | |
| 7 | Bileog faoi Dhualgais an Fhreastalaí | |
| 8 | Foirm Bhailíochtaithe na bhFeitheoirí | |
| Má tá aon cheann de na hearraí thuas ar iarraidh ó do chlúdach, tuairiscigh é seo d'aon bhall d'fhoireann Choimisiún na Scrúduithe Stáit ag an ionad dáileacháin | | |

# Aguisín 5 – Seicliosta 2026 Le hAghaidh Bosca Stáiseanóireachta an Fheitheora

Tá liosta stáiseanóireachta, atá pacáilte de réir riachtanais an Ionaid agus ina bhféadfaí na hearraí uile nó roinnt díobh thíos, a bheith san áireamh sa bhosca. Tá na méideanna bunaithe ar líon na n-iarrthóirí de réir ábhair atá á dhéanamh san ionad agus líon na laethanta atá d'ionad oscailte, dá bhrí sin, beidh na hábhair agus méideanna éagsúil ó bhosca go bosca. Áit a bhfuil earra in easnamh atá ag teastáil le haghaidh na scrúduithe, ba chóir duit é sin a chur in iúl do CSS láithreach bonn ar 090 644 2702.

| Ábhair do bhosca Stáiseanóireachta na hArdteistiméireachta | Ábhair do bhosca Stáiseanóireachta na Sraithe Sóisearaí |
|---|---|
| Freagarleabhair Chineálacha AT | Páipéar Breise ar a bhfuil Línte |
| Freagarleabhair Cuntasaíochta AT | Grafpháipéar Breise |
| Páipéar Breise ar a bhfuil Línte | Páipéar Líníochta |
| Grafpháipéar Breise | Leabhráin Foirmlí agus Táblaí |
| Páipéar Líníochta | Clúdaigh Seachadta Ghorma |
| Leabhráin Foirmlí agus Táblaí | Clúdaigh Mhóra Bhána le haghaidh Grafaice |
| Clúdaigh Seachadta Ghlasa | Clúdach Mór Gorm le Grafaic a chur ar ais |
| Clúdaigh Bhána le haghaidh GDC (Grafraic Dhearaidh agus Chumarsáide) agus Staidéar Foirgníochta | Clúdaigh Mharúin le Gaeilge T1 a chur ar ais |
| Clúdach Mór Corcra le GDC agus Staidéar Foirgníochta a chur ar ais | Clúdaigh Oráiste le hábhar neamhchaighdeánach a chur ar ais |
| Clúdaigh Mharúin le Teangacha Neamhchuraclaim a chur ar ais | Clúdaigh stuáilte A5 le gléasanna na meán a dhaingniú |
| Clúdaigh Oráiste le hábhar neamhchaighdeánach a chur ar ais | Séalaí |
| Clúdaigh stuáilte A5 le gléasanna na meán a dhaingniú | |
| Séalaí | |

# Aguisín 6 – Treoracha Maidir Leis na Lipéid Barrachóid a Úsáid

Ba chóir na treoracha seo léamh in éineacht leo siúd atá ar an gclúdach de Leabhrán Thaifead na Postála.

## Réamhrá

1. Tá barrachód agus sraithuimhir ghaolmhar ar gach lipéad a bhaineann le d'ionad amháin agus leis an ábhar agus leibhéal atá i gceist. Rinneadh córas ríomhaireachta an CSS a ríomhchlárú le bheith ag súil le freagarleabhair ó d'ionad i bpacáiste ina bhfuil an lipéad a bhaineann leis an ábhar amháin agus leis an leibhéal den ábhar sin. Tá sé ríthábhachtach nach ndéanann tú aon phacáiste a lipéadú mícheart agus go ndéanann tú cuntas de aon lipéid nár úsáideadh mar atá treoraithe thíos.

## Supply of labels

2. Tá príomhshraith na lipéad i bpacáiste réamhphriontáilte ar a bhfuil sonraí an ábhair agus an leibhéil do d'ionad bunaithe ar na sonraí a bhí againn nuair a rinneadh iad a phriontáil.
   B'fhéidir go dtiocfaidh roinnt feitheoirí ar an dara sraith níos lú de lipéid a dhéanann soláthar do leasuithe deireanacha a rinneadh ar shonraí iontrála na scrúduithe.
3. Cuireadh na lipéid ar fáil ar an mbonn de cheann amháin do gach ábhar agus leibhéal. Ba chóir go mbeifeá in ann na freagarleabhair uile a chur isteach in aon chlúdach amháin.
   I gcás na Staire, feicfidh tú gur cuireadh 2 lipéad ar fáil duit do gach leibhéal chun soláthar a dhéanamh do roghanna an chúrsa Staire.
4. Tá príomhshraith na lipéad priontáilte de réir dáta agus ama.

## Lipéid "Éigeandála" a sholáthar

5. Ag deireadh na príomhshraithe, gheobhaidh tú 4 lipéad nár priontáladh aon sonraí ábhair/leibhéil orthu. Is i gcás "éigeandála" amháin atá siadsan. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh gá iad a úsáid má fhaightear amach ag céim an-déanach gur chóir go mbeadh iontráil déanta i leith iarrthóirí le haghaidh ábhair ach nach bhfuil le feiceáil ar na rollaí.

## Ag Deireadh gach Seisiúin Scrúdaithe

6. Roghnaigh an lipéad ceart agus greamaigh é den phacáiste. Comhlánaigh an roinn atá fágtha agus deimhnigh líon na scripteanna atá iniata agus sínigh an pacáiste.
7. Bain Cluaisín A den lipéad agus greamaigh é de ROINN A de Leabhrán Thaifead na Postála atá iniata agus líon isteach na sonraí ábhair agus leibhéil.

## Ag Oifig an Phoist

8. Comhlánaigh na sonraí atá fágtha maidir le hoifig an phoist agus an t-am a cuireadh sa phost é.
9. Ní mór duit an pacáiste seo a thabhairt de láimh chuig oifigeach de chuid oifig an phoist. Bainfidh an t-oifigeach Cluaisín B de agus greamfaidh sé/sí de bhileog taifid oifig an phoist é. Ní mór don oifigeach stampa a chur ar do Leabhrán de chuid Thaifead na Postála lastall de chluaisín A a ghabhann leis.

## Lipéid "Éigeandála" a úsáid

10. Más gá duit úsáid a bhaint as ceann de na lipéid "Éigeandála" greamaigh é den phacáiste mar a dhéantar thuas ach scríobh sonraí an ábhair agus an leibhéil ar an lipéad.

11. Bain CLUAISÍN A agus greamaigh é de **CHUID B de Leabhrán Thaifead na Postála.**
Déan na sonraí ábhair agus leibhéil a thaifeadadh ar CHUID B.

12. Ag oifig an phoist lean na treoracha mar atá in 8 agus 9 thuas.

## Lipéid nár Úsáideadh

13. Greamaigh CLUAISÍN A ó na lipéid uile nár úsáideadh de CHUID C de Leabhrán Thaifead na Postála. D'fhéadfadh sé seo tarlú, mar shampla, má roghnaíonn na hiarrthóirí uile an t-aon leibhéal amháin.
Moltar duit é seo a dhéanamh ag deireadh gach seisiúin. Sa chaoi sin, gheobhaidh tú réidh leis an riosca de lipéad nár úsáideadh a úsáid trí thimpiste le haghaidh ábhair dhifriúil ag an deireadh den chéad seisiún scrúdaithe eile.
Ag deireadh an tseisiúin deiridh (i.e. an lá deiridh) greamaigh CLUAISÍN A ó na lipéid "éigeandála" nár úsáideadh de CHUID C den Leabhrán.

## Na Freagarleabhair a Chur sa Phost:

Ní gá duit agus níor chóir duit íoc as postas d'aon ábhar scrúdaithe a bhfuil an seoladh chuig CSS air.
Tá próiseas um Rianaigh agus Aimsigh curtha ar fáil ar na barrachóid agus ba chóir iad a úsáid mar a threoraítear. Glacfar le clúdaigh seachadta, a bheidh i gcomhréir le Rialacháin de chuid An Post, sa phost litreach cé go sáraíonn siad an t-íosmheáchan a cheadaítear de ghnáth.

Tá tusa freagrach go pearsanta as pacáistí na bhfreagarleabhar a chur ar aghaidh le haghaidh d'ionaid scrúdaithe. Ní bheidh aon admháil ó CSS go bhfuarthas na pacáistí.

# Aguisín 7 – Nósanna Imeachta Aslonnaithe i gCás Éigeandála in Ionaid Scrúdaithe

Ag cuimhneamh dóibh ar na heachtraí agus ar na ceisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na scrúduithe scríofa, meabhraíonn CSS do na scoileanna agus do na feitheoirí na nósanna imeachta ba chóir a leanúint i gcás aslonnú ó ionaid scrúduithe agus ó scoileanna chun sábháilteacht na n-iarrthóirí a dheimhniú agus chun slánchúis an chórais scrúduithe a choimeád.

## An Lá Sula dTosaíonn na Scrúduithe

Ar shroicheadh an ionaid scrúduithe dóibh an lá roimh thús na scrúduithe, ní mór do na feitheoirí eolas a chur ar rialacháin dóiteáin agus ar nósanna imeachta éigeandála na scoile.

## An Chéad Mhaidin de na Scrúduithe

Seiceáil le feitheoirí na n-ionad speisialta a bhailíonn scrúdpháipéir ó d'ionadsa ar thug údaráis na scoileanna cóip den fhógra seo dóibh. Murar thug, comhairligh dóibh dul i dteagmháil le húdaráis na scoileanna agus cóip de a fháil sula dtosaíonn an chéad scrúdú.

## I gcás Éigeandála

Ní mór do na feitheoirí gníomhú mar seo a leanas i gcás éigeandála amhail aláram dóiteáin nó aon eachtra eile inar gá aslonnú éigeandála a dhéanamh.

- Déan deimhin de gur ar shábháilteacht na n-iarrthóirí atá an fócas sa chéad áit.
- Stop na hiarrthóirí de bheith ag scríobh.
- Tabhair treoir do na hiarrthóirí na scrúdpháipéir agus na scripteanna go léir a fhágáil san ionad scrúdaithe.
- Tabhair treoir do na hiarrthóirí an seomra a fhágáil agus iad ina dtost, agus fanacht ina dtost le linn an cur isteach ós rud é gurb é atá ar intinn filleadh chomh luath agus is féidir chun leanúint ar aghaidh leis an scrúdú.
- Déan gach duine a aslonnú ón ionad scrúdaithe de réir nósanna imeachta na scoile agus na dtreoracha a thugann údaráis na scoile.
- Beir leat rolla na bpríomhionad nuair a bheidh sibh ag aslonnú (**chun a dheimhniú go bhfuil na hiarrthóirí go léir i láthair agus go bhfuil cuntas agat orthu**).
- Déan deimhin de go mbíonn na hiarrthóirí faoi mhaoirseacht ghrinn a fhad is a bheidh siad as ionad na scrúduithe le bheith cinnte nach mbítear ag caint faoin scrúdú. Níor chóir go mbeadh teacht ag na hiarrthóirí ar fhóin phóca ná níor chóir dóibh iad a úsáid, le linn an chur isteach.
- Cuir glaoch láithreach bonn ar Uimhir Éigeandála CSS

  **1800 283 071**

  chun tuairisc a thabhairt ar an eachtra. Tabharfaidh CSS treoir duit faoin gcaoi le leanúint ar aghaidh ina dhiaidh sin.
- Nótáil an t-am a tharla an cur isteach agus a fad a mhair sé.
- Nuair a thosaíonn an scrúdú arís, déan deimhin de go bhfaigheann na hiarrthóirí an tréimhse iomlán ama leis an scrúdú a dhéanamh de réir mar atá leagtha amach ar an tráthchlár.
- Scríobh tuairisc iomlán ar an rud a tharla agus ar a ndearnadh, agus bíodh sé sin san áireamh le Tuairisc Scoir an Fheitheora i ndeireadh na scrúduithe san ionad

# Aguisín 8 – Foirm BORR01

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

State Examinations Commission

## Sárú Líomhnaithe ar Rialacháin na Scrúduithe Teistiméireachta, 2026 Tuairisc an Fheitheora

Sárú Líomhnaithe ar Rialacháin na Scrúduithe Teistiméireachta, 2025 Tuairisc an Fheitheora.

**SONRAÍ AN IARRTHÓRA**

Scrúduimhir an Iarrthóra ☐☐☐☐☐☐ A.T.: ☐ S.S.: ☐ A.T.F.: ☐

**SONRAÍ AN IARRTHÓRA**

Dáta: ____________/___________/__________ Uimh. an phríomhionaid::______________________________

Uimh. an phríomhionaid: ____________________ **Uimh. an phríomhionaid::** A: ☐ G: ☐ B: ☐ Comhleibhéal: ☐

**SONRAÍ FAOI SHÁRÚ LÍOMHNAITHE AR NA RIALACHÁIN**

An t-am a tuairiscíodh/breathnaíodh an sárú líomhnaithe: ______________________________

Uimhir an ionaid scrúdaithe speisialta (más bainteach): ______________________________

**Uimhir an ionaid scrúdaithe speisialta (más bainteach):**

1. Leabhair, nótaí, páipéir, fón póca, gléas leictreonach stórála sonraí neamhcheadaithe, etc. i seilbh an iarrthóra:: ☐
2. Cúnamh, nó iarracht a dhéanamh cúnamh a thabhairt d’iarrthóir eile: ☐
3. Cúnamh, nó iarracht a dhéanamh cúnamh a thabhairt d’iarrthóir eile: ☐
4. Eile: ______________________________________________ ☐

______________________________________________

Cur síos gearr ar na hearraí (más ann dóibh) a thóg an feitheoir: : ______________________________

______________________________________________

Sos(anna) scíthe leithriss: Bhí: ☐ Ní:: ☐ Más bhí, luaigh thíos am tosaithe agus críochnaithe gach sosa:

| Sos 1 | Sos 2 | Sos 3 |
|---|---|---|
| Am: ___:___ go ___:___ | Am: ___:___ go ___:___ | Am: ___:___ go ___:___ |

Ball údarás na scoile a cuireadh in iúl:

Príomhoide: ☐ L. Príomhoide: ☐ Cúntóir : ☐ Eile:: ☐ ______________________

**Achoimhre Mhionsonraithe den Sárú Líomhnaithe ar na Rialacháin Agus na Bearta atá déanta ag an bhFeitheoir agus ag Údarás na Scoile**

Síniú fheitheoir an phríomhionaid (más bainteach): ______________________ Dáta: ____/____/____

Síniú fheitheoir an ionaid speisialta: ______________________ Dáta: ____/____/____

**Cuir an Fhoirm seo ar ais go dtí Rannóg Socruithe Réasúnta Choimisiún na Scrúduithe Stáit ag baint Úsáid as an gClúdach BÁNDEARG ar a bhfuil Seoladh CSS atá San Áireamh sa Phacáiste Race atá ar Fáil ón gCúntóir Scrúdaithe nó ó údarás na scoile. Tá sé Riachtanach go gCuirtear na hÁbhair Uile a Bhaineann leis an Sárú Líomhnaithe ar na Rialacháin san Áireamh Leis An Tuairisc – Fón Póca (PIN san áireamh más bainteach), Ábhair Neamhcheadaithe/ Gléasanna; Páipéar/Páipéir Scrúdaithe; Freagarleabha(i)r Scrúdaithe; Etc.**

# Aguisín 9 – Foirm ROAR01

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
**State Examinations Commission**
Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí
**Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath**

**Phone/Teileafón: +353-90-644 2781/2/3/4/5**
**Internet/Gréasán:** www.examinations.ie
**E-mail/R-phost:** race@examinations.ie

**FOIRM RAOR01**

## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**Foirm le bheith in éineacht leis na scripteanna neamhchaighdeánacha uile i.e. script mhéadaithe, script mhionathraithe, script braille, script fuaime, script ar pháipéar daite.**

| Scrúdú | Leibhéal | Ábhar | Páipéar |
|---|---|---|---|
| | | | |

| Uimhir an Ionaid | Uimhir an Ionaid Speisialta (más bainteach) | Uimhir an Iarrthóra |
|---|---|---|
| | | |

**Cuir in iúl le do thoil go bhfuil na hearraí seo a leannas á gcur ar ais**

| | |
|---|---|
| **Script Mhéadaithe** | ☐ |
| **Script Mhionathraithe** | ☐ |
| **Script Braille** | ☐ |
| **Script ar Pháipéar Daite** | ☐ |
| **Script Fuaime** | ☐ |

**Sínithe (Feitheoir):** ____________________

**Dáta:** ____/______/_____

**Ba chóir cóip den fhoirm seo a bheith in éineacht le gach script scrúdaithe neamhchaighdeánach a chuirtear ar ais.**

**Déan fótachóip den fhoirm seo do gach script neamhchaighdeánach agus bain úsáid as clúdach oráiste ar leith do gach script neamhchaighdeánaithe a chuirtear ar ais**

1. Déan cinnte de go ndéantar na gléasanna meán a phacáil go daingean. Ciallaíonn pacáil go daingean úsáid a bhaint as tiachóg phlaisteach, pacáiste bolgóideacha, clúdach righin cairtchláir, etc.

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Aguisín 10 – WP – Foirmeacha Próiseálaithe Focal

***NÁ DÉAN FÓTACHÓIP DE SEO***
**DO NOT PHOTOCOPY**

9999X891X9XL

## Foirm WP L A

**Le húsáid i Scrúduithe na hArdteistiméireachta amháin**

Úsáid an fhoirm seo má tá tú ag cur isteach scripte a rinneadh le Próiseálaí Focal, agus **MURA BHFUIL** Freagarleabhar Ardteistiméireachta á chur isteach agat ná Leabhar Ceisteanna agus Freagraí In-aischurtha.

Úsáid **Foirm WP L B** i ngach cás eile.

Ní mór duit foirm ar leith a úsáid le haghaidh **gach** scripte a dhéantar le Próiseálaí Focal.

## Form WP L A

**For use in Leaving Certificate Examinations only**

Use this form if you are submitting a Word-Processed script, and you are **NOT** also submitting a Leaving Certificate Answerbook or a Returnable Question-and-Answerbook.

Otherwise, use **Form WP L B**.

You must use a separate form for **each** Word-Processed script

*Scrúduimhir*
**Examination Number** [ ][ ][ ][ ][ ][ ]

*Dáta Breithe*
**Date of Birth** [ ][ ] / [ ][ ] / [ ][ ]

*Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla*
For example, 3rd February 2005 is entered as 03 02 05

*Ábhar*
**Subject** [ ]

*Líon na leathanach*
**Number of Pages**
(Incl. this cover sheet) [ ]

| *Leibhéal* **Level** | |
|---|---|
| *Ardleibhéal* Higher | ○ |
| *Gnáthleibhéal* Ordinary | ○ |
| *Bonnleibhéal* Foundation | ○ |
| *Comhleibhéal* Common | ○ |

| *Uimhir an Pháipéir* **Paper Number** | |
|---|---|
| *Páipéar 1* Paper 1 | ○ |
| *Páipéar 2* Paper 2 | ○ |
| *Obair chúrsa* Coursework | ○ |

| *Freagraíodh trí* **Answered through** | |
|---|---|
| *Gaeilge* | ○ |
| English | ○ |

*Stampa an Ionaid*
**Centre Stamp**

9999X891X9XL0102

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

*NÁ DÉAN FÓTACHÓIP DE SEO*
**DO NOT PHOTOCOPY**

9999X892X9XL

# Foirm WP L B

**Le húsáid i Scrúduithe na hArdteistiméireachta amháin**

Úsáid an fhoirm seo má tá tú ag cur isteach scripte a rinneadh le Próiseálaí Focal, agus **MÁ TÁ** Freagarleabhar Ardteistiméireachta á chur isteach agat freisin **nó** Leabhar Ceisteanna agus Freagraí In-aischurtha.

Úsáid **Form WP L A** i ngach cás eile.

Ní mór duit foirm ar leith a úsáid le haghaidh **gach** scripte a dhéantar le Próiseálaí Focal.

# Form WP L B

**For use in Leaving Certificate Examinations only**

Use this form if you are submitting a Word-Processed script, **AND YOU ARE ALSO** submitting a Leaving Certificate Answerbook or a Returnable Question-and-Answerbook.

Otherwise, use **Form WP L A**.

You must use a separate form for **each** Word-Processed script

*Scrúduimhir*
**Examination Number** ☐☐☐☐☐☐

*Dáta Breithe*
**Date of Birth** ☐☐/☐☐/☐☐

*Scríobh 3 Feabhra 2005 mar 03 02 05, mar shampla*
For example, 3rd February 2005 is entered as 03 02 05

*Ábhar*
**Subject** ☐

*Líon na leathanach*
**Number of Pages**
(Incl. this cover sheet) ☐

| *Leibhéal* **Level** | |
|---|---|
| *Ardleibhéal* Higher | ○ |
| *Gnáthleibhéal* Ordinary | ○ |
| *Bonnleibhéal* Foundation | ○ |
| *Comhleibhéal* Common | ○ |

| *Uimhir an Pháipéir* **Paper Number** | |
|---|---|
| *Páipéar 1* Paper 1 | ○ |
| *Páipéar 2* Paper 2 | ○ |
| *Obair chúrsa* Coursework | ○ |

| *Freagraíodh trí* **Answered through** | |
|---|---|
| *Gaeilge* | ○ |
| English | ○ |

*Stampa an Ionaid*
**Centre Stamp**

9999X892X9XL0102

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# NÁ DÉAN FÓTACHÓIP

## Foirm WP J A

**Lena húsáid i Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí amháin**

Bain úsáid as an bhfoirm seo má tá script a rinneadh ar Phróiseálaí Focal á cur isteach agat, agus **NACH** bhfuil Leabhar Ceisteanna agus Freagraí is féidir a chur ar ais, á chur isteach agat.

Seachas sin, bain úsáid as **Foirm WP J B**.

Ní mór duit foirm ar leith a úsáid do **gach** script a rinneadh ar Phróiseálaí Focal

**Le bheith comhlánaithe ag an Iarrthóir:**

**Scrúduimhir:** ☐☐☐☐☐

**Dáta Breithe:** ☐☐ / ☐☐ / ☐☐

Mar shampla cuirtear isteach 03 02 05 isteach don 3ú Feabhra 2005

**Ábhar** ☐

**Líon na Leathanach** (an bhileog chlúdaigh seo san áireamh) ☐

| **Leibhéal** | |
|---|---|
| Ardleibhéal | ○ |
| Gnáthleibhéal | ○ |
| Comhleibhéal | ○ |

| **Freagraíodh as** | |
|---|---|
| Béarla | ○ |
| Gaeilge | ○ |

**Le bheith comhlánaithe ag an Iarrthóir**

**Stampa an Ionaid**

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# NÁ DÉAN FÓTACHÓIP

## Foirm WP J B

**Lena húsáid i Scrúduithe na Sraithe Sóisearaí amháin**

Use this form if you are submitting a Word-Processed script, **AND YOU ARE ALSO** submitting a Returnable Question-and-Answerbook.

**Seachas sin, bain úsáid as Foirm WP J A.**

Ní mór duit foirm ar leith a úsáid do gach script a rinneadh ar Phróiseálaí Focal

**Le bheith comhlánaithe ag an Iarrthóir:**

**Scrúduimhir:** ☐☐☐☐☐

**Dáta Breithe:** ☐☐ / ☐☐ / ☐☐

Mar shampla cuirtear isteach 03 02 05 isteach don 3ú Feabhra 2005

**Ábhar** ☐

**Líon na Leathanach** (an bhileog chlúdaigh seo san áireamh) ☐

| **Leibhéal** | |
|---|---|
| Ardleibhéal | ◯ |
| Gnáthleibhéal | ◯ |
| Comhleibhéal | ◯ |

| **Freagraíodh as** | |
|---|---|
| Béarla | ◯ |
| Gaeilge | ◯ |

**Le bheith comhlánaithe ag an Iarrthóir**

**Stampa an Ionaid**

# Aguisín 11 – An Trucail Láimhe a Úsáid


Tá dearadh infhillte ina sábháiltear spás ag **An Trucail Láimhe Infhillte** a cuireadh ar fáil duit. Is féidir í a chur isteach go héasca i spásanna beaga stórála i.e. Bosca plaisteach stáiseanóireachta glas nó i mbúit cairr.

Tá sí déanta as Alúmanam & PVC agus tá strapa leaisteach inti le hualaí a dhaingniú.

- Chun an hanla a shíneadh, fáisc an dá ghreim hanla phlaisteacha le lámh amháin agus sleamhnaigh suas an hanla go dtí go ndéantar é a ghlasáil.
- Tarraing anuas an cosphláta chun teagmháil a dhéanamh leis na rothaí. Tá buinsí banda leaisteach in éineacht leis chun cuidiú le hualaí a dhaingniú.
- Tá cosphláta íseal inti atá in ann dul faoi bhoscaí nó málaí go héasca chun suas le 80kg a ualú ar leibhéal na talún. (Níl sí oiriúnach don staighre)
- Chun í a fhilleadh suas, brúigh an hanla síos agus sleamhnaigh an hanla isteach sa fhráma. Fill comhréidh an phláta tosaigh leis an bhfráma agus tarraingeofar siar na rothaí go huathoibríoch go dtí an suíomh stuáilte.
- Ná ró-ualaigh riamh agus bí cúramach i gcónaí nuair atá tú ag ardú rud ar bith.

**Aire: Crom do ghlúine (ní do choim) agus tú ag ardú rud ar bith agus seachain do chorp a chasadh**



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission